



2024



Ospidéal
Beaumont

Tuarascáí





RÁITEAS MISIN

Is Ospidéal Teagaisc Ollscoile é Ospidéal Beaumont arb é a mhisean an cúram is fearr is féidir a chur ar othair. Oibrímid le chéile chun forbairt agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an tslí a gcuirimid cúram ar fáil agus chun timpeallacht oibre na foirne a bhreisiú.

Ábhair

Rátaí freastail Bhord an Ospidéil	4
Banc & Comhairleoirí Dí	5

Tuascálacha

Cathaoirleach an Bhoird	6
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	7
Bord Feidhmiúcháin Míochaine	8
Straitéis Beaumont	9

Stiúrtóireachtaí Corparáideacha

Cáilíocht & Sábháilteacht Othar	11
Altranas	16
Airgeadas & Soláthar	18
Acmhainní Daonna	19
TFC	22
RCSI Ollscoil na Míochaine agus na nEolaíochtaí Sláinte	24
Obríochtaí & Feidhmíocht	28
Pleanáil Mórtheagmhais	30

Stiúrtóireachtaí Cliniciúla

Cúram Criticiúil & Ainéistéitic	31
Íomháithe & Raideolaíocht Idirghabhálach	33
Míochaine Saotharlainne	35
Míochaine	41
NeuroCENT	48
Transphlandú, Úireolaíocht & Neifreolaíocht	51
Máinliacht	58
Míochaine Éigeandála	60
An Stiúrtóireacht Ailse	61
Seirbhísí Cliniciúla	63
Seirbhísí Ginearálta	66

Áiseanna

Seirbhísí Teicniúla	70
---------------------	----

Foilseacháin/Léirithe

72

Aguisín

Cairt Eagraíochtúil	78
Foireann Comhairliúcháin	79

Comhaltaí Bhord Ospidéal Beaumont - Freastal ar chruinnithe 2024

Ainm	Arna ainmniú ag	Téarma Oifige	Cruinnithe den Bhord ar freastalaíodh orthu in 2020	
			Líon ionchasach na gcruinnithe le freastal orthu 2024	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu 2024
Ms Pauline Philip	An Aire Sláinte	14.10.22 - 19.06.23 19.06.23 - 19.06.26	6	12
An tOllamh Patrick Redmond	RCSI	17.04.23 - 17.04.26	6	11
An tOllamh Michelle Butler	DCU	17.04.23 - 17.04.26	6	12
Ms Bernice Ruane	An Aire Sláinte	28.04.21 – 28.04.24 29.04.24 – 29.04.27	6	10
Mr Kieran Kelly	A Aire Sláinte	17.08.23 - 17.08.26	6	12
An Dr John Lathan	ICGP	27.09.23 - 16.04.26	6	11
Mr Mark Jacob	An Aire Sláinte	23.10.24 - 23.10.27	2	2
Ms Elmarie Van Breda	An Aire Sláinte	23.10.24 - 23.10.27	2	2
Ms Eleanor Farrell	An Aire Sláinte	23.10.24 - 23.10.27	2	1
Edel Moloney	An Aire Sláinte	23.10.24 - 23.10.27	2	2
An Cllr James Humphreys	Comhairle Contae Fhine Gall	23.10.24 - 18.06.26	2	1
Mr Kevin O'Donovan	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath	29.04.21 - 29.04.24	4	5
Ms Loretto Callaghan	An Aire Sláinte	29.04.21 – 29.04.24	3	5
Ms Louise McMorrow	An Aire Sláinte	29.06.21 – 29.06.24	3	5

Comhaltaí Bhord Ospidéal Beaumont 2021 - 2023 - Freastal ar chruinnithe

Ainm	Arna ainmniú ag	Téarma Oifige	Cruinnithe den Bhord ar freastalaíodh orthu in 2023	
			Líon ionchasach na gcruinnithe le freastal orthu 2023	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu 2023
Mr Henry McGarvey	An Aire Sláinte	29.06.17 -29.06.20 29.06.20 - 29.06.23	3	4
An tOllamh Paul McNally	RCSI	17.04.20 - 17.04.23	3	3
An Dr Gerard Moore	DCU	17.04.20 - 17.04.23	3	3
An Cllr Daryl Barron	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath	19.06.20 - 19.06.23	3	6
D'éirigh an Dr Richard Aboud as a Phost 08.05.23	Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann	13.03.23 -16.04.23 17.04.23 - 17.04.26	3	2

BANC

Banc na hÉireann,
19 An Phríomhshráid,
Sord,
Co Bhaile Átha Cliath,
Éire

COMHAIRLEOIRÍ DLÍ

Byrne Wallace
88 Sráid Harcourt,
Baile Átha Cliath 2



TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH



Pauline Philip
Cathaoirleach an Bhoird

Is é an uaillmhian bhunúsach atá i réim in Ospidéal Beaumont cúram eiseamláireach a chur ar fáil d'othair chónaithe agus d'othair sheachtracha sa phobal áitiúil i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath; agus a bheith ina lárionad barr feabhais do sheirbhísí náisiúnta lena n-áirítear néaramháinliacht agus néareolaíocht, trasphlandú duánach, agus cúram ionphlanduithe cochla.

Le linn 2024, agus muid i mbun oibre i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, ba é ár bpríomhfhócas mar Bhord an Ospidéil an fhoireann ardbhainistíochta a dhaingniú, plean straitéiseach 5 bliana an ospidéil a chur chun cinn, agus a chinntiú go dtugtar tús áite i ngach a ndéanaimid do chúram atá dírithe ar an othar.

Mar a leagfar amach ar shlí níos miontuairiscithe sa tuarascáil seo, bhí roinnt spriocanna dúshlánacha le comhlíonadh in 2024. Ba é an chéad cheann ná ár bhfreagairt ar thionchar Straitéis Pá agus Uimhreacha FSS, na srianta sin ar earcú foirne a chur san áireamh agus a chinntiú ag an am céanna nach raibh aon tionchar diúltach acu ar chúram othair trínár gcuid conairí othair a athshainiú agus díriú ar tháirgiúlacht. Ag an am céanna, léiríonn an tuarascáil tiomantas leanúnach dár gconairí cliniúla caighdeánacha chomh maith le conairí nua a athshainiú agus a chruthú chun cúram ardchaighdeán a chur ar fáil, rud a léiríonn ár n-uaillmhian chun sármhaitheas a bhaint amach.

Toradh an-dearfach ab ea é roinnt forbairtí a fheiceáil á dtabhairt chun críche amhail: Oibrídlann Hibrideach, Barda Lae Imdhíoneolaíochta, Barda Geimhridh agus Scanóir Sheomra Raideolaíochta 12. Ba thionscnaimh iad seo uile trínár féachadh leis an gcúram agus an toradh is fearr a bhaint amach dár n-othair.

Tá bród ar Ospidéal Beaumont i gcónaí gurb é Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) a phríomhpháirtí i dtaca le hoiliúint dochtúirí, taighde agus cúrsaí acadúla. Tá ról lárnach ag an gcomhpháirtíocht thábhachtach seo, ní hamháin i dtaca le gairmithe cúram sláinte a oiliúint, ach ina theannta sin, i dtaca le seirbhísí cliniúla dea-chleachtais a chur ar fáil dár n-othair, trí ranna acadúla RCSI agus trí thaighde atá lonnaithe ar champas

Beaumont. Tá meas mór againn air, i bhfianaise na tacaíochta suntasaí a léirigh Coláiste Ríoga na Máinleá d'Ospidéal Beaumont agus straitéis 5 bliana an ospidéil á cur chun cinn.

Rinneadh dlúthchuid de Réigiún Cúraim Sláinte nua Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh ó Mhárta 2025 d'Ospidéal Beaumont agus tá go leor buntáistí spreagúla agus geallta ag baint leis an lánpháirtíocht nua seo d'othair trí chur chuige cúraim atá dírithe ar an duine trína gcumasaítear comhpháirtíochtaí níos fearr leis an bpobal agus le cúram sóisialta.

Ba bhliain dhúshlánach í seo dár n-acmhainní, idir acmhainní daonna agus oibríochtúla. Cé gur cuireadh fáilte mhór roimh fhorbairtí ar sheirbhísí mar a leagtar amach thuas, tá géarghá le hinfheistíocht chaipitil i seirbhísí na Roinne Éigeandála, acmhainn bhreise leapacha agus leathnú spáis dár Seirbhísí Néareolaíocha chun freastal ar riachtanas atá ag fás i gcónaí inár bpobal agus inár réigiún. Leanfaidh an Bord de bheith ag moladh leibhéil chuí infheistíochta, idir chaipiteal agus ioncam, ionas gur féidir leis an ospidéal na leibhéil seirbhíse a theastaíonn ónár bpobal agus atá ag dul dóibh a choinneáil agus a mhéadú go sábháilte.

I rith na bliana, chuireamar fáilte roimh bhaill nua ar an mBord, de réir mar a d'éirigh iar-chomhghleacaithe as a ról. Cuirimid fáilte roimh raon taithí agus scileanna ár gcomhaltaí nua agus roimh a ndíocas tacú le hOspidéal Beaumont, leis an bhfoireann agus thar aon rud eile leis na hothair. Rinneadh iarrachtaí suntasacha i mbliana díriú ar fheabhsú ár bpróisis rialachais chun tacú le seachadadh agus chun caighdeán náisiúnta a chomhlíonadh.

Tá níos mó ná foirgneamh i gceist le hOspidéal Beaumont. Is córas casta seirbhísí agus tacaíochta é don phobal agus don réigiún a bhfreastalaíonn sé air, a chuirtear ar fáil gach aon lá trí bhithin foirne a léiríonn gairmiúlacht, comhbhá, cineáltas agus tiomantas don chúram. Leagtar amach sa tuarascáil seo obair na bhfoirne sin agus ba mhaith liom, thar ceann ár bpobail, ár réigiúin agus Bhord Ospidéal Beaumont, ár mbuíochas agus ár meas ó chroí a chur in iúl dóibh.



Anne Coyle
Príomhfheidhmeannach

RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ba bhliain ghnóthach eile é 2024 don uile dhuine ag Ospidéal Beaumont. I mo chás féin, chuaigh mé isteach san Ospidéal mar Phríomhfheidhmeannach (PF) i mí Lúnasa 2024, agus chuir mo chomhghleacaithe san Ospidéal agus i bhFeidhmeannas na Seirbhíse Sláinte in Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn fáilte mhór romham.

Ba é an rud ar thug mé tús áite dó ar theacht isteach san ospidéal dom díriú ar an meath a chonacthas ar Chúram Práinneach agus Éigeandála, go háirithe an méadú ar an éileamh ar an ospidéal a bhainistiú agus acmhainneacht bhorrtha an ospidéil a mhéadú. Bhain an tOspidéal é seo amach trí 14 leaba nua acmhainneachta bhorrtha a chruthú. Críochnaíodh sa ráithe dheireanach an an earcaíocht do bhuan-Stiúrthóir Altranais agus tabhairt isteach ról an Phríomhoifigigh Oibriúcháin. Le linn 2024, chuir an tOspidéal fáilte roimh 5 chomhalta nua den Bhord nua agus trí chathaoirleach nua ar fho-choistí. Agus mé ag glacadh leis an bpost, b'údar suaimhnis dom na hiarrachtaí a bhí déanta ag foireann an ospidéil chun clocha míle agus uaimhianacha ag bliain 1, bliain 3 agus bliain 5 de straitéis an Ospidéil "Cúram Sármhaith a Bhaint Amach le Chéile 2025-2030" a chomhlíonadh. Ba dheis é an próiseas seo chun ár misean, ár bhfís agus ár bpríomhluachanna maidir le sármhaitheas, comhbhá, meas agus cúram ardchaighdeán dírithe ar an othar a léiriú agus a bheachtú, agus an áit ar cheart aird agus acmhainní a dhíriú a leagan amach. Bhí paisean, díocas agus tiomantas le brath sna baill foirne a casadh orm le linn m' ionductaithe ó thaobh riachtanais ár bpobail, ár n-othar agus na foirne anois agus feasta, a chomhlíonadh. Ba mhaith linn daoine a bheith an-bhródúil as bheith fostaithe in Ospidéal Beaumont agus díocas orthu dul i mbun oibre in Ospidéal Beaumont.

Saintréith i mbliana ab ea an méadú ar an éileamh ar ár seirbhísí agus freagairt an Ospidéil ar an dúshlán seo laistigh dár n-uasteorainn comhaontaithe ar phá agus uimhreacha. In 2024, scoireadh grúpa Ospidéal RCSI ó mhí Dheireadh Fómhair, ach lean an t-ospidéal air ag obair go dlúth le FSS trí na struchtúir réigiúnacha agus Limistéar Sláinte Comhtháite atá ag teacht chun cinn. Tá caidreamh comhoibríoch á chothú, bunaithe ar fhócas comhroinnte ar riachtanais ár n-othar agus ár bpobal a chomhlíonadh.

B'údar imní i gcónaí é an bonneagar agus rinneadh an riosca a ghabháil ar chlár riosca an ospidéil. Tá sé tábhachtach, áfach, tagairt a dhéanamh do na forbairtí móra agus don leathnú seirbhíse a chonacthas in 2024 a thabharfaidh buntáistí don fhoireann agus d'othair, go háirithe seomra lae raideolaíochta, barda lae imdhíoneolaíochta, áis nua taifead leighis, óbradlann hibrídeach agus athdhromchlú chríochfort bus agus carrchlós an ospidéil. Cuireadh feabhas ar go leor de na scéimeanna seo trí thabhartais ó Charthanacht Fhondúireacht Beaumont. Gabhaim buíochas leis an uile dhuine a chabhraigh chun é sin a dhéanamh.

Bliain dhúshlánach eile atá romhainn. Is údar mórtais dom a bheith im' PF ar Ospidéal Beaumont. Tá tábhacht le gach ball dár bhfoireann ach ba mhaith liom buíochas pearsanta a ghabháil lenár bhfoireann ceannaireachta, ár mBord, as cabhrú linn bliain éachtach eile a bhaint amach. Táimid thar a bheith buíoch freisin dár ngrúpa oibrithe deonacha, grúpa atá ag dul i líonmhaire i gcónaí, a chuireann a gcuid ama luachmhaire ar fáil dúinn chun ár sár-raon seirbhísí a choinneáil.



BORD MÍOCHINE BEAUMONT



An tOllamh Sam McConkey
Cathaoirleach an Bhoird Míochaine

Réamhrá

Tá Bord Leighis Ospidéal Beaumont ag díriú ar spásanna fisiciúla nua agus níos fearr a thógáil inar féidir cúram a chur ar ár n-othair. Tá na comhairleoirí uile ar aon fhocal nach leor ná optamach ár spásanna reatha. Gan athrú suntasach, feabhsuithe agus infheistíocht sna spásanna fisiciúla ní bheidh an eagraíocht in ann íosriachtanais cúraim othar a chomhlíonadh sna 1-5 bliana atá romhainn. Dá bhrí sin, ceann de na saincheistean is práinní don Bhord Leighis spás fisiciúil leordhóthanach do chúram othar a chur ar fáil. Creidimid go láidir go mbeidh tionscadal tógála substaintiúil nua amháin in aghaidh na bliana de dhíth ar Ospidéal Beaumont sna chéad 10 mbliana eile díreach leis na bunriachtanais a chomhlíonadh. Tá dul chun cinn suntasach agus inláimhsithe sa treo seo feicthe againn le bliain anuas.

Céimeanna

Chun codanna d'ospidéal a thógáil is gá céimeanna seicheamhacha ach idirghníomhacha, máistirphlean, staidéar féidearthachta, comhairliúchán le geallsealbhoirí, anailís ar an tionchar ar fhuinneamh, ar an gcomhshaol agus ar ghnéithe eile, dearadh mionsonraithe, ceanglais tairisceana, cead pleanála, obair chumasúcháin, tairiscintí, tógáil, feistiú agus coimisiúnú.

Gníomhaíocht

Bhí cruinnithe againn le roinnt Teachtaí Dála áitiúla, airí, ionadaithe rialtais áitiúil chun aird a dhíriú ar an ngá atá le spásanna nua in Ospidéal Beaumont.

Tá cúram ar fho-choiste nua de chuid Bhord Beaumont anois tionscadail forbartha caipitil a threorú agus a stiúradh. Tá méadú agus neartú déanta ar chumas inmheánach na foirne in Ospidéal Beaumont chun dul i mbun measúnú, dearadh, conarthaí, fo-chonarthaí, tairiscintí, agus bainistiú an chaidrimh le conraitheoirí móra, le FSS, leis an Roinn Sláinte agus le geallsealbhoirí seachtracha agus inmheánacha eile i gcás tionscadal tógála caipitil.

Aithnítear go sainráite i straitéis nua Beaumont an gá atá le spásanna nua, lena n-áirítear 200 leaba nua d'othair chónaithe, chun freastal ar riachtanais na ndaoine a bheidh in abhantrach Beaumont i gceann 10 mbliana.

Buaicphointí

Tá na tionscadail seo a leanas á dtógáil: aonad Fibróise Cistí 20 leaba d'othair chónaithe, spás do scanóir CT nua sa Roinn Éigeandála, barda lae raideolaíochta idirghabhála 6 leaba, suiteáil aláram dóiteáin agus soilsiú éigeandála, feabhsuithe ar rialú ionfhabhtuithe agus ar shláintíocht.

Tá tairiscintí á lorg chun athchóiriú a dhéanamh ar Theach Rockfield, Teach Beaumont agus Teach Naomh Áine. Cumasóidh sé seo oifigí riaracháin agus bainistíochta a aistriú óna suíomhanna reatha chun gur féidir spásanna cliniciúla eile a chur ar fáil sa todhchaí.

Tá na tionscadail seo a leanas ag céim an deartha mhionsonraithe: Ath-ailíniú bóthar inmheánach, carrchlós ilstórach nua, ionad raideolaíochta in Ospidéal Lósaf lena n-áirítear 3 sheomra ultrafhuaimne, 4 sheomra X-gha, CT agus MRI, roinn éigeandála nua, clochar Beaumont a fháil agus 119 oifig riaracháin a dhéanamh, ionad fuinnimh nua, bonneagar leictreach, fo-stáisiún, gineadóirí, cáblaí fothaithe, agus cóiríocht 95 leaba d'othair chónaithe ar 5 urlár.

Tá na tionscadail seo a leanas ag céim na féidearthachta dearaidh: roinn ionscópachta nua 2 stór le 7 sheomra, agus aonad cúraim chriticiúil nua 64 leaba.

Conclúid

Tacaíonn an Bord Leighis go láidir leis na forbairtí seo, agus ba mhaith leis dul i mbun oibre chun iad a chur ar fáil a luaithe is féidir, toisc géarghá a bheith leo. Tuigimid gur gníomhaíocht 10-13 bliana í seo, ach oibreoimid chun gach ceann de na tionscadail forbartha caipitil thuasluaite a choinneáil ag bogadh ar aghaidh go dtí céim an chríochnaithe a thapúla aus is féidir i bhfianaise na dtosca atá faoinár smacht againn.



PLEAN STRAITÉISEACH OSPIDÉAL BEAUMONT 2025 - 2030

Forbairt Phlean Straitéiseach Ospidéal Beaumont 2025 - 2030 Cúram Sármhaith a Bhaint Amach le Chéile

Le linn 2024, thug Ospidéal Beaumont forbairt a Phlean Straitéisigh nua 2025-2030 chun críche, obair a bhí bunaithe ar chlár pleanála straitéisí struchtúrtha ar cuireadh tús leis in 2023 agus a dearadh chun a chinntiú go mbeidh ar chumas an ospidéil freastal ar riachtanais athraitheacha na n-othar, na foirne agus chóras cúram sláinte ginearálta na hÉireann sna chéad chúig bliana eile amach romhainn.

Ba phróiseas cuimsitheach, uilechuimsitheach agus fianaise-bhunaithe é forbairt na straitéise, faoi stiúir Bhord an Ospidéil agus an Ghrúpa Bainistíochta Feidhmiúcháin, le tacaíocht ó Fhoireann Bainistíochta Tionscadail a tiomnaíodh d'Fhorbairt na Straitéise. Bhí socruithe láidre rialachais agus tiomantas soiléir do rannpháirtíocht, trédhearcacht agus comhchruthú mar bhonn leis an gcur chuige.

Cur Chuige Struchtúrtha Ceithre Chéim

Cuireadh an próiseas pleanála straitéisí i gcrích i bhfoirm ceithre chéim ar leith a raibh leibhéal ard an-idirnasachtachta eatarthu:

- 1. Bunú agus Rialachas** - Struchtúir rialachais láidre, ról agus freagrachtaí soiléire, agus plean tionscadail mionsonraithe a bhunú mar threoir don phróiseas forbartha agus chun cuntasacht a chinntiú ó thús deireadh.
- 2. Tuiscint ar ár Seasamh Straitéiseach** - Measúnú a dhéanamh ar ról reatha Ospidéal Beaumont laistigh de chóras cúram sláinte na hÉireann trí anailís a dhéanamh ar dhéimeagrafaic daonra, ar an éileamh ar sheirbhísí, gníomhaíocht an ospidéil, treo an bheartais náisiúnta agus ar an timpeallacht ghinearálta sláinte agus cúraim shóisialta.
- 3. Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Aithint** - Treo an ospidéil amach anseo a shainiú mar aon

leis na príomhthosaíochtaí is gá chun cúram ardchaighdeán, sábháilte agus inbhuanaithe a chur ar fáil.

- 4. Pleanáil agus Seachadadh Gníomhaíochta** - Sraith chuimsitheach cuspóirí straitéiseacha agus pleananna gníomhaíochta mionsonraithe a chur i dtoll a chéile chun tacú le cur i bhfeidhm agus le dul chun cinn intomhaiste.

Éisteacht le hOthair, le Baill Foirne agus le Páirtithe Leasmhara

Cuid lárnach d'fhorbairt na straitéise ab ea dul i mbun cumarsáide le hothair agus le baill foirne. Comhlánaíodh léargais ón Suirbhé Náisiúnta ar Thaithí Othar le seisiúin rannpháirtíochta tiomnaithe d'othair, ionas gur chuala an t-ospidéal go díreach ó othair faoina dtaithí agus a n-ionchais.

Ár 7 dTosaíocht Straitéiseacha



Scotheispéireas d'othair a chinntiú trí chúram dírithe ar an todhchaí, cumhachtú agus folláine foirne, oideachas ar chaighdeán domhanda agus taighde ceannródaíoch

Reáchtáladh breis is 150 seisiún forbartha straitéise duine le duine ar fud stiúrthóireachtaí agus ranna seirbhísí cliniciúla, agus suirbhéanna foirne agus seisiúin eolais mar thaca leo. Ina theannta sin, chuathas i mbun cumarsáid sheachtrach go forleathan le dochtúirí teaghlaigh, comhpháirtithe scaoileadh abhaile, ionadaithe polaitiúla, comhghleacaithe réigiúnacha agus náisiúnta FSS, agus comhpháirtithe acadúla RCSI agus DCU. Chinntigh sé seo go léiríonn an straitéis dearcthaí iad siúd a úsáideann seirbhísí Ospidéal Beaumont, a chuireann na seirbhísí sin ar fáil, agus a bhfuil comhpháirtíochtaí seirbhíse againn leo.

Tosaíochtaí agus Cuspóirí Straitéiseacha

Tríd an bpróiseas fairsing seo, sainithníodh seacht dtosaíocht straitéiseacha a threoróidh obair an ospidéal sna cúig bliana atá amach romhainn:

1. Ár nOthair
2. Ár nDaoine agus ár gCultúr
3. Ár Rialachas Cliniciúil agus Corparáideach
4. Ár mBonneagar Fisiciúil, Diagnóiseach agus Digiteach
5. Ár bPróifíl Seirbhíse Náisiúnta, Réigiúnaí agus Áitiúil
6. Ár gComhpháirtíochtaí Cliniciúla, Oideachais agus Taighde
7. Ár bhFeidhmíocht, ár dTairgiúlacht agus ár nInbhuanaitheacht



CÁILÍOCHT & SÁBHÁILTEACHT

Réamhrá

Tá an t-ospidéal freagrach as, agus tiomanta do, chur chuige córasach, inbhuanaithe a threorú agus a thacú chun cúram sábháilte, éifeachtach agus dírithe ar an duine a chur ar fáil dár n-othair.

Tá roinnt ranna ag stiúrthóireacht cáilíochta agus sábháilteachta an ospidéil, lena n-áirítear stiúrthóireacht Cáilíochta & Caighdeán, Rialachas Cliniciúil & Iniúcháireachta, Seirbhísí Riosca & Díl, Seirbhís Idirchaidrimh Chomhairleach d'Othair (PALS), Creidiúnú JCI, Sláinte & Sábháilteacht, Cothú na Sláinte agus Saoirse Faisnéise (SF) & Rochtain ar Shonraí.

In 2024, bhí an t-ospidéal ag obair i gcónaí le stiúrthóireachtaí cliniciúla agus ranna ospidéil ag díriú ar fheabhsú leanúnach chun a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin náisiúnta agus go seachadtar gníomhartha tosaíochta atá leagtha amach sa Chlár Cáilíochta & Sábháilteachta 2022-2027 faoi na ceithre cholún cáilíochta: Cúram Dírithe ar an Othar, Sábháilteacht,



Cúram Éifeachtach agus Sláinte & Folláine Níos Fearr.

Fíor 1: Plean Cáilíochta & Sábháilteachta Ospidéal Beaumont 2022-2027

Bhí tagarmharcáil á déanamh ag an ospidéal i gcónaí i gcomparáid le Caighdeáin Chreidiúnaithe an Choimisiúin Chomhpháirtigh Idirnáisiúnta (JCI) d'Ospidéil, agus úsáideadh na caighdeáin mar chreat d'fheabhsú leanúnach agus chun tacú tuilleadh le comhlíonadh na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr (HIQA, 2012).

Clár Iniúchta Cliniciúil

Áirítear le clár iniúchta cliniciúil an Ospidéal tionscadail iniúchta cliniciúla faoi stiúir an ospidéil chomh maith le hiniúchtaí cliniciúla a thionscnaítear go háitiúil a dtugann cliniceoirí aonair fúthu mar chuid dá bhforbairt agus dá bhfeabhsú gairmiúil leanúnach.


Buaicphointí Feidhmíochta

I rith 2024, bhí an Bainisteoir Iniúchta Cliniciúil ag obair go dlúth i gcónaí le stiúrthóireachtaí agus ranna sa phróiseas iniúchta cliniciúil, lena n-áirítear clárú agus modheolaíocht iniúcháireachta.

In 2024, cláraíodh 319 iniúchadh san iomlán, arbh ionann é agus 26.6 iniúchadh cláraithe in aghaidh na míosa ar an meán.

Ba é an príomhchuspóir a bhí le breis is trian de na hiniúchtaí go léir cúram a mheas i gcomparáid le caighdeáin shonracha, agus bhain 13% le hathbhreithniú a dhéanamh ar an toradh ar chúram d'othair. Iniúchtaí cógas-shonracha ab ea 14% díobh agus dhírigh 7% ar shástacht othair. Tá dul chun cinn déanta le ceithre bliana anuas chun a chinntiú go gcuirtear an oifig iniúcháireachta ar an eolas nuair a thugtar iniúchadh cláraithe chun críche agus cad iad na moltaí agus nó na feabhsuithe atá sainaitheanta agus atá á gcur chun cinn.

Léiríonn Fíor 2 feabhas bliain i ndiaidh bliana ó 2020. Le hachtú an Achta um Shábháilteacht Othar 2023 i Meán Fómhair 2024 agus an chosaint a thairgtear d'iniúchtaí cliniciúla, meastar go ndéanfar tuilleadh feabhsuithe ar rátaí fillte iniúchta in 2025.



Fíor 2: Céatadán na dtuarascálacha iniúcháireachta a cuireadh ar ais

Nochtadh Oscailte

Síníodh an tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha & Nochtadh Oscailte) 2023 ina dhlí i mBealtaine 2023 agus tháinig sé i bhfeidhm i Meán Fómhair 2024. I gcomhar leis an Acht seo, d'fhoilsigh FSS an Creat Náisiúnta um Nochtadh Oscailte (2023) a sholáthraíonn prionsabail fhorleathana agus a bhfuil sé mar aidhm aige cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn maidir le nochtadh oscailte ar an leibhéal náisiúnta.

- **Oiliúint:** Cuireadh tús in Iúil 2023 le hoiliúint éigeantach ar Chomhrá Nochtadh Oscailte. D'fhreastail 244 duine san iomlán ar na seisiúin seo go dtí deireadh na bliana 2024.
- **Nochtadh Oscailte a Dhoiciméadú:** I 2024, bhí an Coiste Feasachta agus Oideachais um Nochtadh Oscailte ag cur úsáid greamán nochtadh oscailte chun cinn i gcónaí, greamán ar a bhfuil na príomhphointí is gá ag cruinniú nochtadh oscailte mar threoir don fhoireann. Tar éis aiseolas a fháil, rinneadh na greamáin seo a nuashonrú agus forbraíodh pacáistí a cuireadh ar gach barda.
- **Seachtain Feasachta um Nochtadh Oscailte:** Eagraíodh an dara Seachtain Feasachta um Nochtadh Oscailte bliantúil ar siúl an tseachtain dar tosach an 7 Deireadh Fómhair 2024, le seastán feasachta.eolais, tráth na gceist foirne agus duaiseanna.

An 12ú Cruinniú Bliantúil um Cháilíocht agus Sábháilteacht Othar

Eagraíodh an 12ú Cruinniú Bliantúil um Cháilíocht agus Sábháilteacht Othar, arna eagrú ag an Roinn Iniúcháireachta Cliniciúil agus Rialachais Chliniciúil le tacaíocht ó fhoireann na Stiúrthóireachta Cáilíochta agus Sábháilteacht, an 13 Samhain 2024.

Ba é téama an chruinnithe ná “Tús Áite don Duine: Cúram Ardchaighdeán do Chách”. Faoi cheannas

an Uasail John Caird, Stiúrthóir Rialachais Cliniciúil, d'fhreastail breis is 250 toscaire ar an ócáid seo, lena n-áirítear ionadaithe othair ó Fhóram Taithí Othar an ospidéil.

Ba é 2024 an bhliain inar cuireadh an líon is airde achoimrí isteach (breis is 140). Roghnaíodh naoi dtionscadal lena gcur i láthair ar an ardán agus taispeánadh sna tionscadail seo an sárobair fheabhsúcháin atá ar siúl ar fud na stiúrthóireachtaí go léir ag díriú ar chúram sábháilte agus éifeachtach d'othair. Taispeánadh 120 cur i láthair póstaer thar dhá lá in Ionad an Oideachais.

An Roinn Sláinte & Sábháilteachta

Buaicphointí Feidhmíochta


- **Measúnú Riosca/Clár Riosca:** Lean an roinn dá chlár oibre chun treoir a éascú agus a chur ar fáil maidir le clár riosca a chur i dtoll a chéile ag leibhéal stiúrthóireachta agus roinne araon. Rinneadh roinnt measúnuithe riosca sláinte & sábháilteachta a chur i gcrích ar fud seirbhísí ospidéil éagsúla freisin lenar measúnaíodh rioscaí amhail eirgeanamaíocht, láimhsiú agus sábháilteacht ceimiceán.
- **Iniúcháireacht:** In 2024, rinneadh 140 iniúchadh sábháilteachta dóiteáin, lena n-áirítear iniúchadh ar champas Ospidéal Iósaf. Rinneadh an t-iniúchadh bliantúil DGSA ar Champas Iósaf ar an 10 Meitheamh 2024, agus rinneadh iniúchadh láithreáin Ospidéal Beaumont ar an 25 Meitheamh 2024. Níor aithníodh aon neamhchomhréireacht ar cheachtar láithreán.
- **Oiliúint**
- **Oiliúint i Láimhsiú Ábhar Neamhbheo:** D'fhreastail 419 ball foirne ar sheisiúin oiliúna láimhsithe ábhar neamhbheo sa seomra ranga agus eisíodh tuarascálacha comhlíontachta do stiúrthóireachtaí ranna.
- **Ionduchtú Corparáideach:** D'fhreastail 345 ball foirne nua ar 14 chlár ionductaithe corparáideach sláinte agus sábháilteachta ar líne.
- **Ceardlanna Clár Riosca:** D'fhreastail 80 ball foirne san iomlán ar cheardlanna.
- **Oiliúint do Mhaoir Dhóiteáin:** Cuireadh 58 seisiún ar fáil do bhaill foirne in 2024 – oileadh 423 ball foirne san iomlán.
- **Oiliúint Sábháilteachta in Earraí Géara (Baill Foirne Neamhchliniciúla):** D'fhreastail 234 ball foirne/foireann ar conradh ar 18 gcúrsa oiliúna.
- **Oiliúint do Chúntóirí Cúraim Sláinte:** Seoladh cúrsa oiliúna ionductaithe Sábháilteachta do

Chúntóirí Cúraim Sláinte le tosaitheoirí nua agus fostaithe reatha inar tugadh oiliúint ar réimsí sonracha riosca. D’fhreastail 22 cúntóir cúraim sláinte ar an oiliúint.

Straitéis Cumarsáide agus Comhairliúcháin

Seachtain Sláinte agus Sábháilteachta na hEorpa: Mhair an feachtas seo ón 25ú - 29ú Samhain 2024 agus ba é an téama “Iompraíocht a chuireann Dúshlán Fút, Ag tabhairt Aire Duitse agus do d’Othar”. Cuireadh faisnéis agus comhairle ar fáil don fhoireann maidir le hoiliúint, measúnú riosca, teagmhais agus tacaíochtaí teagmhais agus iad ag déileáil le teagmhais d’iompraíocht dhúshlánach. D’fhreastail breis is 350 ball foirne ar an seastán bolscaireachta.

Imscrúdú Anailíse Córais: Rinneadh Imscrúduithe Anailíse Córais ar theagmhais a bhí intuairiscithe don Údarás Sláinte & Sábháilteachta, gartheagmhais thromchúiseacha, teagmhais chontúirteacha (mar atá forordaithe ag an ÚSS), dóiteáin agus gortuithe neamhchliniciúla ó bhata snáthaide. In 2024, tuairiscíodh 56 eachtra don ÚSS arb ionann é agus 8% de theagmhais iomlána na bhfostaithe do 2024 agus ba iad na trí chineál teagmhais intuairiscithe ba líonmhaire iompraíocht dhúshlánach (30%), sleamhnú, tuislí agus titim (14%), teagmháil/imbhualadh (14%) agus láimhsiú (11%).



Fíor 3: Líon na dTeagmhas Intuairiscithe don ÚSS 2020 - 2024

An Roinn um Chothú na Sláinte

Buaicphointí Feidhmíochta

Clár Folláine agus Bainistíocht Struis d’Othair agus do Bhaill Foirne

Leathnaíodh an Clár seo d’othair, arna éascú ag an mBainisteoir um Chothú na Sláinte, chuig an bhfoireann in 2024. Is é béim an chlár cur chuige stíl mhaireachtála i leith na folláine a bhaint amach,

le haire ar leith ar nósanna sláintiúla itheacháin, gluaiseacht agus gníomhaíocht choirp, codladh, feachtas ar ghuaiseacha drugaí, caitheamh tobac agus alcóil, tacaíocht shóisialta agus nasc le daoine eile.

In 2024, d’fhreastail 49 rannpháirtí san iomlán ar an gclár iomlán, lena n-áirítear 8 mball foirne.


Seirbhísí Scoir den Tobac

In 2024, bhain 326 duine leas as an tseirbhís tacaíochta scoir den tobac. Bhain 186 othar leas as dianseirbhís scoir den tobac duine le duine. Deimhníonn anailís ar an gclár gur bhain 59% de na hothair a shocraigh dáta scoir leas as an gclár tacaíochta scoir den tobac. Fuair 140 duine eile tacaíocht teileafóin le comhairle ghearr agus cúnamh leanúnach chun iarracht ar scor a spreagadh agus seoladh litríocht ábhartha tríd an bpost le hatreoruithe chuig na Clinicí Pobail um Scor den Tobac le haghaidh tuilleadh tacaíochta leanúnaí.

Seirbhís Chomhairleach Idirchaidrimh d’Othair

Buaicphointí Feidhmíochta

Fuair roinn na Seirbhíse Comhairliúcháin Idirchaidrimh d’Othair 6,665 gearán in 2024. Chuimsigh sé seo 3,692 gearán céim 1, 695 gearán céim 2 agus 2,278 RFI.



Fíor 4: taispeántar % de ghearáin a dúndadh de réir PTF

Pleananna Feabhsúcháin Cáilíochta: Cumarsáid

- I rith 2024, lean roinn na Seirbhíse Comhairliúcháin Idirchaidrimh d’Othair de bheith ag díriú ar réimse na cumarsáide éifeachtaí. Tugadh faoi na tionscnaimh seo a leanas:
- Idirchaidreamh le foirne ábhartha chun a chinntiú go mbraitheann baill foirne go bhfuil tacaíocht acu agus iad ag déileáil le gearáin.
- Oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar ‘chumarsáid éifeachtach agus iad ag déileáil le gearáin’ ar fud an ospidéal.

- Ionduchtú corparáideach do bhaill foirne nua ar an bpróiseas gearán agus cumarsáid éifeachtach.
- Oideachas agus oiliúint a chur ar bhainisteoirí altraí mar chuid dá gcláir forbartha ceannaireachta.
- Tacaíocht agus comhairle leanúnach á gcur ar fáil do stiúthóireachtaí cliniciúla maidir le cumarsáid chuí agus éifeachtach.
- Clár na nOibrithe Deonach
- Chuir roinn na Seirbhíse Comhairlí Idirchaidrimh d'Othair tús le clár d'oibrithe deonacha laistigh den ospidéal ar mhaithe le seirbhís mhórluachmhar cabhrach a thabhairt d'othair agus do chuiditheoirí a fhreastalaíonn ar an ospidéal gach lá.
- Cuirfear feachtas earcaíochta ar aghaidh in 2025.

Creidiúnú an Choimisiúin Chomhpháirtigh Idirnáisiúnta (JCI)

Buaicphointí Feidhmíochta

- Suirbhé ar Chultúr Sábháilteachta Foirne ar fud an ospidéil ceaptha agus curtha i bhfeidhm.
- Foirne tionscadail feabhsúcháin cáilíochta ildisciplíneacha ceaptha le haghaidh gníomhaíochtaí feabhsúcháin cáilíochta agus iad dírithe ar chaighdeán fhadtéarmacha. ardtionchair.
- Spriocanna Idirnáisiúnta Sábháilteachta Othair curtha chun cinn ag Cruinniú Bliantúil Cáilíochta agus Sábháilteachta Othar Ospidéal Beaumont.
- Iniúchtaí éagsúla ospidéil forbartha, lena n-áirítear doiciméadú na roinne éigeandála, ceanglais aistrithe, sábháilteacht agus stóráil réimeanna cógas.
- Iniúchtaí ar thaifid cairte cúram sláinte altránais, míochaine & máinliachta a óstálar go leictreonach tugtha isteach.
- Tacaíocht tugtha chun próiseas ginearálta ospidéil a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mhionatúirí agus chun torthaí criticiúla a dhoiciméadú.

Cáilíocht & Caighdeán

Buaicphointí Feidhmíochta

Caighdeán Náisiúnta le haghaidh Cúraim Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr

Sheol an tÚdarás um Fhaisnéis & Cáilíocht Sláinte (HIQA) cigireacht dhá lá réamhfhógartha ar an 24 & 25 Meán Fómhair, tugadh cuairt ar cheithre limistéar chliniciúla agus ar an Roinn Éigeandála mar chuid den chigireacht.

Tá plean feabhsúcháin cáilíochta cuimsitheach curtha i dtoll a chéile ag an ospidéal ina ndírítear ar réimsí ina bhfuil an chomhlíontacht fo-optamach.

Grúpa Stiúrtha um Chosc Titime

Tá clár ilchodach i bhfeidhm atá mionsonraithe i mBeartas um Chosc Titime an Ospidéil agus é mar aidhm aige an baol titime i measc othar le linn a gcuid ama san ospidéal a laghdú.

I measc phríomhghnóthachtálacha an Ghrúpa in 2024 bhí:

- Athbhreithniú ar an oideachas/oiliúint atá ar fáil don fhoireann, le fócas leanúnach ar oideachas áitiúil a chur ar fáil.
- Tionscadail Feabhsúcháin Cáilíochta spriocdhírithe ar bhardaí áirithe.
- Feachtas um Fheasacht ar Thitim
- Athbhreithniú comhiomlán leanúnach ar shonraí titime chun faisnéis ábhartha a bhaint chun feabhsú a thiomáint.

Clár Feabhsúcháin d'Othrais Bhrú

Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa clár feabhsúcháin cáilíochta a cheapadh, a chur ar fáil, a chur chun cinn, a chur i bhfeidhm agus a mheas chun minicíocht na ngortuithe brú a tholgtar san ospidéal a laghdú.

Riosca agus Seirbhísí Dlí

Buaicphointí Feidhmiúcháin

Bainistíocht Teagmhas

In 2024, tuairiscíodh 6,263 teagmhas agus gabhadh iad ar chóras NIManna i gcomhréir le Beartas Bainistíochta Riosca an ospidéil agus le Creat Bainistíochta Teagmhas FSS, 2020. Léiríonn sé seo méadú 5% ar 2023. Tarraingítear gach teagmhas tromchúiseach anuas lena phlé ag cruinniú d'Fhoireann Athbhreithnithe ar Theagmhais Thromchúiseacha (SIRT) an ospidéil trína ndéantar maoirseacht ar bhainistiú teagmhas catagóir 1 agus 2, ar theagmhais thromchúiseacha intuairiscithe agus ar theagmhais tromchúiseacha.

In 2024, rinne Foireann SIRT athbhreithniú ar 156 cás, arbh ionann é agus méadú 21% ar 2023. Déantar Teagmhais Thromchúiseacha a tharraingt anuas agus a phlé tuilleadh ag Fóram Ardbhainistíochta Teagmhas Réigiún Ospidéal DNE FSS a sceidealaítear gach sé seachtaine. Éilíonn tosach feidhme an Achta um Shábháilteacht Othar 2023 i Meán Fómhair 2024 nochtadh oscailte i gcás liosta de 13 theagmhas sábháilteachta infhógartha othair. Leagtar amach san Acht liosta de theagmhais infhógartha nach mór a thuairisciú agus a nochtadh d'othar agus/nó dá dteaghlach. Faoi láthair, cuimsítear sa liosta teagmhais a mbíonn bás gan choinne nó bá neamhbheartaithe mar thoradh orthu. Déanfaidh an Roinn Bainistíochta Riosca teagmhais infhógartha a chur ar aghaidh chuig FSS agus HIQA.

Gníomhaíocht Chúirt an Chróinéara
Is feidhm lárnach den roinn tacaíocht agus treoir a sholáthar do bhaill foirne atá bainteach le céimeanna éagsúla de phróiseas an Chróinéara.

Go hachomhair, in 2024:

- Thuairiscigh 135 cróinéar bás infhógartha d'Oifig an Chróinéara;
- D'iarr an Cróinéir 244 tuarascáil/ráiteas leighis;
- Tugadh 30 fiosrúchán, ar fhreastail baill foirne orthu, chun críche.

Faillí Cliniciúil / Dlíteanas Fostaí & Éilimh Dlíteanais Phoiblí

Oibríonn an roinn go dlúth leis an bhfoireann, leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus le foirne dlí ábhartha chun éilimh dhlíteanais chliniciúla, fostaithe agus phoiblí agus damáiste maoine a bhainistiú. Laghdaigh líon na n-éileamh nua a cruthaíodh in 2024 de 10% i gcomparáid le 2023.

Year	Total Number of Open Claims at year end
2022	237
2023	236
2024	219

Fíor 5: Líon na n-éileamh oscailte ag deireadh bliana 2024

Punann Árachais

Tá an roinn freagrach as punann árachais an ospidéil agus as éilimh i gcoinne pholasaithe árachais an ospidéil a chomhordú agus cuairteanna suímh agus cigireachtaí a éascú agus a chomhordú.

Láithriú Cúirte


Tar éis thosach feidhme an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015, tá athrú suntasach tagtha ar an bpróiseas trína ndéantar cumas a mheas agus trína ndéantar iarratais ar orduithe cúirte maidir le cóireáil othar. Cuireann an roinn comhairle, tacaíocht agus éascú ar fáil don fhoireann chliniciúil chun an próiseas ceart a chinneadh i ngach cás aonair.

An Roinn um Shaoráil Faisnéise

Buaicphointí Feidhmiúcháin

Rochtain ar Shonraí

In 2024, fuair an Oifig Rochtana Sonraí 2,627 iarratas san iomlán agus phróiseáil sí 2,615 acu go rathúil (lena n-áirítear iarratais gan réiteach ón mbliaín roimhe sin), méadú de 225 iarratas a próiseáladh i gcomparáid le 2023.



Fíor 6: Líon na n-iarratas ar Rochaint ar Shonraí a fuarthas agus a próiseáladh

Saoráil Faisnéise

In 2024, fuair an Oifig um Shaoráil Faisnéise 671 iarratas san iomlán, agus aicmíodh 48 díobh mar iarratais neamhphearsanta. Phróiseáil an roinn freagraí ar 685 de líon iomlán na n-iarratas a fuarthas.




Figure 7: Líon na n-iarratas SF a fuarthas agus a próiseáladh

Taighde Dlí

Comhordaítear sa roinn seo bainistíocht ar an athbhreithniú dlíthiúil ar chomhaontuithe trialacha cliniciúla agus ar mholtaí lena gceadú ag an ospidéal.

In 2024, cuireadh 87 triail/staidéar cliniciúil isteach lena n-athbhreithniú, méadú de 20 ar 2023. Ceadaiódh 72 iarratas (lena n-áirítear athbhreithnithe gan chomhlíonadh ón mbliaín roimhe sin), 15 de mhéadú ar 2023.

Fógraí Báis

In 2024, phróiseáil an Oifig um Fhógraí Báis 1,121 cás san iomlán.



Réamhrá

Léirigh foireann altranais Ospidéal Beaumont a dtiomantas le linn 2024 do chúram othar ardchaighdeán agus sábháilte. Bhí altraí chun tosaigh i mórán athruithe agus próiseas feabhsúcháin ar fud an champais a d'fheabhsaigh cúram othar ar fud na stiúrthóireachtaí uile.

I mbliana, bhí líon suntasach dúshlán romhainn - riachtanais athraitheacha an phobail atá ag dul in aois i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath, na héilimh mhéadaitheacha ar ár seirbhísí ó othair ar fud an réigiúin agus go náisiúnta, agus oscailt acmhainne breise chun déileáil leis na héilimh mhéadaitheacha seo. Ba é an toradh orthu seo an dúshlán is mó ó thaobh leibhéal sásúil meascán scileanna a choinneáil inár lucht saothair i ngach réimse cliniciúil chun cúram ardchaighdeán sábháilte a chinntiú dár n-othair.

Pleanáil Straitéiseach Lucht Saothair

Chuaigh an ráta folúntais i bhfeabhas in 2024 agus tá sé beartaithe againn é sin a fheabhsú tuilleadh in 2025 le cur i bhfeidhm ár straitéise coinneála foirne. Thuairiscíomar freisin líon níos mó tosaitheoirí ná daoine ag fágáil faoi dheireadh 2024, rud a léirigh béim níos mó ar choinneáil foirne.

Tá comhpháirtíocht socraithe againn le Coláiste Dhúlaigh (áis oideachais áitiúil tríú leibhéal) chun tacú leis an gcúrsa Réamh-Altranais QQI leibhéal 5 chun deis a thabhairt do mhic léinn a socrúchán 60 uair an chloig riachtanach a chríochnú.

D'úsáideamar na naisc seo chun conaire earcaíochta a chruthú agus in 2024 d'fhostaíomar 2 mhac léinn go díreach tar éis dóibh a gcúrsa a chríochnú, agus tá sé beartaithe againn an líon sin a leathnú go 15 in 2025.

Lárionad Oideachais

Tá méadú de réir a chéile tagtha ar líon na mac léinn a ghlahtar isteach in Ospidéal Beaumont le cúig bliana anuas. Thosaigh 98 mac léinn céadbhlíana ar an gclár

céime altranais fochéime i Meán Fómhair 2024.

Comhghairdeas leis na 65 céimí a d'fhreastail ar shearmanas bronnta céime i mí na Nollag 2024 agus a fuair a suaitheantais ospidéil.

Creidiúnú NMBI do chlár iarchéime altranais.

Chuaigh Ospidéal Beaumont, i gcomhar le Scoil Altranais RCSI, faoi phróiseas creidiúnaithe le NMBI do chlár altranais iarchéime. Fuarthas creidiúnú.

Moladh foireann oideachais altraí Ospidéal Beaumont go háirithe as an tacaíocht shuntasach a thugann siad d'fhoghlaimeoirí agus as an nochtadh cliniciúil agus an saineolas a chuirtear ar fáil.

Áiríodh ar ghníomhaíocht oideachais do chúntóirí cúraim sláinte (HCA) a cuireadh i bhfeidhm in 2024:

- Seoladh MOL oideachais HCA ar Boris i mí an Mhárta 2024. Sna chéad trí lá tar éis an tseolta, logáil 30 ball foirne isteach agus d'fhéach siad ar ábhar éagsúil air.
- Seoladh leabhrán ionductaithe nuashonraithe do na HCAanna nua
- Tugadh faoi anailís ar riachtanais foghlama do na HCAanna
- Tugadh isteach gearrsheisiúin oideachais nua, seisiúin athnuachana agus lá staidéir le téamaí éagsúla gach mí, a cuireadh ar fáil ar iarratais ó na Cúntóirí Cúraim Sláinte agus na Bainisteoirí Cliniciúla Altranais araon.

Cúram Baile Beaumont

In 2024, aithníodh sa tseirbhís go raibh laghdú suntasach tagtha ar an bhfad tréimhse cónaithe i gcás othar (n=15) i gcomparáid le 2023 (n=29). Ghin an méadú ar an ráta athraithe laistigh den tseirbhís acmhainn mhéadaithe, ionas go bhféadfaí glacadh le hothair a tháinig chuig an Roinn Éigeandála agus a raibh pacáiste cúram baile gearrthéarmach de dhíth orthu chun tacú leo sa bhaile.

Sheachain sé seo iontráil neamhriachtanach isteach san ospidéal nó aistriú neamhriachtanach chuig seirbhís téarnaimh.

Ghlac an tseirbhís le hatreoruithe díreacha ó Pathfinders agus ó dhochtúirí teaghlaigh freisin, rud a sheachain líon mór iontrálacha isteach in Ospidéal Beaumont.

Chomhoibrigh seirbhís Cúraim Baile Beaumont le seirbhís Luath-Scaoilte Amach Ortaipéideach Beaumont freisin agus thug siad cúnamh do 19 othar lena ngníomhaíochtaí laethúla agus chuir an fisiteiripeoir agus an teiripeoir saothair athshlánú ar fáil i dtithe othar. Sheachain an tseirbhís seo daoine ag teacht san ospidéal ar bhonn neamhriachtanach ag fanacht le leapacha athshlánúcháin a bheith ar fáil in áiseanna lasmuigh den láthair.


Ardchleachtas Altranais

Rannpháirtithe agus láithreoirí an-ghníomhacha ab ea ardchleachtóirí altranais/cleachtóirí altranais is iarrthóirí i dtaighde, i bhfoilseacháin, i gcomhdhálacha idirnáisiúnta agus náisiúnta, i gcur i láthair póstaeir agus i dtionscnaimh nua in 2024. Áirítear ar na buaicphointí:


Seirbhís Lasmuigh d’Uaireanta Oibre

Ba bhliain ghnóthach eile í 2024 sa tSeirbhís Lasmuigh d’Uaireanta Oibre mar a léiríonn na sonraí seo a leanas:


Léiríonn an graf thíos, i gcoibhneas le sreabhadh othar, an ghníomhaíocht sna huaireanta oíche i gcodarsnacht le huaireanta an lae.



Léiríonn an graf thíos líon na n-othar a aistríodh san oíche, aistríodh 39 othar ar an meán in aghaidh na hoíche in 2024.



Léiríonn an graf thíos gníomhaíocht an aonaid dianchúraim thar oíche. Tháinig beirt ar an meán isteach san ospidéal gach oíche in 2024.



Le bliain anuas, d’fhreagair an fhoireann do líon ard atreoruithe, go háirithe chun tacú le bardaí a raibh othair ag dul in olcas iontu, othair a raibh staid chairdiacha agus géaruithe cliniúla eile acu.

Faoi láthair tá 2.5 coibhéis lánaimseartha (WTE) san fhoireann agus meastar go líonfar folúntas amháin go luath.



AIRGEADAS & SOLÁTHAR

Réamhrá

Thosaigh Ospidéal Beaumont 2024 le buiséad tosaigh de €469.7 milliún, laghdú €50.6 milliún ar an leithdháileadh deiridh in 2023. Tugadh isteach Teorainn Airgeadais de €570.2m in 2024, gan Pinsin ná Aoisliúntas san áireamh.

Bhí tionchar mór ag na costais bhreise a tabhaíodh mar thoradh díreach ar dhámhachtainí pá, boilsciú agus méaduithe praghaís ar an ngluaiseacht shuntasach sa leithdháileadh d'Ospidéal Beaumont. Chomh maith leis sin, comhaontaíodh agus cuireadh i bhfeidhm Comhaontú Pá na hEarnála Poiblí 2024-2026.

Tríd is tríd, ba bhliain airgeadais dúshlánach í 2024 a raibh easnamh eile mar thoradh air d'Ospidéal Beaumont, mar a mhionsonraítear i bhfíor 1.

Cuimsíonn an fhoireann Airgeadais feidhmeanna ar nós Cuntais Airgeadais, Cuntais Bhainistíochta, Cuntais Othair, Cuntais Iníochta, HIPE, TF Airgeadais, Tuarastail, Soláthar agus Soláthairtí.

Tá 91 coibhéiseach lánaimseartha ag feidhmiú ar fud na ranna éagsúla. Tá an roinn Airgeadais freagrach as monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar airgeadas an ospidéil agus as buiséid a shocrú ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, tá sé freagrach agus cuntasach as cruinneas, cáilíocht agus bailíocht na n-idirbheart airgeadais go léir agus as ráitis airgeadais mhíosúla agus reachtúla a tháirgeadh.

I measc phríomhfeidhmeanna na Roinne Airgeadais tá íocaíochtaí tuarastail foirne, sonrascadh agus bailiú airgid atá dlite agus próiseáil sonrasc agus íocaíochtaí soláthraithe.

Tá an Roinn Airgeadais freagrach freisin as a chinntiú go gcomhlíontar rialacha soláthair agus caiteachais agus as earraí agus seirbhísí a ordú, a admháil agus a sheachadadh ar fud an ospidéil. Cinntíonn an roinn soláthairtí go ndéantar earraí a ordú agus a fháil go tráthúil mar aon lena ndáileadh ar fud an tsuimh. Cinntíonn an roinn soláthairtí go ndéantar earraí a ordú agus a fháil go tráthúil mar aon lena ndáileadh ar fud an

tsuimh. Tá an roinn HIPE freagrach as códú a dhéanamh ar gach cairt d'othair chónaithe agus do chásanna lae chun léiriú cruinn ar nósanna imeachta an ospidéil a chinntiú.

Príomhthascairí Feidhmíochta

- Próiseáladh beagnach 6,000 fostaí agus pinsinéir go seachtainiúil, go coicísíúil agus go míosúil
- Próiseáladh 95,000 sonrasc iníochta
- Tá leibhéil chomhlíonta soláthair fós ag thart ar 94%.
- Chódaigh an roinn HIPE 132,000 scaoileadh amach
- Fuair siad €36.7m do Thionscadail Chaipitil
- Bhain an roinn Soláthair 46 críochnú amach

	2024 Iarbhír (€'m)	Teorainn Airgeadais (€'m)	Difríocht (€'m)	% difríochta
Pá	428.70	420.59	8.11	1.9%
Neamh phá	250.48	229.80	20.69	9.0%
Ioncam	-84.34	-80.18	-4.16	5.2%
Pá Glan	594.84	570.20	24.65	4.3%

Fíor 1: Achoimre ar Threorainn Airgeadais i gcomparáid le Iarbhír 2024 (gan Pinsin ná Aoisliúntas san áireamh)

Bliain ab ea 2024 inar cuireadh brú suntasach airgeadais agus dúshlán oibríochtúil faoi Ospidéal Beaumont, agus chonacthas tionchar méadaitheach ar phá, boilsciú agus costas maireachtála ag cur leis an easnamh iomlán. Chinntigh fócas leanúnach na roinne ar chruinneas, cuntasacht agus luach ar airgead gur coinníodh seirbhísí riachtanacha agus go ndearnadh infheistíocht chaipitil. Ag féachaint amach romhainn, tá an fhoireann tiomanta fós do bhearta srianta costais a chur i bhfeidhm, tuairisciú airgeadais a fheabhsú, agus tacú leis an ospidéal chun cúram inbhuanaithe, ardchaighdeán a sholáthar laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.



AN STIÚRTHÓIREACHT ACMHAINNÍ DAONNA

Réamhrá

Ag deireadh 2024, bhí 4,909 fostaí in Ospidéal Beaumont.

Príomhfhorbairtí

Chun Seirbhís Comhairleoireachta Foirne intí an Ospidéal a chomhlánú, agus chun cur leis an gcumas chun rochtain 24/7 a thabhairt ar thacaíocht do shláinte agus d'fholláine na foirne, d'infheistigh an t-ospidéal i seirbhísí soláthraí sheachtraigh Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) chun samhail hibrídeach a thairiscint, i gcomhréir le dea-chleachtas.

Seoladh Gnóthachtáil Feidhmíochta go foirmiúil, le sraith ceardlann agus tacaíochtaí praiticiúla, agus is tionscnamh lárnach é chun leanúint de rannpháirtíocht fostaíthe a chothú agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chothú.

Ghlac an Stiúirthóireacht Acmhainní Daonna páirt i raon coistí agus grúpaí oibre ar fud an ospidéal m.sh. Tionscadal Coral, an Coiste um Thacaíocht Faisnéise, Folláine & Oideachais, an Coiste Rialaithe Ionfhabhtuithe, an Coiste Pleanála & Monatóireachta Fliú, an Grúpa Comhairleach um Rochtain do Chách agus an Coiste um Chosaint Radaíochta, le hais léiriú a dhéanamh ar Chláir Cheannaireachta & Forbartha éagsúla, agus raon imeachtaí oiliúna áitiúla a chur ar fáil.

Faoi dheireadh 2024, bhí 81% de na Comhairleoirí tar éis clárú don Chonradh Comhairleora don Phobal Amháin 2023. Beidh an glacadh comhiomlán in aghaidh an ghrúpa speisialtachta ina phríomhchumasóir chun tacú leis na feabhsuithe seirbhíse agus an seachadadh cúraim a bhfuiltear ag súil leo faoin gConradh Comhairleora a bhaint amach.

Tá Ceannairí Oiliúna Leighis ceaptha chun tacú le struchtúir rialachais oideachais reatha agus chun iad a chomhlánú.

Bhí torthaí maithe ar an bpróiseas oiliúna iar-chreidiúnaithe a rinne Gnóthaí Máinliachta RCSI agus

Coiste na hÉireann um Oiliúint Leighis Éigeandála (ICEMT).


Liostaíodh Ospidéal Beaumont i measc na 150 Fostóir is Fearr in Éirinn do 2024, mar a foilsíodh sa Sunday Independent.

Buaicphointí Feidhmíochta

Pá & Inacmhainneacht

De réir bhearta feidhmíochta FSS, díriodh cuid mhór in 2024 ar spriocanna pá agus inacmhainneachta, go háirithe luachanna coibhéise lánaimseartha. Bhí nósanna imeachta rialaithe fostaíochta éifeachtacha á gcur i bhfeidhm i gcónaí de réir Chiorcláin ábhartha Bainistíochta Pá-Bhille FSS chun a chinntiú go ndearnadh anailís ar riachtanais leanúnacha i gcomparáid le tosaíochtaí seirbhíse.

Ag deireadh na bliana, ba é 4,546 coibhéis lánaimseartha líon iomlán na foirne. In 2024, mhéadaigh líon na bhfostaithe de 47 coibhéis lánaimseartha (1%), lena n-áirítear poist Forbartha Seirbhíse Maoinithe Nua.



Fíor 1: Forbhreathnú ar Phróifíl an Lucht Saothair

Earcú & Coinneáil

Gné bhunúsach is ea seirbhís earcaíochta éifeachtach agus réamhghníomhach chun cuspóirí oibríochtúla agus cúram ardchaighdeán a chur ar fáil ar shlí shásúil dár n-othair. Le linn na bliana, d'oibrigh an fhoireann Earcaíochta i ndlúthchomhar le ranna agus bainisteoirí ospidéal ar thionscnaimh agus straitéisí nuálacha um ghnóthachtáil tallainne a bhí dírithe ar iarrthóirí a mhealladh go tráthúil chuig poist éagsúla ríthábhachtacha seirbhíse.

I gcomhthéacs an mhoratóire earcaíochta náisiúnta go déanach in 2023, agus na huasteorainneacha líon foirne ina dhiaidh sin a cuireadh i bhfeidhm faoi Straitéis Pá & Uimhreacha (PNS) 2024 FSS, tharla crapadh foriomlán 28% i gcás fostaithe nua bliain ar bhliain. Mhéadaigh na dúshlán earcaíochta agus coinneála, leis, mar gheall ar an gcostas maireachtála i mBaile Átha Cliath agus margadh iomaíoch san earnáil sláinte. D'ainneoin sin, d'éirigh leis an ospidéal 95% de chéimithe altranais a choinneáil in 2024. Bhí an treocht in athrú foirne (7.3%) ag laghdú i gcónaí i gcomparáid le blianta roimhe sin (10.8% in 2023), agus bhí líon na scor (88) cothrom go ginearálta le blianta roimhe sin. Maidir le hacmhainní daonna leighis, ceapadh 24 comhairleoir in Ospidéal Beaumont. Bhí gníomhaíocht earcaíochta NCHD bríomhar i gcónaí, lena n-áirítear riachtanais bhreise aitheanta, agus raon tionscnamh i gcomhar leis an gClár Náisiúnta Oiliúna Dochtúirí.

Baineadh úsáid as aiseolas ó fhostaithe ó agallaimh scoir chun straitéisí earcaíochta agus coinneála a threorú agus chun tacú le cruthú cultúir eagraíochtúil atá freagrúil i gcónaí do riachtanais fostaithe.

Sláinte & Folláine Foirne

Sláinte Cheirde

Is é misean na Roinne Sláinte Ceirde sláinte oibrithe a mheas agus a chur chun cinn i dtimpeallacht oibre shláintiúil, lena n-áirítear measúnú agus comhairle maidir le hoiriúnacht don obair i ndáil le coinníollacha sláinte bunúsacha, agus vacsaíniú i gcoinne galair is féidir a chosc le vacsaíniú, trína dtacaítear le foireann shláintiúil chun cúram ardchaighdeán a chur ar fáil d'othair.

San iomlán:

- méadú 18% ar líon na láithreachtaí fostaithe bliain ar bhliain,
- méadú 31% ar mheasúnuithe sláinte
- réamhfhostaíochta,
- laghdú 4% ar choinní vacsaínithe.

Seirbhís Comhairleoireachta Foirne

Chuir Seirbhísí Comhairleoireachta Foirne réimse

tionscnamh grúpa chun cinn in 2024 chun folláine agus féinchúram foirne a chur chun cinn, tacaíocht bhainistíochta a chur ar fáil, agus ionchuir shíceaoideachais a éascú, lena n-áirítear seisiúin ar aireachas agus ar spásanna féinchúraim.

Neamhláithreacht Fostaithe

D'oibrigh an fhoireann AD i gcomhar le bainisteoirí agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha ar fud na stiúrtóireachtaí agus na ranna go léir chun leibhéal láithreachta, folláine agus meanma na foirne a fheabhsú. Dírithe ar chosc, ar chur chun cinn agus ar athshlánú sa chur chuige i leith bainistíocht na neamhláithreachta.

Ba é 4.8% an meánráta neamhláithreachta don bhliain, rud a bhí beagán os cionn sprioc náisiúnta 4% FSS, cé go raibh sé i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta. Toradh amháin ar COVID ab ea an cultúr atá tagtha chun cinn i suíomhanna cúraim sláinte ina moltar don fhoireann gan teacht chun na hoibre má tá comharthaí breoiteachta orthu, ionas gur dúshlán é leibhéal neamhláithreachta réamh-COVID a choinneáil.

Comhlíonadh Threoir AE um Am Oibre

Bhí an tOspidéal ag infheistiú i gcónaí i dtionscnaimh a bhí dírithe ar chothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú dá dhochtúirí ospidéal neamhchomhairleacha i gcomhréir leis na forálacha reachtacha maidir le scíth agus uasmhéid uaireanta oibre seachtainiúla sa Treoir AE um Am Oibre, agus Comhaontú na nDochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéal 2022. Léiríonn athbhreithniú ar na meáin atrátha 3 mhí de réir uainíocht oiliúna ó thús deireadh 2024 (i gcomhréir le téarmaí Chomhaontú na nDochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéal) comhlíonadh foriomlán idir 80% agus 90%. Tá uainchláir á scrúdú i gcónaí ar mhaithe le dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí comhlíontachta.

Fostú Daoine faoi Mhíchumas

Tá cuóta fostaíochta 4.5% san earnáil phoiblí ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, i gcomhréir le forálacha reachtacha an Achta um Míchumas (2005), do dhaoine faoi mhíchumas, rud a bhain Ospidéal Beaumont amach in 2024. Cuirtear tuarascálacha, atá bunaithe ar nochtadh míchumais i measc na foirne reatha agus nua atá ag teacht isteach, ar fáil go bliantúil chun críche comhlíonadh a mheas i gcomparáid leis an sprioc seo. Déanann an tOspidéal monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an gceanglas reachtúil seo agus gníomhaítear go forásach chun tógáil ar an dul chun cinn go dtí seo trí straitéisí ionchuimsitheachta agus éagsúlachta.

Oideachas, Foghlaim & Forbairt

D'oibrigh an fhoireann Foghlama agus Forbartha leis an bhFoireann Feidhmiúcháin, bainisteoirí agus baill foirne ar fud na Stiúrthóireachtaí chun tacaíochtaí foghlama agus forbartha dinimiciúla, freagrúla a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais aonair, foirne agus seirbhíse.

Bunaithe ar anailísí ar riachtanais foghlama ar fud an ospidéal, agus i gcomhar le saineolaithe ábhair sna speisialtachtaí corparáideacha agus cliniciúla, tugadh faoi raon tionscnamh in 2024, lena n-áirítear cláir chreidiúnaithe bainistíochta, ceannaireachta agus forbartha foirne, i gcomhar lenár gComhpháirtithe Acadúla, Cáilíocht agus Dearbhú Cáilíochta Éireann (QQI) agus an Institiúid Bainistíochta Sláinte (HMI).

Fuair baill foirne i gcatagóirí róil éagsúla tacaíocht i bhfoirm saoire staidéir agus maoiniú páirteach i dtreo chostas an oideachais leanúnaigh in 2024 i gcomhréir le héiteas an ospidéal um fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus tugadh isteach tionscnaimh spriocdhírithe chun tacú le coinneáil foirne. Ba mhó ná €500K an méid a

chaith an t-ospidéal ar oideachas leanúnach trasna catagóirí foirne).

Bhí bliain ghnóthach eile ag BORIS (Acmhainn Ar Líne Beaumont le haghaidh Staidéar Idirghníomhach), atá lárnach do riar agus do sheachadadh chlár oibre oideachais, foghlama agus forbartha an ospidéal, agus críochnaíodh breis is 29,000 cúrsa ar líne.

I dtaca leis seo, cuireadh formáid nua sruthlínithe agus cumaiscthe i bhfeidhm le haghaidh ionductú corparáideach chun an taithí ionductaithe a shruthlíniú agus a fheabhsú.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir an tOspidéal fáilte roimh 100 mac léinn Idirbhliana (IB) ó scoileanna áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chuig an gclár bliantúil Idirbhliana. An Roinn Foghlama & Forbartha a threoraíonn Clár na hIdirbhliana, agus déantar é a dhearadh i gcomhar le comhghleacaithe in Altranais, Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus ónár gComhpháirtithe Acadúla.



TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE & CUMARSÁIDE

Réamhrá

Cuireann an Roinn TFC creat nuálach agus athléimneach Seirbhísí Faisnéise ar fáil chun tacú le gach gné de ghnó an Ospidéil. Áirítear leis seo córais TF chliniciúla agus chorpáraideacha, chomh maith le tacú leis an teicneolaíocht atá mar bhonn leis. Cuireann an roinn feidhm bainistíochta sonraí agus faisnéise gnó ar fáil do gach stiúrthóireacht chomh maith le bainistiú an bhonneagair teileafónaíochta don Ospidéal.

- Cothabháil agus tacaíocht do bhonneagar TF (líonraí, freastalaithe, críochphointí)
- Imscaradh agus comhtháthú bogearraí
- Slándáil agus comhlíonadh sonraí
- Oiliúint úsáideoirí agus tacaíocht theicniúil
- Pleanáil straitéiseach agus uasghráduithe córais

Ba bhliain shuntasach d'athruithe í 2024 don Roinn Ríomhaireachta in Ospidéal Beaumont, le dul chun cinn mór i mbonneagar digiteach, cibearshlándaíl, agus cur i bhfeidhm rathúil chóras faisnéise saotharlainne MedLIS mar an gcéad chéim de Thionscadal Coral (clár athsholáthair BHIS). Bhí na tionscnaimh seo rithábhachtach chun tacú le spriocanna straitéiseacha an ospidéil maidir le cúram othar a fheabhsú, éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú, agus sláine sonraí a chinntiú.

Ba é an chloch mhíle mhór a baineadh amach in 2024 ná cur i bhfeidhm iomlán chóras ordaithe agus torthaí Saotharlainne MedLIS – an chéad suíomh in Éirinn a chuir an Córas Náisiúnta Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne (LIMS) ar fáil. Cuireadh an tionscadal seo ar fáil i gcomhar le FSS agus bhí an méid seo a leanas i gceist ann:

- Sonraí saotharlainne oidhreacht a aistriú chuig MedLIS (breis is 400,000,000 taifead)
- Comhtháthú le córais Taifead Sláinte
- Leictreonach
- Oiliúint do bhreis is 300 ball foirne saotharlainne agus cliniciúil

- Tuairisciú uathobrithe agus seachadadh torthaí saotharlainne fíor-ama a chur i bhfeidhm

Bunaíodh clár Athsholáthair BHIS a luadh thuas go foirmiúil i Ráithe 4 2023 agus tugadh an t-ainm Tionscadal Coral air – is é seo an t-aon fhócas lasmuigh de BAU agus muid ag dul isteach in 2024 agus ag tógáil ar ár gclár claochlaithe atá dírithe ar athrú ó bhun a dhéanamh ar an tslí a gcuirtear cúram sláinte ar fáil ar fud an ospidéil – de réir mar a chuirimid córais nua in áit na gcroíchóras. Is deis é seo dúinn cleachtais agus próisis reatha agus ár modh oibre a fheabhsú le hais athsholáthar na gcroíchóras. Is gá 58 ball foirne san iomlán chun Tionscadal Coral a chur i bhfeidhm – agus ba cheart go mbeadh gach duine acu earcailte faoi dheireadh R2 2024.

Príomhthionscadail a Cuireadh i bhFeidhm le linn 2024

B'fhiú tagairt a dhéanamh do phríomhthionscadail áirithe de bhrí go raibh siad lárnach do chomhlíonadh chlár oibre faisnéisíochta sláinte san Ospidéal le linn 2024. Leagtar amach cuid de bhuaicphointí na gcóras cliniciúil thíos.

Réiteach téacsála ospidéil

I R4 2024, chuireamar Seirbhís Meabhrúcháin Coinní & Foláirimh nua i bhfeidhm trína ndéanfar:

- Rátaí Neamhfheastail a laghdú
- Taithí othar a fheabhsú
- Éifeachtúlacht oibríochtúil a mhéadú

Suíomh Gréasáin nua Ospidéil

Tógadh agus coimisiúnaíodh suíomh Gréasáin nua ospidéil le linn 2024. Tairgeann an suíomh athdheartha cuma úr, nua-aimseartha agus nascleanúint fheabhsaithe, ionas gur fusa do chuairoteoirí an fhaisnéis atá de dhíth orthu a aimsiú.

Córas Cúraim Cíche

Cuireadh Leagan 2.5 den Réiteach Cúraim Cíche i bhfeidhm, rud a léirigh dul chun cinn leanúnach ó thaobh bogearraí a fhorbairt chun tacú le digitiú idirghníomhaíochtaí othar cúram cíche leis an ospidéal.

Uasghrádú NCIS

Ghlac an t-ospidéal leis an uasghrádú is déanaí den Chóras Náisiúnta Faisnéise Ailse (NCIS), rud a chomhlíon caighdeán náisiúnta fad a bhí feidhmiúlacht nua a tugadh isteach le gach leagan á chur i bhfeidhm.

Feidhmiú Céimneach iNEWS

Cuireadh tús le feidhmiú céimneach tosaigh Chóras Náisiúnta Réamhrabhaidh na hÉireann (INEWS) ar fud an ospidéil. Cuireann an t-ardán KEWS 300 ar chumas na foirne cliniciúla ag stáisiún na n-altraí radharc a fháil ar gach scáileán de gach scór agus comhartha ríthábhachtach INEWS othair. Cuirtear stádas gach othair (bunaithe ar scór) i láthair i bhformáid dáthchódaithe atá éasca le measúnú agus bíonn an t-am atá fágtha go dtí an chéad taifeadadh INEWS eile le feiceáil go soiléir ar an scáileán.

Aistriú Uasghráduithe Bonneagair /Oibríochta Ríomhphoist go M365

Uasghrádú ríomhphoist go néal M365 trína gcuirtear acmhainn bosca poist níos mó ar fáil don fhoireann uile le hiontaofacht mhéadaithe.

Uasghrádú Vcentre

Rinneadh bogearraí bainistíochta freastalaí Vcentre a uasghrádú mar aon leis na córais oibríocháin ar 19 cinn d'óstaigh fhisiciúla.

Uasghráduithe ar Dheasca Seirbhíse

Uasghrádaíodh an deasc chabhrach TFC go réiteach néalbhunaithe a thugann infheictheacht níos fearr don úsáideoir agus a bhaineann le méadú ar fheidhmiúlacht chumarsáide agus seirbhís níos réidhe á cur ar fáil don ghnó.

Rialuithe Feabhsaithe ar Bhainistíocht Gléasanna Bainistíocht gléasanna InTune a bhunú – tugann sé infheictheacht agus rialú níos fearr don ospidéal ar ghléasanna soghluaiste TF.

Feidhmiú Céimneach an tSínithe Aonair

Rinneadh síniú aonair (SSO) a fheidhmiú go céimneach i bhformhór an ospidéil le linn 2024. Cuireann SSO ar chumas úsáideoirí logáil isteach le haitheantas aonair in aon cheann de roinnt córas bogearraí gaolmhara, ach neamhspleácha, rud a laghdaíonn an méid ama is gá d'aon úsáideoir a chaitheamh ag cur pasfhocal isteach. Tugann an réiteach seo rochtain níos éasca ar chórais d'úsáideoirí agus feabhsóidh sé an chibearshlándáil go mór ar fud an ospidéil. Is í Beaumont an t-úsáideoir SSO is mó in Éirinn.

Stáisiúin Oibre Shoghluaiste

D'imscaramar 50 BMW (stáisiúin oibre soghluaiste Beaumont), 100 PDA agus printéir shoghluaiste chun tacú le tabhairt isteach na gcóras nua faoi Thionscadal Coral (MedLIS go sonrach). Úsáidfidh na foirne cliniciúla uile iad seo chun rochtain a fháil ar fhaisnéis othar ag an bpointe cúraim.

Uasghrádú Córais DECT

Rinneadh uasghrádú mór ar ár gcóras teileafónaíochta IP teileafóin DECT chun iontaofacht, tacaíocht agus maoluithe cibearshlándála a chinntiú.

Teileafónaíocht DAKS in Ospidéal Íósaf

Suiteáladh córas teileafónaíochta éigeandála DAKS nua in Ospidéal Íósaf chun clúdach éigeandála ar an láthair a chinntiú.

Tástáil Treáite Líonra

Rinneamar cleachtadh tástála treáite ar na líonraí seachtracha agus inmheánacha, agus ar an líonra gan sreang chun leochaileachtaí a aithint a bhféadfadh gníomhaithe mailíseacha iad a shaothrú. Tugadh gníomhartha agus maoluithe chun críche i ndiaidh na tuarascála.

Córas Faisnéise Náisiúnta na Saotharlainne Leighis - Éacht Chloch Mhíle

Cuireadh Córas Faisnéise Náisiúnta na Saotharlainne Leighis, mar aon leis an fheidhmiúlacht ordaithe tástála saotharlainne do dhochtúirí teaghlaigh, i bhfeidhm ar an 17 Lúnasa 2024.



RCSI OLLSCOIL NA MÍOCHINE AGUS NA N-EOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE

Réamhrá

Mar Leas-Seansailéir RCSI, agus iar-Mháinlia Comhairleach Ginearálta agus Máinlia Soithíoch in Ospidéal Beaumont, is mór an t-ábhar mórtais dom forbheathnú a thabhairt ar rannpháirtíocht agus ar éachtaí RCSI in Ospidéal Beaumont i rith 2024.

RCSI in Ospidéal Beaumont

Is é Ospidéal Beaumont an príomhionad oiliúna agus taighde leighis fochéime atá cleamhnaithe le RCSI agus tá sé ar thús cadhnaíochta le breis agus 37 bliain ó thaobh na nglúnta de ghairmithe cúram sláinte todhchaí a oiliúint.

Tá ról lárnach ag ranna acadúla RCSI in Ospidéal Beaumont ó thaobh seirbhísí cliniúla a chur ar fáil laistigh den ospidéal. Is iad na ranna acadúla RCSI atá lonnaithe in Ospidéal Beaumont: na Ranna Máinliachta; Leighis; Paiteolaíochta; Síciatrachta; Micribhitheolaíochta Cliniúla; Radaeolaíochta; Ota-laraingeolaíocht / Máinliacht Cinn agus Muiníl; Ainéistéitice agus Cúriam Chriticiúil; Eolaíochtaí Néareolaíochta Cliniúla; agus Leabharlann RCSI Beaumont. Is in Ospidéal Beaumont atá Ionad Taighde Cliniúil RCSI agus an Institiúid um Thaighde Aistritheach.

Gabhaim mo bhuíochas ó chroí le ceannairí gach ceann de na haonaid seo agus a bhfoireann dhíograiseach, a chuir go mór le hoideachas agus rath na mac léinn le linn na bliana seo caite.

Trí Ionad Ailse Beaumont RCSI atá creidiúnaithe ag OECD, agus réimse comhpháirtíochtaí le cliniceoirí agus eolaithe trasna disciplíní, is féidir linn ár n-uaimhianta comhroinnte ó thaobh cúram othar den scoth a chur ar fáil a chur chun cinn trí thuiscint níos doimhne ar ghalair, comhbhá dár n-othair, agus tiomantas don tsochaí a bhfónaimid dóibh.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Méadracht	Toradh
Rangú Ollscoile Domhanda Times Higher Education 2023 maidir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe NA 3:	Uimhir a 5 ar domhan
Rangú Ollscoile Domhanda Times Higher Education 2024	An 300 is fearr
Foilseacháin RCSI (2024 PubMed indexed)*	1,650
Ioncam ó thaighde 23/24*	€ 35.7M

*Réamhfhigiúir

Buaicphointí Feidhmíochta

RCSI sa chúigiú háit ar domhan as ‘Dea-shláinte agus Folláine’ Ar fud RCSI, tá ár bpobal ag tiomáint tionscnamh agus ag gabháil do chomhpháirtíochtaí a bhfuil tionchar dearfach acu ar chúram sláinte agus ar an tsochaí. Mar thoradh ar na hiarrachtaí seo, choinnigh RCSI seasamh domhanda ceannródaíoch i rangú Times Higher Education (THE) 2024 as “Dea-Shláinte agus Folláine” (UNSDG 3), agus tá sé sa chúigiú háit ar domhan.

Tugann Rangabhálacha Tionchair Ollscoile THE aitheantas d’ollscoileanna ar fud an domhain as a dtionchar sóisialta agus eacnamaíoch bunaithe ar 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe.

Mar léiriú ar thiomantas RCSI sláinte phláinéadach a ionchorprú sa churaclam leighis, tá an scór is airde bainte amach ag RCSI as na hollscoileanna Éireannacha go léir sa Chárta Scóir Sláinte Pláinéadach don dara bliain as a chéile.

Léiríonn Rangú Ollscoileanna Domhanda QS de réir Ábhair 2024, den chéad uair, gur bhain Scoil an Leighis, Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí

Bithmhóilíneacha, agus an Scoil Altranais agus Cnáimhseachais uile áit amach sna 200 is fearr.

Léiríonn sé seo an obair chrua, an iarracht agus an comhoibriú leanúnach ó gach duine i bpobal RCSI.

Ceapacháin straitéiseacha

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Ollamh Hannah McGee, a chríochnaigh a téarma mar Leas-Seansailéir Ionaid fondúireachta um Ghnóthaí Acadúla i mí an Mheithimh. Bhí ról lárnach ag an Ollamh McGee in go leor éachtaí suntasacha a roinneadh idir RCSI agus Ospidéal Beaumont. Ba mhór an onóir dom oibriú i gcomhpháirtíocht le comhghleacaí chomh stuama sin, agus gabhaim buíochas léi as a rannpháirtíocht as cuimse. Tháinig an tOllamh Tracy Robson i gcomharbacht ar an Ollamh McGee mar Leas-Seansailéir Ionaid ar Ghnóthaí Acadúla, agus tá taithí mhórluachmhar le bronnadh aici ar an ról ceannaireachta seo.

Tá áthas orainn fáilte a chur roimh dhaoine a ceapadh mar chinn roinne agus scoile i rith na bliana. I mí na Bealtaine, ainmníodh an tOllamh Nuala Healy ina Cathaoirleach ar an Raideolaíocht, áit a mbeidh sí i gceannas ar Roinn Raideolaíochta acadúil RCSI agus í ag leanúint lena cuid oibre rithabhachtach mar raideolaí comhairleach in Ospidéal Beaumont ag an am céanna. I mí Mheán Fómhair, ghlac an tOllamh Helena Kelly lena post mar Cheann Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Bithmhóilíneacha, áit a mbeidh sí ag cur le líon na n-éachtaí suntasacha atá bainte amach ag an scoil agus le dea-cháil na scoile mar ionad ceannródaíoch don sármhaitheas san oideachas agus sa taighde.

Ar thallann a cuid oibrithe atá RCSI tógtha. Táim thar a bheith faoi chomaoín ag mo chomhghleacaithe; arb iad a bhfís agus a ndúthracht a thiomáineann ár n-éachtaí straitéiseacha i gcónaí. Gabhaim buíochas leo as a gceannaireacht agus a gcomhghleacaíocht leanúnach.

Ionad Ailse RCSI Beaumont

Is comhoibriú nuálach é Ionad Ailse RCSI Beaumont idir Ospidéal Beaumont, Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI agus Líonra Radaíochta Oinceolaíochta San Lúcas. Tá an tIonad creidiúnaithe ag Eagraíocht na nIonad Ailse Eorpach (OEI) ó 2022 i leith tar éis meastóireacht a rinneadh ar chúram ailse cuimsitheach an Ionaid agus ar thaighde aistritheach trí fhéinmheasúnú dian agus piar-iniúchadh ar an láthair.

Comóradh clocha míle móra sa chomhoibriú seo ó thúis deireadh 2024.

Tá ról lárnach ag Ionad Ailse RCSI Beaumont i gclár

taighde ceannródaíoch ailse scamhóg €4.9 milliún a seoladh i mí Dheireadh Fómhair. I gcomhar le Cumann Ailse na hÉireann, is é an tionscadal seo an infheistíocht aonair is mó in ailse scamhóg i stair na hÉireann. Is é is aidhm don tionscnamh ceannródaíoch seo cúram agus taighde ailse scamhóg a chlaohlú, cúram ailse den scoth a thabhairt don phobal agus rochtain ar sheirbhísí tacaíochta Chumann Ailse na hÉireann a fheabhsú.

Díreofar sa chlár ar cheithre phríomhthionscadal taighde lena n-áirítear: Seiceáil Sláinte Scamhóg; feabhas a chur ar chonairí príomhúla cúraim don ailse scamhóg; mearthástálacha fola chun na roghanna cóireála is fearr a chinneadh; agus imdhíoneolaíocht chun ailse scamhóg a chóireáil.

Tionóladh comhdháil bhliantúil Ionad Ailse RCSI Beaumont i mí na Bealtaine. Pléadh an téama ‘Cúram Ailse do Chách: Tuiscint a fháil ar Phobail chun Torthaí a Fheabhsú’, agus díríodh go sonrach ar thuiscint a fháil ar riachtanais éagsúla pobal othar chun éifeachtacht na cóireála ailse ar fud na tíre a fheabhsú. Léirigh an chomhdháil príomhchuspóir Ionad Ailse RCSI Beaumont, agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá an comhoibriú idir cliniceoirí agus eolaithe chun cúram indibhidiúlaithe agus ardchaighdeán a chur ar fáil. Dírimid ár n-iarrachtaí i dteannta a chéile ar chúram othar a fheabhsú agus caighdeán nua a leagan síos i gcóireáil ailse trí nuálaíocht agus obair foirne.

I mí Dheireadh Fómhair, d’fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Patrick O’Donovan TD, an clár PRISM (Tionscnamh Taighde Beachtoinceolaíochta le haghaidh Ailse Cíche Meiteastatach), faoi stiúir an Ollaimh Leonie Young. Léiríonn an tionscnamh ceannródaíoch ceithre bliana seo dul chun cinn suntasach sa troid i gcoinne ailse cíche aibithe.

Maoiniú bronnta ar RCSI ón Údarás um Ardoideachas do Bhaitisiléir Máinliachta Fiaclóireachta nua

I mí Dheireadh Fómhair, fuair RCSI maoiniú don Bhaitisiléir Máinliachta Fiaclóireachta nua. Glacfar na chéad mhic léinn isteach sa chlár cúig bliana seo i Meán Fómhair 2025 agus cáileoidh an chéad chohórt fiaclóirí in 2030. Agus curaclam den scoth i bhfeidhm, earcú foirne go maith chun cinn agus áiseanna á n-ullmhú, beidh clár Fiaclóireachta RCSI ar an gcéad cheann de na cláir thacaithe a bheidh ar fáil do mhic léinn CAO.

Beidh an clár fiaclóireachta seo ar an gcéad chlár céime fiaclóireachta pobalbhunaithe in Éirinn. Léiríonn an cur chuige seo treoche mhór idirnáisiúnta

san fhiacloireacht agus i ngairmeacha cúram sláinte eile agus oiliúint chliniciúil á haistriú ó ospidéal thraidisiúnta go suíomhanna pobail. Méadóidh an clár go suntasach líon na n-áiteanna oiliúna fiacloireachta atá ar fáil go náisiúnta agus leathnóidh sé rochtain ar sheirbhísí fiacloireachta.

Úsáidfear meascán de mhodhanna teagaisc agus foghlama sa churaclam, chun oiliúint i scileanna cliniciúla a chomhcheangal le sealbhú eolais, scileanna agus tréithe gairmiúla. Dearadh go sonrach é chun foghlaim fhíorasach agus chomhthéacsúil a éascú, agus an deis a thabhairt do mhic léinn a gcuid scileanna cliniciúla agus cumarsáide a fhorbairt a luaithe is féidir.

Ardghradam Times don Mhúinteoir is Nuálaí bronnta ar an Dr Jenny Moffett

Bronnadh Gradam Times Higher Education don 'Múinteoir is Nuálaí' ar an Dr Jenny Moffett ó Ionad Oideachais na nGairmeacha Sláinte de chuid RCSI, tar éis di seomra éalaithe oideachais digiteach a fhorbairt i gcomhar le mic léinn RCSI chun díriú ar easpa ríthábhachtach oiliúna i mbainistíocht na héiginnteachta in oideachas leighis.

Threoraigh an Dr Moffett mic léinn leighis trí phróiseas deartha-smaointeoireachta trínar éascaíodh tuiscint dhomhain ar thaithí na mac léinn cliniciúil. Le chéile, chruthaigh siad 'spás déantóra' ar líne trínar bunaíodh timpeallacht shábháilte, chuimsitheach do bhaill foirne agus do mhic léinn araon don fhoghlaim agus don mhúineadh.

Oideachas

Tá RCSI thar a bheith buíoch de na teagascóirí, na léachtóirí agus an fhoireann ag Ospidéal Beaumont as a gcuid rannpháirtíochta ollmhóire leanúnaí i dteagasc agus i scrúdoireacht na hOllscoile. Tá áthas orm aird a tharraingt ar roinnt de na príomhéachtaí san oideachas a baineadh amach in 2024.

Tionscadal um Chlaohlú Oideachais Cúraim Sláinte (THEP) Tá THEP, curaclam leighis nuálach nua de chuid RCSI, ag cruthú go maith i measc na mac léinn agus an Ollscoil ag cothú rath na mac léinn trí churaclaim atá dírithe ar an todhchaí a chur i bhfeidhm, ullmhacht luathghairme a chur chun cinn agus guthanna agus aiseolas na mac léinn a aimpliú.

I Meán Fómhair 2024, chuir an Scoil Leighis tús rathúil lena tríú bliain dár gClár um Chlaohlú Oideachais Cúraim Sláinte (THEP) do mhic léinn leighis sa chéad,

sa dara agus sa tríú bliain. Is iad seo na chéad mhic léinn a leanfaidh THEP go dtí go mbainfidh siad céim amach. Fuarthas aiseolas ónár gcliniceoirí maidir le hullmhacht na mac léinn le haghaidh socrúchán cliniciúil, tar éis dóibh a gcéad bhlianta a chríochnú tríd an gcuraclam nua, a dúirt go raibh siad ar fheabhas. Tá súil againn go mairfidh an rath atá ar an tionscadal seo nuair a chuirfear an ceathrú bliain de THEP ar fáil. Is fianaise é an rath go dtí seo ar neart an chlár agus ar obair chrua ár n-oideoirí, ár bhfoireann ghairmiúil agus ár mac léinn.

Taighde

- **Pléann saineolaithe stróc ceannródaíocha todhchaí chúram stróc ag comhdháil bhliantúil iPASTAR**

I measc na n-imeachtaí a bhí dírithe ar thaighde agus a tionóladh i rith na bliana bhí comhdháil iPASTAR i mí na Samhna inar scrúdaíodh todhchaí an chúraim stróc ag RCSI. Rinne saineolaithe stróc ceannródaíocha, lena n-áirítear an tOllamh David Williams, Ollamh le Leigheas Stróc ag RCSI agus Lia Comhairleach Stróc in Ospidéal Beaumont, iniúchadh ar bhealaí chun inrochtaineacht agus cothromas a uasmhéadú i gconairí stróc, ón ospidéal go dtí an t-athshlánú sa phobal, agus maidir le maireachtáil go maith agus riosca a laghdú tar éis stróc.

Nuálaíocht

Sháraigh fás na bliana seo caite i bhfeidhmíocht aistrithe eolais RCSI na spriocanna a leag Knowledge Transfer Ireland (KTI) síos go neamhspleách, rud a chuir ar ár gcumas bliain rathúil nuálaíochta a bheith againn in 2024. Is fianaise é rath na bliana seo ar shaineolas taighde den scoth RCSI, a fuair cúnamh mór ón bhfoireann Nuálaíochta san ORI, faoi stiúir an Dr Aoife Gallagher.

Buaicphointí maoinithe

Fuair an tOllamh Imran Sulaiman, Ollamh Comhlach Cliniciúil Oinigh i Roinn Leighis RCSI, Deontas Tosaigh €1.87 milliún ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) le haghaidh tionscadal taighde atá dírithe ar aimsiú luath agus cóireáil ailse scamhóg a fheabhsú. Cuirfidh an maoiniú suntasach seo ar chumas an Ollaimh Sulaiman modhanna nuálacha a iniúchadh chun ailse scamhóg a aithint agus a dhiagnóisiú. Ar an tionscadal seo, comhoibreoidh RCSI le taighdeoirí ó Ollscoil Nua-Eabhrac, Langone Health, agus ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is í an tOllamh Sulaiman an dara cliniceoir riospráide ó Beaumont a bhuaigh gradam mór le rá ón ERC, i ndiaidh rath an Ollaimh Killian Hurley in 2022.

Seoladh an clár taighde ceannródaíoch aile scamhóg €4.9 milliún, atá maoinithe ag Cumann Ailse na hÉireann, i mí Dheireadh Fómhair, agus is é sin an infheistíocht aonair is mó in aile scamhóg i stair na hÉireann. Níos luaithe sa bhliain, chomhoibrigh RCSI le clár taighde nua €11.6 milliún i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) inar díródh ar phairilis cheirebreach. Maoiníodh ELEVATE, tionscnamh ceannródaíoch cúig bliana, faoi Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) (€5 milliún), agus thug an comhpháirtí comh-mhaoinithe, an Fhondúireacht Pairilise Ceirbrí (CPF), tacaíocht os cionn €6 milliún. Tá an Dr Jennifer Ryan, Léachtóir Sinsearach i Scoil Fisiteiripe RCSI agus Stiúrthóir ar Ionad Taighde CP-Life, i gceannas ar rannpháirtíocht RCSI sa chlár.

Bronnadh €676,866 i maoiniú faoin gClár Taighde Éireann – Teorainneacha Taighde Éireann don Todhchaí ar thionscadal RCSI chun imscrúdú a dhéanamh ar chur chuige nua maidir le monatóireacht agus cóireáil a dhéanamh ar Fhíobróis Chisteach luath. Ba é Sláinte Leanaí Éireann a dheonaigh an maoiniú mar chomhpháirtí de Theorainneacha don Todhchaí. Déanfaidh an fhoireann taighde ag RCSI imscrúdú ar

chumas na gcáithníní beaga atá tábhachtach chun athlasadh a rialáil, chun monatóireacht a dhéanamh ar fhíobróis chisteach agus í a chóireáil sna céimeanna is luaithe.

Conclúid

Mar Leas-Seansailéir RCSI, ní fhéadfainn a bheith níos bródúla as tiomantas ár bhfoirne agus ár mac léinn, agus aithním rannpháirtíocht ollmhór leanúnach na n-othar, na gcliniceoirí agus na foirne inár n-ospidéal

teagaisc. Bhí tionchar dochreidte ag obair chrua, nuálaíocht, tiomantas agus comhghleacaíocht fhoireann RCSI le roinnt blianta anuas, mar is léir ónár rath in 2024.

Tá ról ríthábhachtach ag na hothair, na cliniceoirí agus an fhoireann ag Ospidéal Beaumont san oideachas a chuirimid ar fáil dár mic léinn, agus ní mór aitheantas a thabhairt don fhlaithiúlacht a léirítear do mhic léinn agus d'oiliúnaithe na hOllscoile. Táim thar a bheith buíoch as an dearcadh dearfach agus an spiorad láidir comhghleacaíochta a léiríonn gach duine i bpobail RCSI agus Ospidéal Beaumont i gcónaí.




Oibríochtaí agus Feidhmíocht


Cúram Neamhsceidealta agus Sreabhadh Othar

Mhéadaigh gníomhaíocht na Roinne Éigeandála beagán bliain ar bhliain, taifeadadh 66,608 freastal in 2024, rud ab ionann agus méadú 5% ar 2023. Is díol suntais é gur othair ≥ 75 bliana d'aois ab ea 20% den fhreastal iomlán i mí na Nollag 2024. Cé go raibh rátaí iontrála ón Roinn Éigeandála cobhsaí i gcónaí (tiontú 29%), bhí brú soiléir ar shreabhadh othar le méadú ar fhanacht fada sa Roinn Éigeandála agus ar Amanna Éispéiris Othar.

Cé gur mhéadaigh amanna feithimh sa Roinn Éigeandála do roinnt othar le linn tréimhsí brú, tá fócas an ospidéal ar shainaithint luath, planáil scaoileadh abhaile, agus méadú ar shreabhadh ag cuidiú le moilleanna a mhaolú. Bhí laghdú 54% ar scaoileadh abhaile moillithe faoi dheireadh na bliana.




Fíor 1: Freastal ar an Roinn Éigeandála 2023/2024



Fíor 2: Iontrálacha sa Roinn Éigeandála 2023/2024

Cúram Sceidealta agus Sreabhadh Othar

D'fheabhsaigh feidhmíocht thar sheirbhísí roghnacha agus cásanna lae in 2024. Méadaigh líon na gcásanna lae de 6%, agus líon na n-othar isteach do ghnáthaimh roghnacha de 4%. Rud tábhachtach ná go bhfuair 79.5% d'othair chónaithe agus d'othair lae coinne laistigh de naoi mí, rud a sháraigh an meán náisiúnta (meán náisiúnta de 78.7% i mí na Samhna 2024). Thacaigh úsáid straitéiseach ár samhail dé-champais agus comhoibriú trasna speisialtachtaí chun an feabhsú seo a bhaint amach.



Fíor 3: % d'Othair Chónaithe agus Cás Lae a d'fhan < 9 mí

I roinn na nOthar Seachtrach, mhéadaigh líon na bhfreastal nua 8% ar 2023, agus tá dul chun cinn á dhéanamh ar obair ar leibhéal na speisialtachta chun díriú ar líon na neamhláithreachtaí.


Díríonn an t-ospidéal i gcónaí ar phleanáil acmhainne, éifeachtúlacht sceidealta, agus comhordú seirbhísí diagnóisice agus réamh-mheasúnaithe a fheabhsú chun rochtain a neartú tuilleadh.

Tabharfar tús áite do na réimsí seo an athuair in 2025 de réir mar a chuirimid leasuithe, atá nasctha leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Liostaí Feithimh agus Straitéis Ospidéal Beaumont 2025–2030, i bhfeidhm.


Scaoileadh abhaile agus Sreabhadh

Laghdaigh meánfhad fanachta leighis 9% bliain ar bhliain (11 lá i mí na Nollag 2024). Laghdaigh scaoileadh abhaile moillithe go suntasach freisin (feabhsú 54%), as ar lean sreabhadh níos fearr, cé gur dúshlán i gcónaí dár speisialtachtaí náisiúnta agus réimse fócais do 2025 é moilleanna ar aisdúichiú.


Príomhmhéadrachtaí Feidhmíochta




Fíor 4: Meán Míosúil Scaoileadh Abhaile Moillithe 23/24



Fíor 5: Eipeasóidí othar cónaithe ≥ 30 lá 2023 / 2024




Fíor 6: Othair sa Roinn Éigeandála ag 8am



Fíor 7: 8am Meánlíon ar Thralaithe/GAR Noll 2024

Buaicphointí Feidhmíochta

Ba phríomhréimse dul chun cinn in 2024 feidhmíocht cúraim sceidealta, agus bhí sé bunaithe ar dhúth-ailíniú oibríochtúil-cliniciúil agus conairí cúraim nua. Go háirithe, forbraíodh conair nua chun tacú le hoiliúint Comhairleoirí agus nochtadh cliniciúil i máinliacht le cúnamh róbatach. Chumasaigh an tionscnamh seo, a cuireadh ar fáil i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe in Ospidéal Iósaf, méadú ar ghníomhaíocht mháinliachta agus barrfheabhsú ar leapacha téarnaimh iar-obráide ag SJR. Mar thoradh air sin, d'éirigh le Beaumont tús a chur le máinliacht róbatach chíce in 2024.



Fíor 8: Iontrálacha roghnacha othar cónaithe Ospidéal Beaumont & Iósaf 2024 / 2023

Feabhsaíodh an cumas ortaipéideach freisin trí chonair thráma a athbhunú le haghaidh mionghnáthamh (e.g., bristeacha caol na láimhe agus na rúitíní), agus comhoibriú idir seirbhísí máinliachta, obrádlainne agus obráidí mar thaca leis.

Tá cóireáil faighte ag 78 othar tríd an gconair, ó cuireadh i bhfeidhm é i mí na Samhna 2024:

- Scaoileadh 47.5% díobh abhaile an lá céanna.
- Scaoileadh 78% díobh abhaile an lá céanna nó tar éis oíche amháin.

Tá feabhas tagtha ar rochtain ar obrádlanna mar gheall ar an tionscnamh seo, is lú líon na laethanta leapa, agus is fearr an úsáid atá á baint as obrádlanna san iomlán.

In 2024 cuireadh tús le líon tionscadal bonneagair inmheánaigh ar fud an champais chun áiseanna a fheabhsú agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil dár n-othair a fheabhsú. Theastaigh pleanáil agus comhordú suntasach don obair seo. Rinneadh roinnt aistrithe barda inmheánacha agus measúnuithe riosca leanúnacha chun cosaint do na hothair is leochailí dár gcuid a chinntiú. Rinneadh na haistrithe seo agus an cur isteach ar rochtain othar á choimeád chomh beag agus is féidir.

Conclúid

Cé go bhfuil dúshlán ann fós, rinneadh dul chun cinn in 2024 maidir le rochtain ar chúram sceidealta, pleanáil scaoileadh amach casta, agus forbairt conairí ardluacha. Ag féachaint amach romhainn, tá an Roinn um Shreabhadh agus Rochtain Othar ag díriú ar chonairí éigeandála agus roghnacha a fheabhsú tuilleadh i gcomhréir leis na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach i Straitéis Ospidéal Beaumont 2025–2030. Ag an am céanna, táimid tiomanta fós do na caighdeán atá leagtha amach sa chaibidil Rochtain ar Chúram agus Leanúnachas Cúraim an Choimisiúin Chomhpháirtigh Idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Áirítear leis seo a chinntiú go bhfuil próisis rochtana othar sábháilte, tráthúil, cothrom, agus freagrúil do riachtanais daoine aonair ar fud chontanam an chúraim.

An Fhoireann um Pleanáil Mórtheagmhas

Réamhrá

Cheap an fhoireann um Pleanáil Mórtheagmhas (MIP) pleananna do theagmhais agus móréigeandálaí inmheánacha.

Tástáil na bPleananna do Theagmhais agus Móréigeandálaí Inmheánacha

- Clúdaíonn an dá phlean Ospidéal Beaumont agus Campas Iósaf agus rinneadh iad a nuashonrú i mbliana mar fhreagairt ar imeachtaí iarbhir agus ar chleachtaí ionsamhlúcháin.
- Áirítear leis an bplean córas glaonna amach uathoibrithe a ndéantar tástáil air roinnt uaireanta sa bhliain agus a nuashonraítear go leanúnach.
- Áirítear leis an bplean Inmheánach an fhoireann mearfheagartha a fhreastalaíonn ar theagmhas nuair a ghlaoitear ar 999. Tharla ceithre theagmhas déag inmheánacha ann i mbliana.

Buaicphointí Feidhmíochta

D'éagraigh agus d'óstáil an fhoireann MIP dhá lionsamhlú Móréigeandála. D'fhreastail baill foirne ó gach réimse den ospidéal orthu i dteannta ionadaithe ón tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, ó Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, agus ón nGarda Síochána. Bhí an chéad chleachtadh bunaithe ar theagmhas mór iompair, agus tháinig breis is 100 taismeach go hOspidéal Beaumont.

Bhí an dara ionsamhlú bunaithe ar mhíshuaimhneas sóisialta sa cheantar áitiúil agus tháinig breis is 100 taismeach i láthair. Léirigh na hionsamhluithe seo ról na gcéad fhreagróirí agus rinne siad tástáil ar fhreagairt an ospidéal ar imeachtaí den sórt sin.


Cleachtaí Aslonnaithe Dóiteáin

Reáchtáladh 71 cleachtadh aslonnaithe dóiteáin ar fud Champas Beaumont agus Champas Iósaf agus ghlac 1045 ball foirne páirt iontu. Ullmhaíonn na cleachtaí seo baill foirne chun freagairt go sábháilte agus go héifeachtach d'aláraim dóiteáin, de réir phrótacail réamhshocráithe chun gluaiseacht shábháilte othar, ball foirne agus cuairteoirí a chinntiú más gá. Reáchtáladh na cleachtaí seo lasmuigh d'uaireanta oibre sa dá champas freisin. D'oibrigh an Fhoireann MIP go dlúth leis an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta, leis an Stiúrthóireacht Seirbhísí Teicniúla (TSD), le Slándáil GS4 agus le hOifigeach Dóiteáin Uí Shlataire chun cur chuige comhtháite i leith ullmhacht d'éigeandálaí a bhaint amach.

Oiliúint MIP

Chuir an Fhoireann MIP oiliúint chuimsitheach ar fáil i rith na bliana chun a chinntiú go bhfuil baill foirne i ngach roinn eolach ar nósanna imeachta éigeandála. Áirítear ar na buaicphointí:

- Seisiúin oiliúna éigeantacha do gach tosaitheoir ar phrótacail éigeandála inmheánacha agus ar mhórttheagmhais
- Oiliúint athnuachana do bhaill foirne ar fud na Roinne Éigeandála, na nAonad Dianchúraim, na nObrádlann, na mbardaí agus na ranna neamhchliniciúla
- Faisnéisiú ionsamhlaithe tar éis gach mórchleachtaidh chun foghlaim a leabú agus ullmhacht an ospidéal a fheabhsú go leanúnach
- Sainchártaí gníomhaíochta roinne a ullmhú chun tacú le cinnteoireacht san fhíor-am.
- I gcomhar leis an bhfoireann Sláinte agus Sábháilteachta, rinne an Fhoireann MIP dlúthchuid de chlár oiliúna sláinte agus sábháilteachta níos ginearálta don fhoireann den ullmhacht le haghaidh éigeandálaí.



Fíor 1: D'fhreastail 1967 ball foirne san iomlán ar oiliúint mar a léirítear



AN STIÚRTHÓIREACHT CÚRAIM CHRITICIÚIL AGUS AINÉISTÉISE

CLINICIÚLA

Príomhtháscairí Feidhmíochta

In 2024, chuir Ospidéal Beaumont ainéistése ghinearálta ar fáil do **8,949** othar le haghaidh gnáthaimh mháinliachta, rud ab ionann agus méadú 2.3% ar an mbliain roimhe sin (Fíor 1a). Idir an dá linn, chuir Campas Ospidéal Iósaf **3,413** cás breise ainéistése ghinearálta i gcrích, rud a léirigh méadú eile ar 2023 (Fíor 1b).

Beaumont	Éigeandáil	Sceidealta	BGD	DIFAR	% DIF
2024	3,968	4,932	8,900	187	2.1%
2023	3,830	4,883	8,713	278	3.2%
2022	3,284	5,151	8,435	624	7.4%

Fíor 1a: Gnáthaimh Máinliachta OB BGD

Beaumont	Éigeandáil	Sceidealta	BGD	DIFAR	% DIF
2024	3,968	4,932	8,900	187	2.1%
2023	3,830	4,883	8,713	278	3.2%
2022	3,284	5,151	8,435	624	7.4%

Fíor 1b: Gnáthaimh Máinliachta SJH GA OT & MPR BGD

Thug Measúnú Réamh-obráide (MRO) 10,198 eipeasóid chúraim san iomlán le linn 2024. Déantar eipeasóidí cúraim a mhiondealú ina gcúram fíorúil/fisiciúil faoi stiúir altra, cúram fisiciúil faoi stiúir comhairleora agus athbhreithniú ar chairteacha. Ba é 7,626 cuairt an freastal iomlán PAC do 2024.

TIÚRTHÓIREACHTAÍ CLINICIÚLA

POA, Eipeasóidí Cúraim (EC)			
Bliain	BGD	Difríocht	% difríochta
2024	10,198	-511	-5%
2023	10,709	2,294	27%
2022	8,415	1,566	23%
2021	6,849	3,997	140%
2020	2,852		

Fíor 3: Measúnú Réamhobráide EC, BGD'2024

For-rochtain ar Chúram Criticiúil (FCC)

Mhéadaigh an tseirbhís for-rochtana in 2024 go ceathrar Ardchleachtóirí Altranais Cláraithe (AAC) agus 1 Ardchleachtóir Altranais (AA) is larrthóir. Mar thoradh air seo, bhí seirbhís seacht lá ann, a leathnaigh tuilleadh i mí Dheireadh Fómhair chun oícheanta Satharn agus Domhnaigh a áireamh.

In 2024, rinneadh 1414 atreorú agus 3092 measúnú. Scaoileadh abhaile ó chúraim chriticiúil ab ea 512 (36%) díobh agus atreoruithe géarmhíochaine ó bhardaí othar cónaithe ab ea 902 (64%) díobh. Is chuig na bardaí máinliachta agus néaramhainliachta a atreoraítear formhór na n-othar.

Trí aimsiú luath agus bainistíocht an othair atá ag dul in olcas go mór, tá sé mar aidhm ag an tseirbhís FCC iontráil isteach i gcúram criticiúil a sheachaint nuair is féidir, agus nuair is iomchuí,

Clinic Measúnaithe Réamh-obráide (POA)

Soláthraíonn an Clinic Measúnaithe Réamhobráide (CMR) measúnú riosca agus optamú d'othair atá ar liosta feithimh na n-othar cónaithe agus do chásanna lae le haghaidh gnáthaimh mháinliachta cúraim sceidealta. Éascaíonn an tseirbhís iontráil an othair ar lá na máinliachta

nuair is cuí agus is sábháilte é sin a dhéanamh. I gcás ina bhfuil gá le hiontráil i gcúram criticiúil, is é aidhm FCC aistriú tráthúil agus sábháilte a éascú, agus ag an am céanna tacú le foirne altranais agus leighis sna bardaí chun cúram fianaise-bhunaithe a sholáthar don othar atá ag dul in olcas nó atá go dona tinn. Tá méadú 26.5% tagtha ar atreoruithe géarmhíochaine in 2024, i ndiaidh méadú 51% in 2023.

Tá ceathrar altraí cláraithe ag forordú oideas i seirbhís an FCC, a thosaigh ag tabhairt táirgí míochaine i mí Aibreáin, agus a chríochnaigh iniúchtaí i gcomhréir le beartas an ospidéil.

Seirbhís Bainistíochta Péine

Is seirbhís ildisciplíneach péine í an Roinn Bainistíochta Péine in Ospidéal Beaumont. Soláthraíonn sí seirbhís leighis péine d’othair sheachtracha agus d’othair chónaithe i gceantar thuaisceart Bhaile Átha Cliath chomh maith le seirbhís atreoraithe treasach a sholáthar d’othair lasmuigh den dobharcheantar atá oiriúnach do néaramhodhnú. An fhoireann péine atá i mbun na seirbhíse Leighis Péine Iarobraíde d’othair chónaithe freisin.

Triúr comhairleoirí atá i mbun na seirbhíse: An Dr Mudrakouski, an Dr Moore agus an Dr Patel. Tá beirt speisialtóirí AC Cláraithe ar ár bhfoireann, an Dr O’Brien agus Ms Dowling, 1 speisialtóir AA is iarrthóir, Ms McIntyre, 1 Bainisteoir Altra Cliniciúil II, Ms Evans. Beirt Fhisiteiripeoirí Speisialtóra Cliniciúla: Ms Ormond agus Ms Heffron, agus 1 Síceolaí Cliniciúil, an Dr Hamid. Tacaíonn ár gcomhalta speisialtóra péine agus cláraitheoir tiomnaithe péine lenár seirbhís freisin.

iPainCentre

Is é an iPainCentre seirbhís chomhtháite péine pobalbhunaithe Ospidéal Beaumont, ina ndírítear ar phian neamhshonrach sa droim íochtarach, pian fhréamhánach, pian fhorleathan, agus siondróm fibríniailge a bhainistiú, arna mhaoiniú trí Chlár Sláintecare.

Fostaítear san ionad foireann ildisciplíneach chun seirbhísí comhtháite inrochtana, cuimsitheacha agus fianaise-bhunaithe a chur ar fáil, ag cloí le treoirlinnte idirnáisiúnta maidir le bainistíocht na péine ainsealaí.

Faigheann Leigheas Péine meán de 415 atreorú nua gach mí, méadú foriomlán de 49% (n4,987) in 2024 (figiúr 2a).

Reáchtáiltear 3 chlinic Leigheas Péine d’othair sheachtracha gach seachtain ar champas Ospidéal Beaumont agus in Ionad Siopadóireachta Omni araon.

Déantar coinní fíorúla agus fisiciúla a sceidealú d’othair agus d’fhreastail n1,625 othar nua in 2024 (figiúr 2c).

Atreoruithe	BGD iarbhír YTD	Difríocht	% Difríochta
2024	4,987	1,639	49.0%
2023	3,348	1,219	57.3%
2022	2,129	584	37.8%
2021	1,545	320	26.1%

Fíor 2a: Atreoruithe nua a Fuarthas BGD ‘21-’24

Pian Freastal 2024	BGD iarbhír YTD	Difríocht	% Difríochta
Othair Sheachtracha nua	1,625	517	2.2%
Othair Sheachtracha fillte	1,422	-162	-10.2%
ar chomhoiriúnacht i gcúram CF. Tá mná a bhfuil CF ag éirí níos torthúla agus tá méadú tagtha ar bhainistiú toirchis dá bharr. Leathnaigh an ghníomhaíocht sna galair scamhóg neamhchoitianta freisin, le méadú ar iontráil le haghaidh bainistíocht easnamh in antaítripsin alfa-1 agus broinceachtáis neamh-CF. Ba mhaith leis an ospidéal díriú ar an liosta feithimh le haghaidh easnamh in antaítripsin alfa-1, liosta atá ag dul i méid i gcónaí, agus tacú le leathnú na seirbhíse seo in 2025. Meastar go dtosóidh an obair in 2025 chun foirgneamh nua 20 leaba CF, a dhear speisialtóir, a thógáil. Is é fócas seirbhíse do 2025 Comhairleoir nua a bhfuil spéis ar leith aige i CF a earcú.

COPD (Galar scamhóige toirmeascach ainsealach)

Tá clinic measúnaithe ildisciplíneach COPD curtha ar bun. Ina theannta sin, cuireadh clinic 'Te' i bhfeidhm chun iontráil COPD a sheachaint lena n-áirítear ionchur ó dhochtúir sinsearach, bainistíocht ó altra ard-chleachtóra agus rannpháirtíocht ó fhisiteiripeoir. Bunaíodh clinic aerálaí comhpháirteach chun bainistíocht a dhéanamh ar othair a bhfuil galar scamhógach aibithe acu agus cliseadh riospráide nuair is gá tacaíocht aerálaí neamhionrach.

Tionóladh cruinniú míosúil foirmiúil den fhoireann ildisciplíneach chun comhtháthú bhainistíocht na ngalar bactha aerbhealaí sa phobal a fheabhsú. Tá leathnú suntasach déantar ar infhaighteacht an athshlánúcháin scamhógach sa phobal agus tá 6 mhol in úsáid anois. Tá dhá shaotharlann PFT lánfheidhmiúla sa Mhol Cúraim Chomhtháite freisin. In 2025, beidh sé ina phríomhchuspóir don tseirbhís íomháú PFT a bhogadh chuig an gcóras náisiúnta NIMIS PACS. Bhí FSS rannpháirteach ó thús deireadh 2024 sna hiarrachtaí chun an tionscadal seo a éascú.

Ionad Riospráide

Osclaíodh an tIonad Riospráide in áiseanna uasghrádaithe in aice le barda Naomh Pól agus tugtar cúram ann i gcónaí do líon mór othar, lena n-áirítear leathnú ar bhainistiú drugaí asma, measúnuithe ocsaigine, agus comhtháthú leis an tseirbhís ILD. Ní féidir na héilimh reatha a chomhlíonadh go hiomlán, go háirithe ó thaobh ról lárnach an altra chun feistí riospráide a bhainistiú ar othair nach bhfuil i gcroíbhordaí riospráide. Is príomhfhócas do 2025 acmhainní breise coibhéiseacha lánaimseartha AC a fháil chomh maith le conairí feabhsaithe a chur ar fáil don phobal le haghaidh bainistíocht cúraim chomhtháite.

Gníomhaíocht leibhéal seirbhíse d'othair chónaithe agus d'othair sheachtracha

- Méadú 3% ar mheánfhad cuairteanna Riospráide 2023 V 2024
- Méadú 13% ar scaoileadh abhaile othair chónaithe Riospráide 2023 V 2024
- Méadú 11% ar othair sheachtracha nua 2023 V 2024.
- Méadú 6% ar othair sheachtracha fillte 2023 V 2024.

Seirbhís na nGalar Tógálach:

Le bliain anuas, chonaiceamar fás seasta i ngníomhaíocht othar seachtrach nua agus othar seachtrach fillte i seirbhís na ngalar tógálach, chomh maith le foireann othar chónaithe an-ghníomhach. Le linn 2024, bhí an tseirbhís ar fáil i mbarda Eoin agus tá foireann altraí den scoth aici chun áiseanna agus cúram sa cheantar a fheabhsú. Bhog an clinic nua COVID Fadtéarmach go sliotán nua maidin Dé hAoine agus laghdaíodh an liosta feithimh go mór. Is comhoibriú é an clinic seo le Síciatracht, Síceolaíocht agus Fisiteiripe agus reáchtáiltear í le MDT míosúil chun coinní fillte a laghdú agus an chonaire cúraim a uasmhéadú.

Tá an tseirbhís eitinne ag tairiscint tairseach lárnach anois d'othair a bhfuil eitinn deimhnithe nó amhrasta orthu ó réimse leathan atreoraítheoirí agus cuireann sí nasc soiléir leis an tSláinte Phoiblí ar fáil. Déanann sí measúnú agus cóireáil freisin ar bhaill foirne a atreoraíonn an tseirbhís Sláinte Ceirde a bhfuil tástáil dhearfach déanta acu le haghaidh eitinn folaigh. Cuireadh cóireáil ar bhreis is 80 bhall foirne mar chuid den tseirbhís.

Cuireann an tseirbhís OPAT teiripe shábháilte agus éifeachtach ar fáil i dtithe othar agus fáiltíonn sí roimh AA iarrthóra isteach sa tseirbhís i mbliana.

Tá líon na ndaoine atá ag maireachtáil le VEID agus a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ag méadú idir bheirt agus ceathrar gach seachtain. Le linn 2023, chuireamar clinic teiripe insteallta ar bun, clinic tiomnaithe d'othair nua agus leathnaíomar rochtain ar vacsaíniú, amhail an vacsaín Mpox. Cuireadh an tseirbhís seo ar fáil in 2024, leis.

Tá ár gclinic heipitítis víreasaigh ag cur athbhreithniú agus cóireáil ar fáil d'othair i gcónaí agus tá torthaí iontacha aige dóibh siúd a ndéantar cóireáil orthu. Tá fibrea-scanóir ag an gclinic anois agus cuireann sé measúnú agus cóireáil chuimsitheach aon stad ar fáil. Mar thoradh ar chomhoibriú láidre leanúnach leis an

tseirbhís trasphlandúcháin, forbraíodh treoir maidir le húsáideanna breise do dhuáin bhronnta. Tá tionchar aige seo cheana féin. Oibríonn an tseirbhís go dlúth freisin le hOrtaipéidic agus Máinliacht Shoithíoch ar ionfhabhtuithe ó ghléasanna atá ag éirí níos casta. Bunaíodh foireann ildisciplíne ionchaidéitis in 2023 agus lean sí ar aghaidh isteach in 2024, le hionadaithe ó Chairdeolaíocht, Micribhitheolaíocht agus Galair Thógálacha. Tá an cruinniú seo ar cheann de na chéad chruinnithe a úsáideann an tairseach nua FID ar líne agus féachtar leis le measúnú, diagnóis agus torthaí d’othair, a bhfuil ionchaidéiteas deimhnimhe nó amhrasta orthu, a fheabhsú.

Gníomhaíocht leibhéal seirbhíse d’othair chónaithe agus d’othair sheachtracha

- Méadú 10% ar mheánfhad cuairteanna do ghalair thógálacha 2023 V 2024
- Méadú 9% ar scaoileadh abhaile othair chónaithe galar tógálach 2023 V 2024
- Laghdú 10% ar othair sheachtracha nua 2023 V 2024.
- Méadú 1% ar othair sheachtracha fillte 2023 V 2024

An tSeirbhís Inchríneolaíochta:

Cuireann an tSeirbhís Inchríneolaíochta in Ospidéal Beaumont cúram inchríneach speisialaithe agus ginearáltaarfáildodhaoineabhfuiríochtaíinchríneacha orthu don cheantar áitiúil, d’Oirthuaisceart na hÉireann agus, i gcás galar piotúiteach agus aidréineach, go náisiúnta.

Cuireann an tseirbhís clinicí speisialaithe ar fáil i ngalar an fhaireog phiotúiseach, galar aidréineach, galar tíoróideach, inchríneolaíocht atáirgthe, fo-iarsmaí déanacha cóireála ailse agus clinicí inchríneolaíochta ginearálta. Reáchtáiltear go leor clinicí mar chlinicí comhpháirteacha le seirbhísí ábhartha e.g. néaramháinliacht, gínéiceolaíocht agus radaíocht-oinceolaíocht.

Gníomhaíocht leibhéal seirbhíse d’othair chónaithe agus d’othair sheachtracha

- Méadú 7% ar mheánfhad na cuairte Inchríneolaíochta 2023 V 2024
- Méadú 5% ar scaoileadh abhaile othair chónaithe Inchríneolaíochta 2023 V 2024
- Coinníodh othair sheachtracha nua 2023 V 2024 ag 2075 othar
- Méadú 3% ar othair sheachtracha fillte 2023 V 2024.

An tSeirbhís Diaibéitis

Cuireann an tseirbhís diaibéitis in Ospidéal Beaumont cúram diaibéitis speisialaithe agus ginearálta ar fáil do dhaoine a bhfuil diaibéiteas orthu don cheantar áitiúil agus d’Oirthuaisceart Éireann. Soláthraíonn an tseirbhís teiripe caidéil insline speisialaithe agus clinicí monatóireachta leanúnaí glúcóis, clinicí diaibéiteas Cineál 1, clinicí do dhaoine óga agus do dhaoine óga agus clinicí aistrithe, clinicí diaibéitis a bhaineann le fibróis chisteach, clinicí duánacha agus diaibéiteas comhcheangailte, clinicí MDT coise diaibéitigh agus cuireann sí clár oideachais struchtúrtha ar a dtugtar DAFNE ar fáil do gach othar le diaibéiteas Cineál 1.

Is é an t-ionad lae diaibéitis (DDC) bunchloch na seirbhíse. Faigheann breis is 3,500 othar sa bhliain coinne leis an bhfoireann DDC. Soláthraíonn an tseirbhís maoirseacht chliniciúil freisin do sheirbhís cosliachta an ospidéil agus rinneadh athbhreithniú ar bhreis is 1,700 othar coise diaibéitigh in 2024. Tá an tseirbhís diaibéitis ag forbairt i gcónaí agus is fócas seirbhíse é do 2025 leathnú a dhéanamh ar líon na gcomhairleoirí, na gcoslianna, na n-altraí agus na ndiaitéiteach chomh maith le bonneagar chun déileáil leis an méadú atá ag teacht ar mhinicíocht an diaibéitis sa phobal agus leis na héilimh a bhaineann leis an méadú ar chastacht na ndeacrachtaí agus ar chur i láthair an diaibéitis.

Cairdeolaíocht

Gníomhaíocht leibhéal seirbhíse d’othair chónaithe agus d’othair sheachtracha

- Laghdú 18% ar mheánfhad na cuairte Inchríneolaíochta 2023 V 2024
- Laghdú 6% ar scaoileadh abhaile othair chónaithe cairdeolaíochta 2023 V 2024
- Méadú 14% ar othair sheachtracha nua 2023 V 2024
- Méadú 5% ar othair sheachtracha fillte 2023 V 2024.

AVLOS 2024	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll
Cairdeolaíocht	4.84	6.55	6.2	6.87	7.5	8.77	9.45	5.98	7.06	7.61	7.46	8.12
Inchríneolaíocht	10.23	12.74	13.36	8.44	9.67	9.87	9.48	11.29	14.68	13.07	13.16	10.02
Gaistreintreolaíocht	9.94	8.44	10.14	8.63	9.89	7.8	7.68	8.95	7.85	9.08	8.33	10.4
Seanliacht-OB	17.13	17.61	16.03	16.87	16.58	17.3	14.39	18.55	13.51	15.46	14.15	12.54
Haemaiteolaíocht	21.26	20.02	16.62	16.93	15.2	18.44	20.2	14.62	14.4	20.29	11.94	14.26
Galair Thógálacha	4.29	11	6.54	5.76	6.9	8.12	6.28	8.54	6.46	6.51	10.74	7.55
Oinceolaíocht Mhíochaine	12.57	9.19	10.08	10.88	9.22	9.86	11.53	10.55	12.55	11.07	12.21	12.68
Míochaine Riospráide	10.68	9.75	10.71	6.84	9.11	8.43	12.27	9.95	7.45	8.78	9.4	7.86
Réamaiteolaíocht	9.36	12.95	11.09	9.01	9.95	12.04	9.96	10.74	10.14	11.45	8.36	10.69
Seanliacht - SJRU	37.35	32.5	41.2	31.05	36	25.68	34	32.56	44.14	24.62	31.13	38.45
Stróc	10.22	9.74	14.13	9.01	11.14	9.02	12.96	9.94	8.28	9.34	11.2	8.55
Móriomlán	11.25	11.85	12.03	10.03	10.9	10.88	11.56	11.23	10.58	11.08	11.13	10.37

Fíor 1: Othair chónaithe AVLOS 2024

LÍON NA SCAOILTÍ ABHAILE 2024	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll
Cairdeolaíocht	95	107	110	124	130	118	110	107	116	129	122	98
Inchríneolaíocht	130	117	111	112	104	100	87	88	88	112	114	140
Gaistreintreolaíocht	165	150	140	153	148	137	135	147	128	149	159	145
Seanliacht-OB	119	120	128	144	129	115	133	129	146	163	169	164
Haemaiteolaíocht	45	47	53	59	62	47	59	56	47	48	57	52
Galair Thógálacha	102	84	101	92	109	78	105	95	92	116	100	111
Oinceolaíocht Mhíochaine	87	102	80	102	133	100	101	93	87	105	91	82
Míochaine Riospráide	209	190	192	214	220	173	243	222	214	223	226	197
Réamaiteolaíocht	111	108	115	91	109	105	117	100	94	135	111	142
Seanliacht - SJRU	14	27	25	20	23	19	19	16	21	16	22	11
Stróc	84	52	82	76	94	75	88	68	85	72	72	90
Móriomlán	1161	1104	1137	1187	1241	1067	1197	1121	1118	1268	1243	1232

Fíor 2: Scaoileadh Abhaile Othair Chónaithe 2024

STIÚRTHOIREACHT NEUROCENT

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Gníomhaíocht statach is ea a thuairiscigh Stiúrthóireacht NeuroCENT maidir le hothair sheachtracha i gcomparáid le 2023 (N= 45).
- Laghdú 5% ar othair nua NeuroCENT i gcomparáid le 2023 (N = -744).
- Méadú 2% ar othair sheachtracha fillte NeuroCENT ó thaobh gníomhaíocht RTN i gcomparáid le 2023 (N= 789).
- Othair chónaithe: Méadú 2% 2023 vs 2024 (N = 98).
- Méadú 5% ar chásanna lae NeuroCent i gcomparáid le 2023 (N = 622).
- Méadú 12% ar iontrálacha éigeandála i gcomparáid le 2023 (N = 260).

Speisialtacht	2023	2024	Difríocht	%Dif
C.S. S.	9545	10131	586	6%
Mascaille agus béil	202	273	71	35%
Néareolaíocht	4859	5506	647	13%
Néaramháinliacht	8615	8401	-214	-2%
Oftalmeolaíocht	1521	1687	166	11%
Iomlán	24,742	25,998	1,256	5%

Fíor 1. Atreoruithe Nua Othar Seachtrach chuig Stiúrthóireacht NeuroCENT 2023 v 2024.

Speisialtacht	2023	2024	Difríocht	%Dif
C.S. S.	17,784	17,987	203	1%
Mascaille agus béil	393	517	124	32%
Néareolaíocht	13,305	12,614	-691	-5%
Néaramháinliacht	12,012	13,005	993	8%
Oftalmeolaíocht	4,711	4,208	-503	-11%
Iomlán	48,205	48,331	126	0%

Fíor 2. Iomlán an Fhrestail ó Othair Sheachtracha Nua/Fillte NeuroCENT 2023 v 2024.

Speisialtacht	2023	2024	Difríocht	%Dif
C.S. S.	8,426	8,853	427	5%
Mascaille agus béil	2,650	2,985	335	13%
Néareolaíocht	2,844	2,892	48	2%
Néaramháinliacht	617	549	-68	-11%
Oftalmeolaíocht	14,537	15,279	742	5%

Fíor 3. Iontrálacha d’othair chónaithe agus cásanna lae NeuroCENT 2023 v 2024.

An Roinn Néaramháinliachta Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Méadú 6% ar ghníomhaíocht Cás Láe d’othair chónaithe 2023 v 2024 (N = 11).
- Méadú 1% ar othair chónaithe (N = 37).
- Méadú 8% ar othair sheachtracha (Nua, Fillte & Fíorúil) 2023 v 2024 (N= 993).
- Méadú 12% ar iontrálacha éigeandála néaramháinliachta 2023 v 2024 (N = 168).

An Roinn Ota-laraingeolaíochta, Ailse Cloiginn agus Muiníl

Is í an Roinn Ota-laraingeolaíochta, Ailse Cloiginn agus Muiníl in Ospidéal Beaumont an soláthraí aonair is mó de ghnáthaimh mháinliachta príomhúla ota-laraingeolaíochta sa tír. Tá Roinn Ionchlannán Cochla Náisiúnta ar leithligh ag an roinn freisin, atá ar cheann de na cinn is mó sna hOileáin Bhriotanacha.

An tSeirbhís Néara-oteolaíochta & Bonn an Chloiginn

Is í an tSeirbhís Néareolaíochta-Oteolaíochta & Bonn an Chloiginn an t-ionad náisiúnta do bhainistiú agus cóireáil riochtaí cliathánacha bhonn an chloiginn i bPoblacht na hÉireann. Cuireann Foireann Ildisciplíneach na seirbhíse seirbhísí comhtháite ar fáil chun cóireáil, bainistíocht agus cúram a chur ar othair a bhfuil siadaí agus riochtaí cliathánacha bhonn an chloiginn neamhurchóideacha agus urchóideacha orthu.

Tionóltar cruinnithe ildisciplíneacha i gcomhar leis an gclinic ar mhaidin Chlinic Bhonn an Chloiginn agus éascaíonn siad plé ar othair a bhfuil siadaí cliathánacha bhonn an chloiginn orthu chun treoir a thabhairt maidir lena mbainistíocht.

Cruinnithe den fhoireann MTD	2023	2024	Difríocht	% Difríochta
Líon iomlán na n-othar a pléadh ag MDM	864	1,120	256	Méadú 30%

Fíor 4: Foireann ildisciplíne i gClinic Bhonn an Chloiginn 2023 v 2024.

Príomhtháscairí Feidhmíochta – Roinn Cluaise, Sróine agus Scornaí

- Méadú 1% ar othair sheachtracha (Nua, Fillte &

- Fíorúil) 2023 v 2024 (N = 203).
- Méadú 5% ar chásanna lae agus othair chónaithe 2023 v 2024 (N = 427).
 - Méadú 6% ar líon na n-atreoruithe othar seachtrach nua a athbhreithníodh 2023 v 2024 (N = 586).
 - Príomhchuspóirí 2025
 - Dul i mbun oibre chun foirgneamh neamhspleách a thógáil ar champas Ospidéal Beaumont, ina suífean an Roinn Ota-laraingeolaíochta, Ailse Cloiginn agus Muiníl.
 - Leathnú ar sheirbhís riochtaí cliathánacha bhonn an chloiginn arna dtacú le ceapadh an dara máinlia do riochtaí cliathánacha bhonn an chloiginn.

Ionad Náisiúnta um Ionchlannaithe Éisteachta agus um Thaighde Viani (NHIVRC)

Atreoruithe, Scaoileadh abhaile agus Aistrithe

Is gnách atreoruithe a admháil agus a fhreagairt laistigh de 2 sheachtain. Tairgtear coinne d’othair péidriatracha laistigh de 3 mhí agus d’othair lánfhásta laistigh de 9-12 mí ón atreorú. Cuirtear dlús le cásanna práinneacha agus faigheann siad coinne laistigh de mhí.

	Atreorú chuig an gcéad chlinic	Ón gcéad chlinic go dtí an mháinliacht to
Péidiatrach	0-12 seach.	0-11 mhí
Daoine fásta	9-12 mhí	6-24 mhí

Fíor 5: Amanna táscacha idir atreorú, an chéad chlinic agus máinliacht ionchlannaithe cochla in 2024

Gníomhaíocht mháinliachta lonphlanduithe nua

	Fásta	Péidiatric	Iomlán
Ionphlandú aontaobhach	71	16	87
Dhá thaobh ag an am céanna	0	15	15
Dhá thaobh i ndiaidh a chéile	2	1	3
Iomlán	73	32	105

* Líon na bhfeistí

Fíor 6: Gnáthaimh lonphlandaithe 2024

Máinliacht Athcheartaithe

Is annamh a dhéanamh máinliacht athcheartaithe ar ionphlandú cochla; déantar a bhformhór i gcás chliseadh deimhnithe an fheistis nó castacht mhíochaine.

	Fásta	Péidiatrach	Iomlán
Cúis			
Cliseadh Feistis	9	8	17
Cúis Mhíochaine	5	2	7
Eile	1		1
Iomlán	15	10	25
Gníomh			
Athshuí	1	-	1
Ath-ionchlannaithe	12	10	22
Aschlannán amháin	2	0	

Fíor 7: Sonraí na Máinliachta Athcheartaithe

Néaraifhiseolaíocht Chliniciúil

Leictreinceifealagrafaíocht (EEG)

Déantar EEG chun othair a imscrúdú do thaomanna agus don titimeas, don einceifealapaite agus do neamhoird ghaolmhara.


Tá méadú tagtha ar an am feithimh do staidéar EEG d’othair sheachtracha de bharr méadú suntasach ar an éileamh cliniciúil laistigh den RHA agus ceapadh néareolaithe, lianna stróc agus comhairleoirí leighis breise in Ospidéal Beaumont agus ar fud an réigiúin. Rinneadh 1,234 EEG in 2024. Beidh gá le spás saotharlainne, trealamh agus foireann bhreise, go háirithe fiseolaithe cliniciúla, chun an cumas a mhéadú, am feithimh d’othair a laghdú agus rochtain ar staidéar d’othair chónaithe agus do staidéar práinneach a fheabhsú.

Tá sliotán EEG ‘Clinic Taomanna Mear-Rochtana’ faoi chosaint bunaithe chun rochtain ar an tseirbhís a fheabhsú don té a raibh an chéad taom aici/aige ar Ospidéal Beaumont agus tá laghdú tagtha ar an ngá atá le hiontrálacha othar cónaithe d’othair áirithe.

Staidéar ar Sheoladh Néaróg (NCS) agus Leictrimióagrafaíocht (EMG)

Is imscrúduithe diagnóiseacha iad staidéar ar sheoladh néaróg (NCS) agus leictreamiagrafaíocht (EMG) a úsáidtear go coitianta chun feidhm an chórais néaróg imeallaigh a mheas agus tá siad riachtanach chun líon mór riochtaí a dhiagnóisiú.

In 2024, rinneadh 1526 staidéar ar sheoladh néaróg agus staidéar EMG.



Fíor 8: Gníomhaíocht NCS agus EMY

Monatóireacht Néaraifhiseolaíochta Ionobraíde

Déantar an Mhonatóireacht seo le linn gnáthamh néaramháinliachta agus ortaipéideacha chun monatóireacht a dhéanamh ar athruithe fíor-ama san inchinn, sa chorda dromlaigh agus ar fheidhm na néaróg imeallach le linn obráide. Trí mhonatóireacht a dhéanamh ar na conairí seo ionobraíde, is féidir deacrachtaí néareolaíochta a íoslághdú nó a chosc le linn na hobráide agus sa tréimhse iar-obráide. Is é an mhonatóireacht seo an caighdeán cúraim do go leor obráidí chnámh an droma agus siad inchinne.

Cuireadh 81 gnáthamh máinliachta a chur i gcrích leis an monatóireacht seo in 2024, agus úsáideadh modhanna éagsúla monatóireachta le linn obráidí chnámh an droma (siad agus ortaipéideach), obráidí bhaint siad inchinne agus gas inchinne, obráidí titimis agus obráidí do mhífhoirmíocht féitheacha.

An Roinn Néareolaíochta

Ba bhliain an-rathúil é 2024 don Roinn Néareolaíochta.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Laghdú 5% ar fhreastal ar Roinn na nOthar Seachtrach 2023 v 2024 (N = -691).
- Méadú 13% ar atreoruithe nua chuig othair sheachtracha 2023 v 2024 (N = 647).
- Méadú 13% ar iontrálacha d'othair chónaithe agus ar chásanna lae 2023 v 2024 (N = 335).

An tSeirbhís Tinneas Cinn/Méigrime

Is riocht néareolaíoch casta í an mhéigrim a léirítear go cliniúil ar go leor bealaí éagsúla. Is minic nach ndéantar diagnóis leordhóthanach air, go ndéantar diagnóis mhícheart air agus nach leor an chóireáil a chuirtear ar fáil, go príomha mar gheall ar easpa seirbhísí speisialtóireachta Tinneas Cinn agus Méigrime

agus easnamh suntasach ar oiliúint speisialtóireachta Tinneas Cinn/Méigrime do dhochtúirí, d'altraí agus do ghairmithe cúram sláinte eile. I gcás othar a bhfuil méigrim orthu atá níos ainsealaí agus níos dúshlánaí lena chóireáil, is féidir leis an tinneas cinn agus na hairíonna néareolaíochta gaolmhara tarlú go laethúil agus is féidir leis seo an cumas a bhaint de dhaoine.

Cuireann an tseirbhís réimse formáidí clinice ar fáil d'othair, lena n-áirítear clinicí faoi stiúir comhairleora agus altraí, clinicí míosúla Botox, clinicí Bloic Néaróg Mhór Ocsapataigh agus clinicí tosaithe speisialtóireachta CGRP 6/7 huair sa bhliain.

Seirbhís Aonad Lae Néareolaíochta

Cuireann an tseirbhís Aonad Lae Néareolaíochta idirghabhálacha lae ar fáil do raon daoine a bhfuil riachtanais néareolaíochta acu, lena n-áirítear teiripe insilte, polladh lumbach, Gilenya, géineolaíocht agus bloic néaróg mhór ocsapataigh. Déantar roinnt idirghabhálacha néaramháinliachta sa tseirbhís seo freisin. Cuireann an tseirbhís conair mhalartach ar fáil don chohórt othar seo trína seachnaítear iontráil mar othar cónaithe agus trína n-éascaítear idirghabhálacha níos tráthúla.

An tSeirbhís Scléaróise Iolraí

Is riocht néareolaíoch ainsealach í Scléaróis Iolrach a théann i bhfeidhm ar an inchinn agus ar chorda an dromlaigh. Bíonn éagsúlacht mhór airíonna ag daoine difriúla, bíonn scléaróis iolrach athiompaitheach agus maolaitheach ag daoine áirithe, agus bíonn cúrsa forásach ag daoine eile. Is í an chúis is coitianta le míchumas i measc daoine óga ar fud an domhain í agus tá sí níos coitianta i measc na mban ná na bhfear, le cóimheas de 2:1.

Cuirtear seirbhísí éagsúla ar fáil d'othair tríd an tseirbhís lena n-áirítear clinicí faoi threoir comhairleora agus altraí, line chomhairle teileafóin, comhairle agus tacaíocht do sheirbhísí pobail agus seirbhís tacaíochta ríomhphoist.

Oftailmeolaíocht

Cuireann an Roinn Oftailmeolaíochta seirbhís othar seachtrach oftailmeolaíochta, seirbhís chomhairliúcháin d'othair chónaithe agus seirbhís Máinliachta Lae ar fáil le laghaidh gnáthamh oftailmeolaíochta.

Faigheann an tseirbhís othar seachtrach atreoruithe ó dhochtúirí teaghlaigh, optaiméadraithe agus speisialtachtaí cúram sláinte gaolmhara. Tá roinnt clinicí speisialtóireachta oftailmeolaíochta ar siúl freisin, lena n-áirítear clinicí néara-oftailmeolaíochta,

súlphlaistigh, galair fhithiseacha, glácóma, ortoptach agus tocsaineacht súl. Éascaíonn an roinn roinnt trialacha cliniciúla leanúnacha i gcomhar le ranna ospidéal eile freisin. Is cuid shuntasach den tseirbhís iad comhairliúcháin le hothair chónaithe agus is ón néaramháinliacht, néareolaíocht, inchríneolaíocht, CSS agus an Roinn Timpistí agus Éigeandála a thagann formhór na n-atreoruithe.

Áirítear leis an tseirbhís máinliachta lae raon cuimsitheach gnáthamh fabhraí súl a chur ar fáil. Tá Clinic Tocsaine Botalanaime seanbhunaithe ann freisin a phléann le hothair a bhfuil diostóine aghaidhe orthu. Gné eile dár liosta nósanna imeachta is ea clinic léasair a reáchtáiltear chun othair a bhfuil reitineapaite diaibéiteach, cuimilt reitineach agus fibróis iar-chatarachta orthu a chóireáil le Léasair YAG agus Argón. Déantar réimse imscrúduithe diagnóiseacha, lena n-áirítear tástáil réimse radhairc, grianghrafadóireacht fhundach agus Tomagrafaíocht Chomhtháthaithe Optúil (OCT).

In 2024, athbhunaíodh an comhaontú rathúil faoi stiúir na seirbhíse Ortaiptí (WTE 0.2) agus Oftailmeolaíochta (WTE 0.1) ó Beaumont san Ospidéal Náisiunta Athshlánúcháin. Cuireann an tseirbhís luachmhar seo cúram oftailmeolaíoch tráthúil ar fáil chun athshlánú a fheabhsú d’othair chónaithe agus d’othair sheachtracha araon ó ghairmithe a bhfuil taithí acu.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Laghdú 11% ar fhreastal ar othair sheachtracha anna 2023 v 2024 (N = -503)
- Méadú 11% ar othair nua in Othair Sheachtracha 2023 v 2024 (N = 166)
- Laghdú 11% (N= -68) ar iontrálacha roghnacha mar othar cónaithe agus ar chásanna lae, 2023 v 2024.

AN STIÚRTHÓIREACTH TRASPHLANDAITHE, ÚIREOLAÍOCHTA AGUS NEIFREOLAÍOCHTA

TRASPHLANDÚ DUÁIN

Is é trasphlandú duáin an rogha cóireála is fearr d’othair a bhfuil galar duáin acu sa chéim dhéanach, toisc go dtugann sé deis marthanachta agus cáilíocht saoil níos fearr.

An bhliain in uimhreacha:

- Rinneadh 175 trasphlandú duáin in 2024 in Ospidéal Beaumont.
- Rinneadh 30 trasphlandú ó dheontóirí beo in Éirinn, gan scéim comhroinnte duán RA a chur san áireamh.
- Rinneadh 145 trasphlandú duáin ó dheontóirí éagtha.
- Rinneadh an 6000ú trasphlandú duáin in Éirinn.
- Ceiliúradh in 2024 an chéad other a bhfuil trasphlandú duáin feidhmiúil aige ar feadh >50 bliain.
- Bhí 2730 duine ina gcónaí in Éirinn ag deireadh 2024 nach raibh ar scagdhealú, ach a raibh trasphlandú duáin feidhmiúil acu.
- Ina ainneoin sin, ag deireadh 2024, mhéadaigh an liosta feithimh do dheontóir marbh de 4.5%, go 559 nduine.
- Cuireadh 226 othar nua leis an linn, arb ionann é agus méadú 14% ar an mbliain roimhe.

Tá athruithe suntasacha tar éis tarlú ar thréithe deontóra agus faighteora araon le blianta beaga anuas ó 2011 i leith, nuair a bhaineamar amach an líon is airde trasphlanduithe duáin ag 192. An bhliain sin, níor tháinig ach 4 de na trasphlanduithe seo ó dheontóirí a thug duáin tar éis báis chairdiach, ach in 2024 ba ionann agus 23% dár ndeontóirí éagtha iad na deontóirí seo. In 2024, deontóirí a bhí 60 bliain d’aois agus níos sine ab ea 15% de na deontóirí éagtha ar fad. Othair aosta is ea mórchuid de na daoine a thairgeann duán a dheonú, a bhfuil go leor breoiteachtaí orthu agus ar dheontóirí níos casta iad, a dtugtar deontóirí le “critéir leathnaithe” orthu. Cé go bhfuil ár dtorthaí d’othair a fhaigheann duáin den sórt sin fós den scoth, bíonn cúrsa iar-obráide níos casta ann agus caitear tréimhse níos faide san ospidéal. Tá méadú ar chomh-mhorbacht leighis agus leochaileacht in othair ar an liosta feithimh do thrasphlanduithe á thabhairt faoi deara againn, chomh maith le saincheistean

sóisialta casta, rud a fhágann go mbíonn ar othair tréimhse níos faide a chaitheamh san ospidéal tar éis trasphlandú. Mhéadaigh an tréimhse san ospidéal de 16% i gcomparáid le 2023.


In 2024, bhí 32 (18%) dár bhfaighteoirí 65 bliana d’aois nó níos sine, agus is treocht leanúnach eile é sin. Feicimid méadú ar úsáid na roinne dianchúraim, rátaí níos airde de mhoilliú ar fheidhm nódaithe agus d’athiontráil san ospidéal. Mar thoradh air sin, tá éilimh níos mó ar ár seirbhísí tacaíochta ríthábhachtacha, amhail raideolaíocht idirghabhálach, scagdhealú, saotharlanna ginearálta agus speisialaithe, lena n-áirítear paiteolaíocht duánach speisialaithe. Mar thoradh air sin, tá acmhainní curtha ar fáil againn do chlinic nua do 2025 áit a ndéanfaidh dochtúir trasphlandúcháin athbhreithniú ar othair atá ar an liosta feithimh trasphlandúcháin, chun a chinntiú go bhfuil siad sa riocht is fearr is féidir dá dtrasphlandú sa todhchaí.

An tSeirbhís Trasphlandúcháin

Cuimsíonn an tseirbhís seo 8 Máinlia Chomhairleacha Trasphlandúcháin, 5 Dochtúir Chomhairleacha Trasphlandúcháin, 2 Imdhíoneolaí Chomhairleacha agus 1 Siciatraí Idirchaidrimh a bhfuil spéis ar leith acu i gcúrsaí trasphlandaithe. Tá go leor ranna eile agus comhghleacaithe eile a chuireann le rath na dtrasphlanduithe duáin, go díreach agus go hindíreach, ag Ospidéal Beaumont agus i Sráid an Teampaill.

Torthaí ar Thrasphlanduithe

Tá sonraí na dtorthaí ar trasphlanduithe duáin in Éirinn thar a bheith go maith le fada an lá. Is é 20.9 bliain an meántréimhse marthanachta d’fhaighteoirí duán ó dheontóirí éagtha. Bunaithe ar na sonraí is déanaí, tá torthaí bliana ar thrasphlanduithe duáin in Éirinn den scoth agus ráta marthanachta 98% acu. Déanaimid ár sonraí a thagmharcáil i gcomparáid leis an Staidéar Comhoibritheach Eorpach ar Thrasphlanduithe agus sáraíonn sonraí ár dtorthaí na meáin sa staidéar sin i ngach grúpa.



Fíor 1: trasphlanduithe duáin a rinneadh ó bhí 2014 ann

Rinneamar 30 trasphlandú deontóra beo in 2024. Cé go bhfuil torthaí trasphlanduithe ó dheontóirí beo inchomparáide leis na torthaí a fhaightear ar thrasphlanduithe ó dheontóirí éagtha sa chéad bhliain (95% agus 100% marthanacht duáin agus othair faoi seach), is léir na buntáistí a bhaineann le trasphlandú deontóra beo sna blianta ina dhiaidh sin. Ag an bpointe ama 5 bliana, bíonn 89% marthanacht duáin agus 97% marthanacht othair ag faighteoirí ó dheontóirí beo. Ina theannta sin, chaith othair a fuair duán ó dheontóir beo i bhfad níos lú ama ag fanacht le trasphlandú agus níos lú ama ar scagdhealú, agus sheachain líon suntasach an gá le scagdhealú go hiomlán. Cruthaíonn na torthaí seo na buntáistí ollmhóra a bhaineann le deonú duáin bheo agus léiríonn siad an fáth ar cheart go mbeadh deonú beo ar an gcéad rogha d’fhormhór na n-othar Éireannach. Is ar na cúiseanna seo gurb é ár mana ‘Tús Áite don Deontóir Beo’.

Trasphlanduithe d’fhaighteoirí ard-imdhíonta

I gcás faighteoirí ionchasacha a bhfuil leibhéal arda antasubstaintí réamhfhoirmithe i gcoinne faighteoirí ionchasacha acu, a dtugtar othair “an-imdhíonta” orthu, is gá dian-imdhíon-chosc chun diúltú do thrasphlandú a chosc. Ar an drochuair, bíonn deacrachtaí acu duán meaitseáilte a aimsiú mar gheall ar na hantasubstaintí seo as a leanann amanna feithimh níos faide ná an meán ar an liosta feithimh trasphlandúcháin. Tríd an obair ollmhór a dhéanann ár seirbhís H&I, ár gClinic Ard-imdhíonta agus pearsanra cliniciúil speisialaithe eile, rinneamar 16 faighteoir ard-imdhíonta a thrasphlandú in 2024, rud a thabharfaidh deis nua maireachtála dóibh. Mar thoradh ar dhul chun cinn leanúnach i dtrasphlandú an ghrúpa casta othar seo, tá laghduithe tagtha ar ár n-amanna feithimh.

Oiliúint an RCSI i Máinliacht Aisghabhála Duáin

Reachtáladh ár gceathrú cúrsa bliantúil ar aisghabháil orgán bhoilg ó dheontóirí éagtha i mí Iúil 2024 sa scoth ionad ionsamhlaithe máinliachta ag an RCSI. Ba iad NKTS, ODTI agus RCSI a d’eagraigh an cúrsa. Bhí 23 duine i láthair, lena n-áirítear NCHDanna, ACanna, Comhordaitheoirí Trasphlandúcháin agus foireann altranais ó Ospidéal Damien agus ODTI. Bhí an-rath ar an gcúrsa agus tá súil againn go leanfaidh sé ar aghaidh amach anseo agus ba mhaith linn é a leathnú chuig iarrthóirí áitiúla agus idirnáisiúnta araon. Tá súil againn freisin creidiúnú a lorg don chúrsa ón gCumann Eorpach um Thrasphlandú Orgán (ESOT).

Ról an AA i dTrasphlandú:

Cheiliúir an fhoireann Úireolaíochta agus Aisghabhála Duáin AA clocha míle suntasacha agus forbairt

leanúnach na seirbhíse in 2024. Ceathrar AA atá san fhoireann agus tugann siad raon leathan saineolais leo ón obrádlann, aonad dianchúraim, roinn ainéistíse agus aisghabhála. Ina theannta sin, reáchtálann AA neifreolaíochta agus AC Cianseirbhís Monatóireachta Neifreolaíochta Iar-Thrasphlandaithe.

1. Aisghabháil Duáin (Deontóirí Éagtha): In 2024, ghlac na haltraí ardchleachtóra páirt in 79 aisghabháil in ospidéal éagsúla i bPoblacht na hÉireann, rud a neartaigh a n-inniúlacht theicniúil agus ag cur leis an tacaíocht d’fhoirne réigiúnacha nach bhfuil an cur amach céanna acu ar ghnáthaimh den sórt sin. Ina theannta sin, cabhraíonn siad le linn máinliachtaí úireolaíochta lena n-áirítear trasphlanduithe duáin, gnáthaimh oscailte úireolaíochta agus neifreactóimí.
2. Clinic do Bhaint Steintíní Iar-Thrasphlandúcháin: I gcomhar lenár AA agus AC neifreolaíochta, bainistíonn siad clinic bainte steintíní JJ d’othair iar-thrasphlandúcháin duáin. In 2024, bainistíodh baint steintíní as 125 othar tríd an tseirbhís seo.
3. Cianseirbhís Monatóireachta: Tá ag éirí go han-mhaith leis an tseirbhís seo a fuair aitheantas náisiúnta as meánlín na bhfreastal othar iarphlandúcháin a laghdú ó 12 go 2.2 cuairt, rud a spárálann 170,000km d’aistear tiomána ar othair, agus ar a laghad 2300 uair an chloig a chaithfí ar an mbóthar.
4. Bíonn Seisiúin Oideachais agus Cainteanna ó Anna ar siúl i rith na bliana, agus cuireann na haltraí ardchleachtóra roinnt seisiún oideachais ar fáil maidir le gnáthaimh úireolaíochta agus ról an AC, ag leibhéal na mbardaí agus d’altraí iarchéime faoi oiliúint. Áirítear leis na seisiúin seo oideachas ar mháinliacht le cúnamh róbach, ailse lamhnáin agus aisghabháil duáin. Chuir Angela Niland póstaer isteach chuig an 12ú cruinniú bliantúil um Cháilíocht agus Sábháilteacht, inar aibhsíodh ról an AC i máinliacht róbach in Ospidéal Beaumont, agus chuir sí ról an AC i láthair in aisghabhálacha duáin ó dheontóirí éagtha ag an gComhdháil Bhliantúil um Thrasphlandú Úireolaíochta agus Neifreolaíochta i mí na Samhna.

Neifreolaíocht

Tá 8 Neifreolaí Chomhairleacha ag Seirbhís Neifreolaíochta Beaumont, mar aon le 6 chláraritheoir grád SpR agus 2 chláraritheoir neamhghrád SpR a sholáthraíonn seirbhís d’othair a bhfuil trasphlandú duáin feidhmiúil acu, daoine a bhfuil galar ainsealach duáin, haema-scagdhealú in ionad agus sa bhaile, scagdhialú peireatóinéim, géardhíobháil duáin, galar glomarúlach. Tá an líon is mó othar trasphlandúcháin faoi chúram leantach sa tír againn, chomh maith leis

an líon is mó othar haema-scagdhealaithe agus líon is mó othar haema-scagdhealaithe baile. Tá dhá ionad haema-scagdhealaithe satailíte faoinár rialú, Beacon Dhroichead Átha agus Crois an Tuaiscirt.

Gníomhaíocht othar seachtrach

Cuirimid clinicí speisialaithe ar fáil i bhfoirmiú rochtana soithíoch, scagdhealú peireatóinéim (uile), haema-scagdhealú baile, géineolaíocht duánach, measúnú ar dheontóirí duáin beo, meastóireacht réamh-thrasphlandúcháin ar fhaighteoirí casta trasphlanduithe, clinic d’othair ardimdhíonta, clinic measúnaithe liosta feithimh trasphlandúcháin – le tosú in 2025, clinic aistrithe trasphlandúcháin do dhaoine óga fásta idir Sráid an Teampaill agus Ospidéal Beaumont agus clinicí réamhbhreithe duánacha. Phléamar le 12,941 othar fillte sa chlinic agus 1203 othar nua in 2024.

Barda Lae Duánach

Rinneamar measúnú ar >1800 othar ar ár mbarda lae duánach a raibh athbhreithniú iar-thrasphlandúcháin, measúnú deontóra duáin bheo, bithóipse duáin, deisiú nó foirmiú rochtana soithíoch, cur isteach caitéitir PD, insiltí iarainn, insileadh ceimiteiripe/imdhíon-sochta nó athbhreithniú ar chúis eile de dhíth orthu, rud a chuir cosc ar fhreastal ar an Roinn Éigeandála agus/nó ar iontráil san ospidéal. Seo an áit freisin a mbaintear na steintíní JJ tar éis trasphlandaithe, ionas nach gá dul chuig obrádlann.

Haema-scagdhealú

	2024	2023	2022
Ospidéal Beaumont	28538	27613	27613
Ospidéal an Mater	13763	9485	6824
Ospidéal Ginearálta an Chabháin	10049	10918	8964
Beacon Dhroichead Átha*	14372	14305	15760
Crois an Tuaiscirt*	15197	15192	14480

- Rinne ár nIonad Teiripí Scagdhealaithe 28,538 cóireáil haema-scagdhealaithe lae in 2024 (méadú 50% i 5 bliana).
- Rinne ár n-aonad scagdhealaithe i Naomh Peadar 3281 cóireáil haema-scagdhealaithe d’othair chónaithe.
- Rinne ár n-ionaid scagdhealaithe satailíte 18481 cóireáil haema-scagdhealaithe lae eile ar othair Beaumont.
- Is ionann sin agus 50300 haema-scagdhealú lae a rinneadh faoi mhaoirseacht Sheirbhís Neifreolaíochta Ospidéal Beaumont.

- Thosaíomar 85 othar ar haema-scadhealú.
- Rinneamar cóireáil ar 20 othar ó gach cearn den tír le Malartú Plasma.
- Tá 17 othar againn a dhéanann a gcuid haema-scadhealaithe féin sa bhaile.


Úireolaíocht

Cuireann Foireann Úireolaíochta Beaumont, atá lonnaithe den chuid is mó in Ospidéal Beaumont, Seirbhís Úireolaíochta Réigiúnach ar fáil i gcónaí d’othair i nGrúpa RCSI Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh. Tá roinn ar shamhail ‘mol agus spóca’ á fhorbairt in éineacht le hOspidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir agus Ospidéal Iósaf, Ráth Éanaigh. Tacaíonn sí freisin leis na Seirbhísí Úireolaíochta in Ospidéal Ginearálta Lú, Ospidéal Ginearálta an Chabháin agus Ospidéal Mhuineacháin. Cuirfidh an tacaíocht réigiúnach seo agus an acmhainn mhéadaithe ar ár gcumas cúram casta úireolaíochta, úir-oinceolaíochta agus cúram úireolaíochta a chur ar fáil d’othair a bhfuil ardleibhéal castachta cliniúla acu in Ospidéal Beaumont agus Seirbhísí um Baint Clocha Úireolaíochta agus Ionúireolaíocht á bhforbairt laistigh d’Ospidéal Uí Chonghaile. Tá 11 chomhairleoir úireolaíochta ag Seirbhís Úireolaíochta Ospidéal Beaumont.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Gníomhaíocht Úireolaíochta


Bliain thar a bheith gnóthach agus dúshlánach ab ea 2024 don tSeirbhís Úireolaíochta. Bhí tionchar diúltach ag brúnna cúraim neamhsceidealta ó Iontrálacha éigeandála agus cuairteanna níos faide ar an ospidéal ar rochtain ar Chúram Sceidealta. Mhéadaigh atreoruithe chuig an tseirbhís úireolaíochta de 1098 (ba é 7930 an líon iomlán in 2024) i gcomparáid le líon iomlán na bliana roimhe sin (6832 atreorú.).




Fíor 3: 2023 Vs 2024 Atreoruithe úireolaíochta faighte

Cé go raibh tionchar ag an ngá atá leis an roinn éigeandála a bhainistiú go sábháilte agus na brúnna a eascraíonn as cúram neamhsceidealta ar rochtain ar an obrádlann, bhí an Roinn Úireolaíochta an-eagraithe agus an-éifeachtach go deo ó thaobh an gá le máinliacht a aithint agus an mháinliacht a dhéanamh ar gach othar a raibh ailse chriticiúil nó baol orgáin orthu trí na codanna is deacra de 2024.

Bhí ár Seirbhís Mear-rochtana Ailse Phrostátaigh ag oibriú i gcónaí agus cuireadh cóireáil ar othair ó cheann ceann na bliana. Ba é an 6ú bliain as a chéile gur chomhlíon an tseirbhís na príomhtháscairí feidhmíochta cóireála, agus is éacht ann féin é sin.



Fíor 4: Othair Sheachtracha Úireolaíochta in ambhandaí liosta feithimh




Fíor 5: Ambhandaí an liosta feidhm do Mháinliacht Úireolaíochta

Tá Ospidéal Beaumont ar cheann d’ocht n-ionad dhiagnóiseacha ainmnithe do Chlinicí Mear-rochtana NCCP, chun measúnú a dhéanamh ar fhir a bhfuil amhras faoi ailse próstataigh orthu. Sna clinicí seo, déanann úireolaí comhairleach measúnú ar na hothair agus bíonn rochtain acu ar altraí speisialaithe ailse próstataigh. Tá Ospidéal Beaumont ar cheann de 6 ionad ainmnithe in Éirinn inar féidir obráid ailse próstatach (róbatach agus oscailte araon) a dhéanamh.

Ina theannta sin, faigheann RAPC atreoruithe le haghaidh bainistíocht máinliachta ó OLOH Dhroichead Átha, ospidéal contae Lú, ospidéal Dhún Dealgan, an Chabháin/Mhuineacháin agus Ospidéal Uí Chonghaile Bhaile Bhlainséir, chomh maith le hinstiúidí eile ar fud na tíre ina ról mar ionad barr feabhais do mháinliacht ailse phróstataigh.

Ba dhúshlán é in 2024 an tSeirbhís Mear-rochtana Ailse Phróstataigh ach tá riachtanais na seirbhíse agus na n-othar á gcomhlíonadh i gcónaí.



Fíor 6: Atreoruithe Mear-rochtana phróstataigh ó 2016 i leith

Táimid tar éis aistriú go hiomlán chuig bithóipse próstatach tras-pheirinéim ó Dheireadh Fómhair 2022. Dá bhrí sin, déantar bithóipse phróstataigh ar gach othar atá sceidealta lena n-aghaidh faoin teicníc nua mura bhfuil frithchomhartha ann maidir leis. Is é príomhbhuntaiste na teicnící TP ná laghdú an riosca seipsise ar lú ná 1% an riosca.

Tá feabhas mór tagtha ar cháilíocht an chúraim d’othair leis an tseirbhís nua seo trí dhiagnóis ailse próstataigh a fheabhsú. Ina theannta sin, laghdaíodh líon na ngnáthamh athdhéanta a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil i roinnt fear trí spriocdhíriú níos fearr a sholáthar ar limistéir neamhghnácha sa phróstatach.


Léiríonn taighde ar chur chuige Bithóipse TP go bhfuil an cruinneas diagnóise céanna ag bithóipse phróstatach traspheirinéim agus tras-reicteach, ach go bhfuil riosca

níos ísle seipsise agus fuilthe ag baint leis an gcur chuige tras-pheirinéim.

Tá feabhas mór tagtha ar an gcumas seirbhís bithóipse próstataigh tras-pheirinéim a sheachadadh trí thóireadóir bithóipse TP sonrach a cheannach lenar féidir leis an raideolaí an gnáthamh a dhéanamh le cruinneas i bhfad níos mó agus níorbh fhéidir an tóireadóir a cheannach gan an tacaíocht a fuarthas ó fheachtas dochreidte Fan sa Diallait le haghaidh Ailse Próstataigh – Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath a bhailigh airgead don dara tóireadóir agus a thug tacaíocht ollmhór dár seirbhís.

Féachtar leis an bhfeachtas Fan sa Diallait le haghaidh Ailse Prótastaigh feasacht a chothú ar a thábhachtaí atá an aimsiú luath i gcás Ailse Phróstataigh agus na tairbhí a ghabhann leis.

Thar ceann fhoireann agus othair a thairbhígh den iarracht dhochreidte bailithe airgid le cúpla bliain anuas gabhaimid buíochas ó chroí leis an uile dhuine i mBriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath a bhí páirteach agus an uile dhuine a d’urraigh an fhoireann.



Fíor 7: Freastal ar RAPC 2012 go dáta

Tuairiscíodh roinnt príomhtháscairí feidhmíochta don NCCP. Déanann an Roinn Sonraí Ailse monatóireacht agus tuairisciú orthu seo. Roimh 2014 níor tuairiscíodh ach ar phríomhtháscaire feidhmíochta amháin. Tuairiscíodh ar PTF breise ó 2014 i leith.

	Target	2021	2022	2023	2024
Laistigh de 20 lá	90%	100%	100%	99.52%	100%

Fíor 8: PTF 1: Othair a fuair coinne laistigh de 20 lá.

‘Obair leantach srathaithe féinbhainistithe d’othair tar éis cóireáil ailse phróstataigh’ nua faoi stiúir AC

D’fhorbair an Clár Náisiúnta um Rialú Ailse cur chuige struchtúrtha ar a dtugtar obair leantach féinbhainistithe srathaithe chun athrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar monatóireacht ar othair tar éis obráid próstataigh. Trí othair a roghnú agus oideachas críochnúil a chur ar fáil dóibh, cuireann an cur chuige seo ar a gcumas smacht a ghlacadh ar a dtéarnamh féin. Faigheann othair faisnéis faoi chomharthaí féideartha, tástálacha monatóireachta riachtanacha, agus cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh má tá ceisteanna nó imní orthu. Déanann Oibrí Tacaíochta Othair agus AA athbhreithniú ansin ar na tástálacha agus na ceistneoirí riachtanacha. Léiríonn sonraí ó cheann de na suíomhanna píolótacha náisiúnta, a bailíodh óna thús i mí an Mhárta 2023 go mí an Mhárta 2024, gur cláraíodh 180 othar, agus is maith gur chloígh 98% díobh tar éis bliana leis an gcur chuige féinbhainistithe seo.N

Gach bliain in Éirinn, faigheann beagnach 4,000 fear diagnóis d’ailse próstataigh, a chiallaíonn clinicí úireolaíochta gnóthacha agus go leor othar a dteastaíonn cúram rialta uathu. In Ospidéal Beaumont, ó thosaigh an chonair seo i mí Iúil 2024, earcaíodh 70 othar, agus níor ghá ach d’othar amháin filleadh ar obair leantach thraidisiúnta ospidéil mar gheall ar atarlú bithcheimiceach den ailse.


Seirbhís Úraidinimic

Roinn Úraidinimice Figiúirí 2024

	2023	2024
Lánstaidéar Úraidinimice	99	130
Úrashreabhadh/PVR	1099	1110
Triail Gan Chaitéitear	444	377
Gnáth-athrú caitéitir (baineann, fireann nó forphúbasach)	967	865
Oideachas ISC	48	22
Iomlán	2657	2504

Fíor 9: Uimhreacha na Roinne Úraidinimice do 2024 vs 2023

Conair Haematúire Infheicthe:



Fíor 10: Atreoruithe do Haematúire Infheicthe

Atreoraíodh 697 othar chuig an gconair haematúire infheicthe agus chomhlíon 387 díobh na critéir chliniciúla bunaithe chun dul ar aghaidh chuig an gconair.

- Atreoraíodh 310 othar chuig na conairí cuí cliniciúla (44%)
- Scaoileadh 130 othar chuig dochtúir teaghlaigh (34%)
- Fuair 55 othar diagnóis d’ailse úireolaíochta (14%)
 - 42 ailse lamhnáin (11%)
 - 10 ailse duánacha (2.5%)
 - 5 ailse úiréidreacha (1.5%)

1 ailse reicteach teagmhach


- Fuair 202 othar dignóis de riocht neamhurchóideacha úireolaíochta ar theastaigh iar-obair uathu agus atreoraíodh iad chuig na úireolaithe speisialtóra cuí le haghaidh imscrúdú breise agus cóireáil (52%).

Conclúid

- **Atreoruithe ag méadú:** Ó 161 in 2019 go 697 in 2024
- >fás x4.
- **Feabhas ar Éifeachtacht Atreoraithe:** Méadú suntasach ar atreoruithe cuí ó 8% in 2019 go 44–51% in 2023–2024.
- **Ráta Aimsithe Ailse:** Méadú ó 8% in 2019 go ráta ard 17% in 2021, roimh shocrú timpeall 12–16%
- **Scaoileadh abhaile go dochtúir teaghlaigh:** Laghdú de réir a chéile ó 54% (2019) go 30–36% le blianta beaga anuas de bharr cásanna níos casta.
- **Méadú ar iar-obair speisialtóra:** Ó 38% in 2019 go hos cionn 50% faoi 2023–2024.
- **San iomlán:** Is cosúil gur uirlis luachmhar é an chonair VH chun cúram úireolaíoch a shruthlíniú. Aithníonn agus treoraíonn sé othair nach

dteastaíonn idirghabháil speisialtóra uathu, agus cinntíonn sé diagnóis agus cóireáil thráthúil dóibh siúd a bhfuil ailse úireolaíoch nó riochtaí casta neamhurchóideacha orthu.

Ailse Lamhnáin



Fíor 11: Líon na Cisteachtóime a rinneadh in Ospidéal Beaumont.

An 2ú Deireadh Fómhair 2023, rinne an tSeirbhís Úireolaíochta an chéad chisteachtóime radacach le cúnamh róbatach. Rinneadh 7 n-obráid róbtachta ar an iomlán idir Deireadh Fómhair 2023-Nollaig 2023. Tá consól an mháinlia trealmhaithe le speictream formhéadúcháin il-leibhéal tríthoiseach ceannródaíoch a chur ar fáil. Is gnách d’obráidí níos traidisiúnta a dhéanamh le cabhair scóipe íomhá de thaifeach níos ísle a chur ar fáil, mar aon le réimse radhairc i bhfad níos teoranta. Feabhsaíonn an cruinneas torthaí cliniúla, laghdaíonn sé fíochán coilm, agus cabhraíonn sé chun an tréimhse téarnaimh a laghdú.

In 2024 rinneadh 12 chisteachtóime róbatacha eile, rud a thug an t-iomlán in 2024 go 30.

	2021	2022	2023	2024
Oscailte	17	24	18	18
Róbatach	0	0	7	12
Iomlán	17	24	25	30

Fíor 12: Líon na gcisteachtóime a rinneadh in Ospidéal Beaumont

Cuireadh tús le triail an Chláir Aisghabhála Feabhsaithe (ERAS) i gcomhréir leis an gcéad obráid chisteachtóime róbatach. Is clár aisghabhála mionsonraithe é ERAS atá dírithe ar spriocanna a thabhairt d’othair le comhlíonadh gach lá a chabhróidh leo téarnamh níos tapúla. Áirítear leis seo gluaiseacht luath, aiste bia éadrom a bharrfheabhsú agus bainistíocht péine.

Éascaíonn an teicníc seo othair a roghnaíonn obráid ionas gur féidir leo níos lú ama a chaitheamh san ospidéal agus toradh iar-obráide níos fear a bhaint amach. Tá bileog eolais d’othair cruthaithe ag an AC a thugtar don othar ag a gcéad seisiún comhairliúcháin. Le chéile, d’fhorbair an AC agus an tUasal Broe an chonair ERAS do na haltraí/dochúirí lena leanúint céim ar chéim. Tá súil ag an bhfoireann úireolaíochta an teicníc seo a úsáid tuilleadh, a iniúchadh agus a fheabhsú.

In 2024, rinneadh thart ar 170 obráid úireolaíochta le cúnamh róbatach in Ospidéal Beaumont. Áiríodh leis seo próstaiteachtóime radacach, neifreachtóime páirteach agus radacach, ath-ionphlandú úiréadrach, piéileaplaiste, neifreoiréiteachtóime, cisteachtóime agus le déanaí díoscadh nóid limfe radaacah peireatóiném, le teacht an Chomhairleora Usman Haroon. Déanann na hAACanna dualgais chéadchúnamh máinliachta de réir threoirlínte bunaithe do chúntóir róbataigh, atá le fáil ar Q-pulse. Ar an gcaoi sin, feabhsaítear cáilíocht chúram othar agus saortar Cláraitheoirí Úireolaíochta chun bheith ina máinlianna róbataigh oilte. In 2025, cuirfidh Ospidéal Beaumont tús leis na chéad obráidí Úireolaíochta Port Aonair in Éirinn.

Neifreolaíocht

Gnáthaimh in 2024:

- 71 gnáthamh san iomlán a rinneadh
- Cruthú AVF 56
- Cruthú AVG 1
- Ceangal 15

Rinneadh 7 n-iontráil éigeandála trí Rochtain ar Chúram Soithíoch, bhí obráid éigeandála de dhíth ar chuid acu laistigh de 2 uair an chloig iar-athbhreithniú

Na príomhsheirbhísí a chuir an tSeirbhís AC ar fáil:

- Clinicí Rochtana Soithíoch a Chomhordú
- Dátaí obráide a chomhordú d’othair
- Othair a mheasúnú agus a ullmhú le haghaidh obráidí
- Athbhreithniú ar othair Rochtain Soithíoch ar HD laistigh de Ghrúpa Ospidéal RCS
- Athbhreithniú ar othair Rochtain Soithíoch ar othair tar éis foirmiú AVF
- Oideachas othar i dtaobh rochtain soithíoch agus tacaíocht altraí HD maidir le rochtain soithíoch
- Oideachas rochtana soithíoch ag lá oideachais CKD
- Atreoruithe a mheasúnú agus a thriáiseáil
- Dlúth-theagmháil a dhéanamh le hAonaid Scagdhéalaithe an Chabháin/Leitir Ceanainn

Seirbhís Haema-scagdhealaithe

Ionaid Teiripe Scagdhealaithe – Aonad Haema-scagdhealaithe d’othair sheachtracha

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Achinntiú go gcuirtear cúram ardchaighdeán ar fáil; trí iniúchadh leanúnach, coinníodh an cúram san ionad teiripí scagdhealaithe ar ardchaighdeán.
- Doiciméadú gan pháipéar; chuir an t-aonad haema-scagdhealaithe tús le córas gan pháipéar in 2020 agus aistríodh an doiciméadú altranais go doiciméadú digiteach. Tá sé mar aidhm ag an roinn leanúint leis an bpróiseas seo in 2025.
- Cumas ceannaireachta a fhorbairt; ó cuireadh conradh feabhsaithe na n-altraí i bhfeidhm, tá altraí foirne laistigh den ionad teiripí scagdhealaithe ag glacadh le freagrachtaí breise. Tá sé mar aidhm ag an roinn na freagrachtaí agus na róil seo a fhorbairt i gcónaí.

2021	2022	2023	2024
26117	27239	27612	28539

Fíor 13: Iomlán na gCóireálacha Haema-scagdhealaithe ag Ospidéal Beaumont

Clinicí Scagdhealaithe Satailíte

Le cois na n-othar atá ag freastal ar scagdhealú othar seachtrach in Ospidéal Beaumont, faigheann líon mór othar a gcóireálacha scagdhealaithe inár n-aonaid chonarthacha ag Cros an Tuaiscirt agus i nDroichead Átha. Ag deireadh na bliana bhí 67 othar ó Beaumont ag freastal ar an aonad i nDroichead Átha agus 60 othar ag freastal ar an aonad ag Cros an Tuaiscirt.

Mar thoradh ar an méadú ar an éileamh ar scagdhealú, tá Neifreolaithe Ospidéal Beaumont chun tosaigh ó thaobh an 3ú ionad satailíte a lorg inár réigiún chun cúram a sholáthar don phobal scagdhealaithe atá ag méadú.

AN STIÚRTHÓIREACHT MÁINLIACHTA

Tús eolais

Féachtar, sa Stiúrthóireacht Máinliachta, le cúram ardchaighdeán a sholáthar do gach othar go tráthúil. Bliain dhúshlánach ab ea 2024 dóibh siúd atá ag obair sa chóras cúraim sláinte toisc an méadú ar othair éigeandála chomh maith le méadú ar líon na n-atreoruithe, rud a dhéanann difear d’acmhainn ghéarmhíochaine. Mar sin féin, in ainneoin na ndúshlán seo, d’éirigh leis an Stiúrthóireacht samhlacha nua cúraim a fhorbairt agus tá méadú tagtha ar ghníomhaíocht chun freastal ar an éileamh méadaitheach seo. Tá roinnt feabhsuithe suntasacha cáilíochta agus feidhmíochta curtha i bhfeidhm i rith na bliana seo.

An Stiúrthóireacht Máinliachta

Tá an Stiúrthóireacht Máinliachta comhdhéanta de Mháinliacht Chíce, Máinliacht Cholaireicteach, Máinliacht Ghastraistéigeach Uachtarach, Gínéiceolaíocht, Ortaipéidic, Máinliacht Phlaisteach & Athchruthaitheach agus Máinliacht Shoithíoch. Déanann an stiúrthóireacht maoirseacht ar na seirbhísí barda lae máinliachta 26 leaba i mbarda Naomh Fionnbharra, an t-aonad iontrálacha lá na hobraíde agus bainistíocht seirbhísí altranais othar seachtrach, lena n-áirítear aonad othar seachtrach satailíte OMNI agus Ionad Cíche Beaumont. Ina theannta sin, bainistíonn an stiúrthóireacht 105 leaba d’othair chónaithe. Cuireann ACanna cúram altranais speisialaithe ar fáil sna réimsí seo a leanas: cúram cíche, cúram stóma, colaireicteach agus calaireicteolaíochta, gastaistéigeach uachtarach, cothú paireintreach, ailse soithíoch agus ailse craicinn. Tá ACanna cláraithe ann le haghaidh máinliacht oncaplaisteach, gastaistéigeach uachtarach, colaireicteach agus gínéiceolaíocht agus AC cíche ina theannta sin. Soláthraíonn beirt AC3anna tacaíocht oibríochtúil altranais mháinliachta don stiúrthóireacht.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Dírímid ar roinnt príomhréimsí a mbíonn tionchar dearfach go leanúnach acu ar chaighdeán an chúraim d’othair chomh maith le feabhsuithe ginearálta i gcomhréir le príomhtháscairí feidhmíochta náisiúnta/ áitiúla.

- Tástáil do Mhéadrachtaí Cúraim FSS
- Méadrachtaí Cáilíochta agus Sábháilteachta
- Suirbhéanna ar Shástacht Othar

- Suirbhéanna ar Shástacht Foirne
- Spriocanna náisiúnta/PTF do speisialtachtaí máinliachta
- Liostaí feithimh ar obráidí agus ar ghnáthaimh
- Fad na cuairte ospidéil

In 2024, athbhreithníodh 75,072 othar trí sheirbhísí othar seachtrach na Stiúrthóireachta Máinliachta (féach Fíor 1.), agus rinneadh 22,127 obráid othar cónaithe agus cás lae (féach Fíor 2.).

Surgical Outpatient Service (Jan - Dec)					
	New Referrals	New Apts	Return Apt	Total Apt Attended	DNA Rate
2022	25334	17,960	35,886	64,484	16%
2023	29981	20,284	38,788	70,183	16%
2024	31578	22,099	41,320	75,072	16%


Fíor 1. Othair Sheachtracha sa Stiúrthóireacht BGD

- 2024. V. 2023 – Méadú 5% ar atreoruithe nua a fuarthas sa Stiúrthóireacht (n=1,597)
- 2024. V. 2023 – Méadú 7% in othair sheachtracha máinliachta (n= 4,889)

Seirbhís Máinliachta d'Othair Chónaithe (Ean - Noll)					
Líon na gCásanna Lae	Othair Ch-roghnacha	Othair Ch-neamhroghnacha	Gníomhaíocht Iomlán OC	Iomlán na Gníomhaíochta Máinliachta	
2022	14,706	1,849	3,999	5,848	20,554
2023	15,983	1,531	4,006	5,541	21,520
2024	16,596	1,643	3,888	5,536	22,127


Fíor 2. Cásanna Lae na nOthar Cónaithe sa Stiúrthóireacht BGD

- 2024. V. 2023 – Méadú 4% ar ghníomhaíocht cásanna lae (n=613)
- 2024. V. 2023 – Laghdú 0.1% i ngníomhaíocht othar cónaithe (n=5)
- Dúshlán mór a bhí ann in 2024 rochtain a fháil ar leapacha in Ospidéal Beaumont



Fíor 3. Gníomhaíocht Othar Seachtrach sa Stiúrthóireacht

- 2023 .v. 2024 – méadú ar ghníomhaíocht i ngach speisialtacht seachas Gínéiceolaíocht
- Méadú 7% ar Mháinliacht Cíche (n=790), méadú 9% ar mháinliacht ghinearálta (n= 1,018), laghdú 2% ar ghínéiceolaíocht (n=-75), méadú 10% ar ortaipéidic (n=1,363), méadú 5% ar mháinliacht phlaisteach (n=650) agus méadú 8% ar mháinliacht shoithíoch (n=601).





Fíor 4. Cásanna Lae sa Stiúrthóireacht

- 2024 .v. 2023 méadú ar chásanna lae i ngach speisialtacht ach amháin gínéiceolaíocht agus soithíoch.
- Méadú 23% ar mháinliacht chíche (n=79), méadú 66% ar mháinliacht ghinearálta (n= 232), laghdú 3% ar ghínéiceolaíocht (n=-10), méadú 30% ar ortaipéidic (n=107), méadú 61% ar mháinliacht phlaisteach (n= 213) agus laghdú 5% ar mháinliacht shoithíoch (n= -18).

STIÚRTHÓIREACHT NA MÍOCHÁINE ÉIGEANDÁLA / ROINN ÉIGEANDÁLA

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Is é ala eispéiris an othair nó AEO an t-am iomlán a chaitheann othar sa Roinn Éigeandála. Is réamhtháscaire tábhachtach é maidir le plódú. Is é an caighdeán cúraim don fhoireann Míochaine Éigeandála i gcónaí an ‘Caighdeán Sé hUair an Chloig’ ó theacht isteach go hiontráil i leaba bharda nó scaoileadh abhaile agus déanann Ospidéal Beaumont a dhícheall é sin a bhaint amach. Tá dúshlán shuntasacha le sárú má tá an sprioc seo le sroicheadh, mar is léir ó fhíor 1.



Fíor 5. Gníomhaíocht Othar Cónaithe sa Stiúrtóireacht

- 2024 .v. 2023– Laghdú 0.1% san iomlán ar ghníomhaíocht othar cónaithe (n=5)


Seirbhís Idirchaidrimh Bhriseadh Cromáin- Caighdeáin na hÉireann maidir le Briseadh Cromáin a chur i bhfeidhm (IHFS)

In 2024, bhí post altranais tiomnaithe ann i gcónaí d’othair a bhris cromán. Is é aidhm don ospidéal leis an bpost seo an chonair do dhaoine a bhris cromán, a forbraíodh in 2023, a chaighdeánú. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na sonraí ó Bhonn Sonraí Briste Cromáin na hÉireann ina ndearnadh comparáid idir R1 2023 agus R4 2024, tá méadú tagtha chomhlíonadh na seacht gcaighdeán agus ar an taraif dea-chleachtais a bhaint amach. Léiríonn ár staitisticí dul chun cinn suntasach leis na seacht IHFS, féach Fíor 1. Faightear 1000 euro don tseirbhís i gcás gach briste cromáin a chomhlíonann gach ceann de sheacht gcaighdeán. Bhí an ról altranais seo gcaighdeán agus ar an taraif dea-chleachtais a bhaint amach. Léiríonn ár staitisticí dul chun cinn suntasach leis na seacht IHFS, féach Fíor 1. Faightear 1000 euro don tseirbhís i gcás gach briste cromáin a chomhlíonann gach ceann de sheacht gcaighdeán. Bhí an ról altranais seo

STIÚRTHÓIREACHT NA MÍOCHÁINE ÉIGEANDÁLA / ROINN ÉIGEANDÁLA

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Is é ala eispéiris an othair nó AEO an t-am iomlán a chaitheannotharsa Roinn Éigeandála. Is réamhtháscaire tábhachtach é maidir le plódú. Is é an caighdeán cúraim don fhoireann Míochaine Éigeandála i gcónaí an ‘Caighdeán Sé hUair an Chloig’ ó theacht isteach go hiontráil i leaba bharda nó scaoileadh abhaile agus déanann Ospidéal Beaumont a dhícheall é sin a bhaint amach. Tá dúshlán shuntasacha le sárú má tá an sprioc seo le sroicheadh, mar is léir ó fhíor 1.



Fíor 1: Ala eispéiris othair sa Roinn Éigeandála do spriocanna 6 agus 9 n-uair an chloig 2023-2024.

Tá sé thar a bheith dúshlánach an caighdeán d’othair a shroicheadh nuair a bhíonn gá le hatreorú chuig na foirne ar glao-dhualgas nó le hiontráil isteach san ospidéal (Fíor 2).

Conair Othar	% PET <6 u.an ch.	% PET idir 6 agus 9 n-u. an ch.
Roinn Éigeandála amháin	50%	26%
Atreorú – Scaoilte amach	12%	15%
Atreorú - Iontráil	9%	9%

Fíor: 2 Foramharc ar alaí eispéiris othar maidir le spriocanna 6 agus 9 n-uair an chloig do gach Conair othair sa Roinn Éigeandála.


Léirítear an méadú ar ghéire i bhfreastal othar sna méaduithe ar na catagóirí práinneacha agus an-phráinneacha maidir le 2024 (Fíor 3).

Léirítear an méadú ar ghéire i bhfreastal othar sna méaduithe ar na catagóirí práinneacha agus an-phráinneacha maidir le 2024 (Fíor 3).

	2023	2023
Cat. 1	0.4%	0.3%
Cat. 2	23.5%	24.4%
Cat. 3	59.4%	60.3%
Cat. 4	13.7%	11.3%
Cat. 5	0.4%	0.3%
Gan triáiste	2.6%	3.4%

Fíor 3: Comparáid le catagóir triáiste

In 2024 chonacthas méadú ar ghéire míochaine na n-othar a tháinig chuig an roinn éigeandála i gcatagóirí 2 agus 3. As sin lean alaí feithimh níos faide d’othair áirithe sa roinn fad a bhí cóireáil á cur ar na hothair a ba phráinní.



Fíor: 4 Roinn Éigeandála, daoine nár fhan, feidhmíocht mhíosúil

In 2024, tháinig laghdú foriomlán 5% ar fhiigiúirí bliantúla na ndaoine nár fhan sa roinn. Léiríonn líon leanúnach na n-othar a fhágann an t-ospidéal sula bhfeiceann siad cliniceoir an brú atá ar an roinn agus ar an ospidéal cúram leighis a sholáthar do dhaoine atá i ngátar práinneach agus dóibh siúd nach féidir leo rochtain a fháil ar chúram leighis in aon áit eile.

In 2024, tugadh leapacha do 44% d’othair a bhris cromáin laistigh de 4 huaire an chloig ó theacht dóibh chuig an roinn éigeandála sa ráithe dheireanach den bhliain, is é 34% an meán náisiúnta. Is feabhas suntasach é seo freisin ar chonair ospidéil nár bhain amach ach 1% in 2023.

AN STIÚRTHÓIREACHT AILSE

Athbhreithniú 2024

Tar éis creidiúnú a bhaint amach in 2022, cuireadh tús le hobair fheabhsúcháin cáilfochta ar réimsí inar theastaigh gníomh. Áirítear ar fhorbairt leanúnach na seirbhísí ailse san ionad bunú na seirbhíse náisiúnta Siad Bhonn an Chloiginn, agus tús a chur le feidhmiú céimnithe Painéal na nIonad Ailse. Bunaíonn sé seo formáid chaighdeánaithe chun sonraí a thomhaistear agus a bhailíochtaítear go córasach a thaispeáint i bhformáid láraithe atá éasca le hanailísiú, rud a sholáthraíonn léiriú amhairc ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil. Tá deis ann anois athbhreithniú a dhéanamh ar idirghabhálacha chomh maith le cur chuige comhsheasmhach i leith feasacht a chruthú ar shonraí ailse, ag tacú le creidiúnú OECl agus JCl. Cuid den obair seo ab ea Paul Cully, Leas-Cheannaire Oibríochtaí, a cheapadh ar an bhfoireann i R1 2024.

Sonraí Ailse

Ag leanúint leis an obair ó 2023, d’fhoilsigh an stiúrthóireacht ailse tuarascáil chuimsitheach ailse in 2024 a chlúdaigh gníomhaíocht chliniciúil agus taighde ailse ar fud 11 ghrúpa siadaí in Ionad Ailse Beaumont RCSI. Áiríodh ar raon feidhme na tuarascála anailís ar shonraí déimeagrafacha a thug léargas ar ár bpobal ailse chomh maith le doimhneacht agus fairsinge an taighde fhoilsithe agus na dtrialacha cliniciúla in ospidéal a léiriú.

Léiríodh sa tuarascáil seo an méadú leanúnach ar ghníomhaíocht sa troid in aghaidh ailse, i gcomparáid

le 2003 agus minicíocht náisiúnta na hailse. Trí Phainéil Ionad Ailse a bhunú, soláthraítear forbhreathnú beo, cothrom le dáta ar mhéadrachtaí conaire d’othair ailse, PTFanna i gcás NCCP agus gníomhaíocht ailse a thugann rochtain éasca chun tacú le haithint na neamhéifeachtúlachtaí córasacha.

Gníomhaíocht	Nua-dhia gnóisithe	% de mheadú	Nua-chóir eáilte	% de mheadú
2022	3630		3682	
2023	3660	1.0%	3772	2.4%
2024	3916	7.0%	4173	10.6%


Fíor 1: Gníomhaíocht Ailse 2022, 2023 & 2024

Is é an sainmhíniú ar Nua-dhiagnóisithe: Líon na n-othar a fuair diagnóis nua ailse a fuair gné amháin ar a laghad dá ndiagnóis ailse san ionad ailse.


Is é an sainmhíniú ar Nua-chóireáilte: Líon na n-othar a fuair cóireáil d’ailse. Bhí na hothair seo tar éis dul faoi chóireáil dírithe ar ailse san ionad ailse beag beann ar an gcineál cóireála, dáta nó ionad na diagnóise ailse tosaigh.

In 2024 chonacthas méadú ar dhaoine nua-dhiagnóisithe agus ar dhaoine nua-chóireáilte d’ailse i ngach grúpa.

In 2024, tháinig cruinniú na foirne ildisciplíne mialóma ar líne faoin stiúrtóireacht ailse, rud a thug líon iomlán na gcruinnithe den fhoireann ildisciplíne a raibh bainistíocht á déanamh orthu go dtí 12, lena n-áirítear seirbhísí náisiúnta don Néara-Oinceolaíocht agus d’Ailse Péinis.



Fíor 2: Méadú ar Ailsí Nua-Dhiagnóisithe 2023 v 2024 (seachas ailse craicinn neamhchasta neamhmheileanóma – NCNMSC)



Fíor 3: Méadú ar Ailsí Nua-Chóireáilte 2023 v 2024 (excl. NCNMSC)

Buaicphointí Feidhmíochta

Is féidir athbhreithniú a dhéanamh ar thomhas cúlghabhálach na gcúiseanna coitianta le fad na conaire ailse, agus cé nach bhfuil aon spriocanna bunaithe curtha i bhfeidhm, is féidir le grúpáil frámaí ama atá comhsheasmhach ar fud na ngrúpaí ailse go léir cabhrú le réimsí le haghaidh feabhais a aithint.

In 2024 freisin, bhí an Stiúrtóireacht Ailse i gceannas ar roinnt tionscadal AE, lena n-áirítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach CraNE arb é an freagra é ar phríomhthionscadal uimhir 5 de Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa; INTERACT Europe 100, a chuireann oiliúint idir-speisialtachta ailse (ISCT) ar fáil do ghairmithe cúraim ailse i mbreis is 100 ionad ailse san Eoraip; agus CCI4EU atá dírithe ar athmhachnamh a dhéanamh ar chultúr na hailse agus bonneagair chuimsitheacha ailse a shainiú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil trí aistriú cothrom eolais.

Anuas air sin, d’óstaigh an stiúrtóireacht ailse an chomhdháil idirnáisiúnta ailse ar éirigh go seoighe leis i mBealtaine 2024, agus bhí raon leathan cainteoirí áitiúla agus idirnáisiúnta i láthair. D’fhreastail breis is 200 toscaire ar an ócáid a tionóladh in áiseanna RCSI ERC ar Champas Beaumont.

Bhí an stiúrtóireacht ailse mar bhall de ghrúpa idirnáisiúnta inar féachadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar na gcéad sraith eile de chaighdeán OECD, atá le cur i bhfeidhm in 2025

AN RANNÁN SEIRBHÍSÍ CLINICIÚLA



Réamhrá

Tá an Rannán Seirbhísí Cliniciúla (CSD) comhdhéanta de na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh atá ag obair laistigh d'ocht roinn, agus tuairiscíonn feidhmeannaigh agus gairmithe do Cheann na Seirbhísí Cliniciúla:

- Obair Shóisialta Mhíochaine
- Fisc Mhíochaine agus
- Innealtóireacht Chliniciúil
- Cothú agus Diaitéitic
- Teiripe Cheirde
- Cógaiseolaíocht Fisiteiripe
- Síceolaíocht
- Teiripe Urlabhra agus Teanga

Comhroinneann foireann an Rannáin Seirbhísí Cliniciúla a saineolas disciplíne chun scothchúram othar a sheachadadh trí chur chuige comhtháite. Déanann an foireann uile iarracht cúram tráthúil, sábháilte agus ardchaighdeáin a sholáthar agus a chumasú.

Ina theannta sin, baintear leas as an saineolas gairmiúil laistigh den Roinn chun sláinte agus folláine othar agus a dteaghlach, chomh maith le pobal níos leithne an Ospidéal, a chur chun cinn. Díritear bainistíocht an Rannáin ar ionad oibre ardfheidhmíochta agus ardtacaíochta a chruthú, a thacú agus a chothabháil, a mheallann agus a choinníonn foireann ardchaighdeáin.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Is é aidhm an Rannáin tionchar a imirt i gceithre phríomhréimse feidhmíochta. Tá táscairí feidhmíochta forbartha faoi gach réimse tosaíochta. (féach Fíor 1).

Príomhréimsí Feidhmíochta	Réimsí Tús Áite
Rochtain ar chúram	• Freagrúlacht • Táirgiúlacht • Laghdú ar líon trí róil ardchleachtóra
Cáilíocht agus Sábháilteacht	• Bainistíocht Riosca • Maoirseacht ghairmiúil, forbairt, oideachas agus oiliúint • Tomhais, iniúchadh agus taighde ar thorthaí cliniciúla.
Comhtháthú	• Conairí comhtháite cúraim san Ospidéal a dhearadh agus a chur ar fáil • Foghlaim agus oideachas idirdhisciplíneach, feabhsú seirbhíse, réiteach fadhbanna agus tacaíocht ar leibhéal cliniciúil agus bainistíochta
Cúram a aistriú go dtí an suíomh cheart	• Conairí cúraim malartacha nuálacha a dhearadh agus a chur ar fáil • Tacú le conairí feabhsaithe cúraim lasmuigh den Ospidéal

Fíor 1: Príomhréimsí Feidhmíochta na Seirbhísí Cliniciúla

Buaicphointí Feidhmíochta

Rochtain ar Chúram:

- 58,594 atreorú nua le haghaidh seirbhísí measúnaithe agus diagnóiseacha othar cónaithe in 2024
- 18,982 atreorú nua othar seachtrach ar fud na ndisciplíní in 2024
- 187,706 cuairt ó othair chónaithe ar fud an Rannáin, méadú 7.1% ar 2023
- I mí na Nollag 2024, chonacthas 89% d'othair chónaithe nua a atreoraíodh chuig disciplín ar bith laistigh den Roinn laistigh de 24 uair an chloig den atreorú, agus bhí 82% d'othair a bhí ag fanacht le coinne othar seachtrach laistigh den chohórt 0-6 mhí.

Cáilíocht agus Sábháilteacht Othar:

- Cláraíodh 32 Iniúchadh Cliniciúil leisan Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Othar in 2024, agus forbraíodh pleananna feabhsúcháin cáilíochta

ina ndíreofar ar mholtaí a rinneadh ar thuairiscí iniúchóireachta

- Fuair 172 duine scothaosta seirbhísí athshlánúcháin chónaithe in Aonad Athshlánúcháin Iósaf, méadú 18.6% ar 2023
- Ba é 91% an meánchomhlíonadh oiliúna éigeantaí don Rannán ag deireadh 2024%

Comhtháthú:

- Rannpháirtíocht leanúnach i ngrúpaí oibre ildisciplíne ar fud an Rannáin
- In Aibreán 2024 cheiliúir an Rannán an Lá Náisiúnta HSCP. Ba é téama 2024 ‘Gairmithe Sláinte agus Cúraim Sóisialta – Ag Obair i gComhpháirtíocht’
- Seisiúin leanúnacha oideachais idirdhisciplíne i ndisciplíni éagsúla sa Rannán
- Seoladh in 2024 tionscadal cárta JAM “Just a Minute” – acmhainn d’othair a bhfuil bacainní cumarsáide acu chun a mbealach a dhéanamh trí chóras an ospidéil

Aistriú an chúraim go dtí an áit cheart:

- Samhail Seachanta Freastail ar Ospidéal/ seirbhís Pathfinder: In 2024, d’fhan 68% de na hothair a atreoraíodh chuig seirbhís Pathfinder sa bhaile agus fuair siad cóireáil agus atreorú de réir mar ba ghá agus mar sin níor ghá dóibh freastal ar an roinn éigeandála le haghaidh measúnú
- Samhail Seachaint Freastail ar Ospidéal: Fuair 4,968 othair coinne leis an bhFoireann Teiripe Idirghabhála i gcás Laige agus moladh 50.6% díobh a scaoileadh abhaile ón roinn éigean dála.
- Chumasaigh ról ardchleachtóra i dTeiripe Shaothair, Fisiteiripe agus Teiripe Urlabhra agus Teanga 3,634 othar a scaoileadh abhaile ó liostaí feithimh comhairleoirí
- Scaoileadh 88 othar abhaile ón ospidéal tríd an tseirbhís Luath-scaoilte Abhaile Tacaithe don chonair Stróc chun seirbhísí athshlánúcháin a fháil ag an mbaile. Cuireadh 1,205 seisiún teiripe agus tacaíochta ar fáil i dtithe othar agus trí sheirbhís teileasláinte
- Cuireadh tús le seirbhís nua Luath-scaoileadh Abhaile Tacaíocht Ortaipéidice i Lúnasa 2024. D’éascaigh an fhoireann d’Fhisiteiripeoir lánaimseartha agus Teiripeoir Saothair lánaimseartha amháin luath-scaoileadh abhaile i gcás 30 othar fuair seirbhísí athshlánúcháin ag an mbaile ina dhiaidh sin
- D’fhreastail 1,880 othar nua ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta ag Ospidéal Iósaf ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear ullmhúchán diagnóisice, planáil cúraim agus idirghabháil teiripeach

Conclúid

Déanann an Rannán Seirbhísí Cliniciúla iarracht sármhaitheas oibríochtúil a sheachadadh don eagraíocht trí bhealaí nua smaointeoireachta a spreagadh, agus bealaí nua oibre a aimsiú. In 2024, léirigh foireann an

rannáin fuinneamh agus solúbthacht mhór maidir leis an gcúram othar is fearr is féidir a sholáthar i dtimpeallacht atá ag athrú i gcónaí agus a bhíonn dúshlánach go minic.

Fisic Mhíochaine & Innealtóireacht Chliniciúil

Buaicphointí Feidhmíochta 2024

- Comhordú athsholáthar feistí míochaine faoin gClár Náisiúnta Athsholáthair Trealaimh FSS (€5.3 milliún de mhaoiniú iomlán in 2024).
- Bainistíodh scaipeadh mórchuid trealamh nua ar na stiúrthóireachtaí uile.
- Bainistíodh na Leabharlainne Trealaimh Mhíochaine, le níos mó ná 6500 “idirbheart” in 2024.
- Soláthraíodh na ról theicniúla agus eolaíocha seo a leanas:
 - Comhairleoir Cosanta Radaíochta
 - Saineolaithe Fisice Míochaine
 - Comhairleoir Sábháilteachta Léasair
 - Oifigeach Faireachais ar Fheistí Leighis
- D’óstáil MPCE cuairt ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Adamhach maidir le córais bainistíochta dáileog othar. Bhí toscaireacht ón gCróit i láthair.
- Soláthraíodh tacaíocht mhíochaine do bhreise is 8000+ feiste leighis in Ospidéal Beaumont agus Naomh Iósaf.
- Bhíodhas rannpháirteach i bhfoirne ildisciplíne éagsúla trína gcabhraítear le hOspidéal Beaumont creidiúnú JCI a bhaint amach.

Tionscnaimh d’fheabhsú na cáilíochta:

- Fardal trealamh leictir-mhíochaine a fhíorú agus a uasdátú.
- Foirm POQ: Tá sé ríthábhachtach do MPCE sábháilteacht othar in Ospidéal Beaumont amháin. Tá beartas agus gnáthamh nua láidir, éifeachtúil agus comhsheasmhach deartha, forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an Innealtóireacht Chliniciúil, lena gcinntear comhlíonadh rialála agus a sholáthraíonn faisnéis ardcháilíochta maidir le ceannach feistí.

Forbairtí seirbhíse:

- Tá MPCE ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta. Tá córais chumarsáide do Mhol Róbatach tugtha isteach ag Innealtóireacht Chliniciúil
- Trealamh monatóireachta fadtéarmach Natus a thabhairt isteach & a choimisiúnú.
- Bhí ról lárnach ag MPCE ó thaobh obrádlann hibrídeach a threalmhú agus a choimisiúnú
- Éascaíodh tabhairt isteach an chéad chórais athshlánúcháin chuasánaigh réaltachta fíorúla sa tír.
- Tugadh isteach uirlisí planála néara-mháinliachta réaltachta fíorúla don obrádlann

- Seirbhís fisice ultrafhuaimne trínar tacaíodh le clár Dearbhú Cáilíochta SA ar fud an ospidéil
- Seirbhís fisice MRI trínar tacaíodh le hardsábháilteacht MRI agus feidhmeanna amhail pleanáil néaramháinliachta
- Tacaíocht do sholáthar agus do shuiteáil trealamh néaramháinliachta don obrádlann: Dhá cheann de chórais nua néara-treoleanuna agus córas monatóireachta ionobráide
- Dearadh, pleanáil, comhairle sciathaithe, measúnú riosca agus tástáil ghlaethachta i gcás:
 - Córas nua CT sa roinn éigeandála
 - Córas fluarascóipe hibridigh obrádlainne
 - Svuít nua raideolaíochta idirghabhála
 - Trí cinn de chórais x-ghathú digiteach (Réigiún Sláinte an Oirthuaiscirt)
 - Dhá cheann de chórais fluarascópacha móibíleacha x-ghathaithe (Réigiún Sláinte an Oirthuaiscirt)
 - Svuít fluarascópachta idirghabhála ((Réigiún Sláinte an Oirthuaiscirt)
 - Seomra ginearálta x-ghathaithe digitigh ((Réigiún Sláinte an Oirthuaiscirt)
- D'éirigh leis an ospidéal i rannpháirtíocht i gcigireachtaí rialála a rinne an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil agus HIQA agus cinntíodh gur críochnaíodh an próiseas i gcás gach toraidh agus gach molta a rinneadh agus gur comhroinneadh an méid a foghlaimíodh.
 - Cigireacht GCC
 - HIQA ag Ospidéal Naomh Iósaf, Ráth Éanaigh
 - HIQA ag Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir
 - HIQA ag Ospidéal Ginearálta an Chabháin
 - EPA ag Ospidéal Ginearálta Lú
 - HIQA ag Muire Lourdes, Droichead Átha
 - HIQA ag Ospidéal an Rotunda
- Gach dearbhú cáilíochta tugtha chun críche 100%.
- MPCE chun tacú le chórais TF do sheirbhísí náisiúnta néara-mháinliachta agus stróc
- Dhá cheann de chúrsaí sábháilteachta radaíochta a sholáthar le haghaidh Beaumont agus ar fud grúpa iomlán RCSI.
- D'éirigh leis an bhFisiceoir Ceannais stádas mar Chomhairleoir Cosanta Radaíochta a bhaint amach.
- Ballraíocht sna coistí seo a leanas:
 - Grúpa comhairleach VHARMF um shábháilteacht radaíochta
 - Coiste náisiúnta FSS um shábháilteacht radaíochta
- feidhmeannas náisiúnta IAPM agus SIG
- Freastal agus léirithe ó MPCE ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta
 - Cumann Innealtóireachta Bithmhíochaine na hÉireann, gradam na léiritheoirí á bhronnadh
 - Cumann Fisice Míochaine na hÉireann ASM 2024 2x léiriú póstaer
 - Comhdháil Eorpach na Míochaine Fisice, 2 léiriú póstaer ESMRMB 2024 – caint ar cuireadh ar fhisic MRI
 - Freastal ar chúrsaí ultrafhuaimne speisialtóra ceist agus freagra sa RA agus san Ísiltír
 - Freastal ar chúrsa MRI cainníochtúil EFOMP i Milano
- Maoirsiú ar:
 - Triúr mac léinn MSc san Fhisic Míochaine (UCD)
 - Beirt mhac léinn fochéime socrúcháin (DCU & TUD)
- Léachtaí sa Raideolaíocht, Raideografaíocht agus Físic Míochaine do chlár acadúla éagsúla (RCSI, UCD).

An Roinn Cógaisíochta Réamhrá

Tá an Roinn Cógaisíochta freagrach as ceannach, stóráil, dáileadh, soláthar, fodháileadh agus bainistiú cógais ar bhealach sábháilte, éifeachtach agus eacnamaíoch ón mórdhíoltóir go dtí an gairmí cúraim sláinte agus an t-othar, lena n-áirítear athbhreithniú cliniciúil, soláthar faisnéise faoi chógais atá bunaithe ar fhianaise, agus forbairt beartas agus gnáthamh.

Buaicphointí Feidhmíochta 2024

- D'éirigh leis an tairiscint d'uathobriú róbatach sa Roinn Cógaisíochta.
- Ba é bainistíocht na 148 ganntanas leigheasra (i.e. 3 sa tseachtain) ceann de na dúshláin ba mhó d'iarrachtaí soláthar drugaí don ospidéal a choinneáil, le cois líonta laghdaithe cógaiseoirí agus aistriú táirgí trí Chreat Windsor mar thoradh ar chomhaontas an Bhreathneachta.
- Bhuaigh beirt cógaiseoirí dhá cheann de na ceithre ghradam ag comhdháil na micribhitheolaithe comhairleacha (ISCM)



Rannán Seirbhísí Ginearálta

Réamhrá:

Soláthraíonn an Rannán Tacaíochta seo ina bhfuil seacht roinn déag seirbhísí ar fud an Ospidéil.

Tá an Rannán Seirbhísí Ginearálta freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

- Clárú Iontrálacha / Othar (Sa lá)
- An Roinn Lónadóireachta
- An Roinn Séiplíneachta
- Seirbhísí Glantacháin
- Bainistíocht Carrpháirceála
- Leabharlann agus Roinn na dTaifead Cúraim Sláinte
- Seirbhísí Neachtlainne
- Conarthaí iompair lena n-áirítear cúiréirí, tacsaithe agus otharchairr
- Seirbhísí Tacaíochta Príomhoifige – seirbhísí Sheomra an Bhoird agus na gCoistí / Post Cláraithe, Conradh Fuaraitheora Uisce, Conradh Teilifíse
- Seirbhísí Póirtéireachta
- Seirbhísí Poist
- Priontáil agus Dearadh Grafach
- Príomhsheirbhísí Fáiltithe
- Caidreamh le gach úsáideoir seachtrach dár suíomh/ RCSI/MSCP/IKA/ Creis/An tÚdarás Náisiúnta Iompair
- Seirbhísí Slándála lena n-áirítear CCTV agus Rialú Rochtana
- An Roinn Teileafónaíochta
- Bainistíocht Dramhaíola

Seirbhísí Sláintíochta

Clár Monatóireachta Fuaime / Gníomhaíocht / Torthaí / Seisiún Faisnéise

Tá clár iniúchóireachta beartaithe i rith na bliana leis an aidhm iniúchadh a dhéanamh ar gach limistéar barda othar faoi dhó sa bhliain agus ar limistéir othar ardriosca i.e. aonaid dianchúraim, rannóg éigeandála & obrádlanna ceithre huaire sa bhliain. Déanann foirne ildisciplíneacha iniúchtaí faoi dhó sa tseachtain lena n-áirítear ionadaithe ó altranais, cosc

agus rialú ionfhabhtuithe, seirbhísí ginearálta agus an grúpa bainistíochta feidhmiúcháin. Cuidíonn an clár iniúchóireachta seo lenár bhfeidhmíocht a thomhas i gcomhréir leis na caighdeáin agus díríonn sé ar réimsí le feabhsú agus go háirithe ar réimsí a shainaithin an fhoireann um Chosc agus Rialú Ionfhabhtaithe agus Micribhitheolaíocht. Úsáidtear uirlis iniúchóireachta tiomnaithe a ndéanann an grúpa athbhreithniú agus meastóireacht rialta uirthi. Rinneadh athbhreithniú ar an uirlis iniúchóireachta i mí an Mhárta 2024 agus cuireadh i bhfeidhm í i mí Aibreáin. Cuirtear tuarascáil insinte scríofa ar fáil do bhainisteoir na limistéar tar éis gach iniúchóireachta agus ceapadh agus rinneadh athbhreithniú ar ghníomhartha áitiúla riachtanacha chun saincheistean a réiteach.

In 2024 rinneadh 89 iniúchadh i gcomparáid le 88 in 2023. Scóráil 74 de na hiniúchtaí os cionn an sprioc de 90%. I gcomparáid idir scóir ghné an tsláinteachais ó 2024 agus 2023 taispeántar méadú ar gach mír in 2024.

Bainistíocht Dramhaíola

Is é SRCL (Stericycle) na conraitheoirí le haghaidh dramhaíl riosca cúraim sláinte (HCRW) mar chuid de chonradh náisiúnta. Bailítear dramhaíl go laethúil agus dramhaíl speisialta faoi dhó sa tseachtain. Déantar monatóireacht ar mhéideanna chun a chinntiú go mbainistítear bailiúcháin bhreise nuair is gá i gceart bunaithe ar ghníomhaíocht. Déanann Bainistíocht Dramhaíola, mar aon le seirbhísí Sláinteachais agus Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe, athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach ar mhéid na mboscaí dramhaíola HCRW (Buí) i mBardaí/Ranna chun a chinntiú go bhfuil méid cuí boscaí dramhaíola cliniciúla buí i bhfeidhm i gcás ráigeanna tógálacha, agus an méid cuí i gcás nach bhfuil aon ghalar tógalach i láthair, agus chun diúscairt agus leithscaradh ceart dramhaíola a chinntiú de réir bheartas an ospidéil.

Is ag Thornton Recycling atá an conradh le haghaidh dramhaíl neamhríosca cúraim sláinte (HCNRW). Tá méadú mór tagtha ar ghníomhaíocht go háirithe ar

dhramhaíl tógála agus scartála de bharr an mhéadaithe ollmhóir ar thionscadail ar cuireadh tús leo ar fud an champais i rith na bliana. Cuireadh tús le cumarsáid leis na Ranna mar gheall ar mhíreanna a bheith á gcur lena ndíúscairt ar dhorchlaí nó tionscadail a bheith á dtosú ag iarraidh orthu teagmháil a dhéanamh leis an mBainisteoir Dramhaíola nó leis an bPoirtéir traglaim roimh ré.

Gníomhaíocht Sláinteachais / Conclúid Achoimre

Mar achoimre, tacaíonn an Roinn Seirbhísí Ginearálta, mar aon leis na soláthraithe seirbhísí conarthacha, i gcónaí le gach réimse den Ospidéal ó thaobh sláinteachas ginearálta de in 2024. Léirigh na seirbhísí solúbthacht bunaithe ar riachtanais agus gníomhaíocht na seirbhíse. Mhéadaigh costais go suntasach agus déantar monatóireacht ghéar orthu agus déantar athbhreithniú rialta orthu.

An Roinn Taifead Cúraim Sláinte

Príomhtháscairí Feidhmíochta / Gníomhaíocht 2024
Mhéadaigh gníomhaíocht in 2024 i Roinn na dTaifead Cúraim Sláinte i gcomparáid le 2023, agus tháinig méadú 5.37% agus 6.33% faoi seach ar chomhdú agus rianú taifead cúraim sláinte agus méadú 3.4% ar thaifid a eisíodh do bhardaí, máinliacht agus coinní othar seachtrach. Féach ar na graif seo a leanas de thuairiscí gníomhaíochta do 2023/2024:

An tSeirbhís Séiplíneachta

Réamhrá

Tá ról an-tábhachtach ag an roinn séiplíneachta i saol an ospidéil. Feidhmíonn sé ar bhonn idirchreidmheach agus tá foireann ann dá réir. Roinntear na háiseanna séiplíneachta go léir i measc phearsana na n-eaglais creidiúnaithe atá sannta don ospidéal. Is iad sin an Eaglais Chaitliceach Rómhánach, Eaglais na hÉireann, an Eaglais Phreispitéireach agus an Eaglais Mheididisteach. Cuireann seirbhísí teagaisc RCSI mosc ar fáil dóibh siúd atá den chreideamh Moslamach. Tá caidreamh oibre agus lánpháirtíocht iontach le sonrú i measc lucht na gcreideamh éagsúil. Is ospidéal ilchultúrtha agus ilchreidmheach sinn agus tugtar aire do dhaoine de gach creideamh agus do dhaoine nach bhfuil aon chreideamh acu. Moltar d’othair agus do bhaill foirne teagmháil a dhéanamh lenár roinn séiplíneachta ar féidir leo teagmháil a dhéanamh le ceannairí seachtracha ó chreidimh eile nach luaitear thuas.

Cuireann an roinn séiplíneachta seirbhís iomlán cúraim thréadaigh ar fáil a sholáthraíonn ministéireacht

láithreachta trína ndéantar othair agus a dteaghlaigh a thionlacan le linn a gcuid ama san ospidéal. Cuireann an roinn séiplíneachta tacaíocht spioradálta agus mhothúcháinach ar fáil ní hamháin d’othair thar aon rud eile do bhaill foirne ar bhonn ceithre huaire is fiche.


Ministéirí Deonacha na hEocairiste

Chuir Ministéirí Deonacha na hEocairiste tús an athuair lena ministreacht i Nollaig 2024 ó aimsir COVID-19 agus gabhaimid buíochas leo agus tugaimid aitheantas dóibh as a gcuid ama luachmhar a chomhroinnt lenár n-othair.

An Roinn Slándála

Tá an Roinn Slándála freagrach as gach gné den tslándáil ar shuíomh 32 acra an ospidéil, lena n-áirítear an príomhospidéal, na forthithe agus cabáin ghaolmhara, foirgneamh IKA, Clinic Phríobháideach Beaumont, an chreis agus gach carrchlós. Tá an roinn slándála freagrach as na nithe seo a leanas: freagairt d’aláraim dhóiteáin, freagairt d’eachtraí, othair, foireann agus maoin, monatóireacht ar CCTV agus rialú rochtana, freagairt ar aláraim anbhá agus córais oibrithe aonair, gnásanna glasála agus oscailte, patról na dtailte, bainistíocht tráchta agus eochracha.

Tá méadú tagtha ar líon na n-eachtraí slándála trí na tuarascálacha teagmhais slándála i gcomparáid le blianta roimhe sin, mar a léirítear sa ghraf thíos. Bhí baill foirne slándála páirteach i líon suntasach eachtraí tromchúiseacha ar fud an ospidéil, toisc gurb iad baill foirne slándála an chéad phointe teagmhála agus othair a bhfuil iompar dúshlánach acu á mbainistiú.



Tábla 1. Teagmhais slándála 2018-2024

Ó thaobh eachtraíforéigin, ciaptha agus ionsaitheachta i gcoinne baill foirne slándála, thit a líon in 2024 i gcomparáid le 2023. Bhí méadú suntasach ann ó 2023 i gcomparáid le 2022, 2021 agus 2020 toisc gur clúdaíodh paidéim COVID sa tréimhse sin, nuair a laghdaigh an ghníomhaíocht ar fud an ospidéil. Leagtar

amach thíos líon na n-eachtraí tromchúiseacha trí na foirmeacha teagmhais bainistíochta riosca ó 2020 go 2024. Tharla 114 eachtra níos lú in 2024 i gcomparáid le 2023. Bhí 10 n-eachtra intuairiscithe leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HAS) in 2024.

Bliain	Líon na dteagmhais
2020	45
2021	19
2022	67
2023	279
2024	165

Intuairiscithe leis an HSA	
VHA	7
Titim	1
Dóiteán	2
Iomlán	10

Coiste Faireachais an Ospidéil



Ationóladh Coiste Faireachais an Ospidéil i Samhain 2024. Is clár réamhghníomhach um chosc coireachta laistigh de shuíomh ospidéil é Faireachas Ospidéil. Cosúil le Faire Comharsanachta, feidhmíonn sé mar chomhpháirtíocht idir an Garda Síochána, foireann Ospidéal Beaumont, gach othar agus cuairteoir. Tá cruinnithe sceidealaithe do 2025 agus tá dáta seolta le deimhniú.

Oiliúint na Foirne Slándála

Ba é aidhm Ospidéal Beaumont riamh oideachas a chur ar an bhfoireann maidir le bainistiú sábháilte teagmhais ionsaitheachta agus foréigin. Cuireann soláthraí atá lonnaithe in Éirinn, TMR Training Solutions, oiliúint ar fáil do bhaill foirne slándála, agus leanann a gcuid oiliúna agus teicnící go léir samhail GSA. Cuireann TMR oiliúint saincheaptha ar fáil do bhaill foirne atá ag obair sa chúram sláinte maidir le cosc agus bainistiú teiripeach na hionsaitheachta agus an fhoréigin. Soláthraíonn an cúrsa scileanna do ghardaí slándála i dteicnící díghéaraithe, teicnící briste amach, coinneáil shábháilte agus teicnící coinneála sábháilte foirne. D’fhreastail gach garda slándála ar an oiliúint athnuachana a cuireadh ar fáil in 2024. Chuir TMR cúrsa aon lae ar fáil freisin mar thriail do bhaill foirne eile ar fud an ospidéil amhail foireann na roinne éigeandála, cúntóirí cúraim sláinte, agus lucht sláinte agus sábháilteacht féachaint ar chomhlíon na teicnící

díghéaraithe agus briste amach riachtanais bhaill foirne eile ar an líne thosaigh a bhíonn ag déileáil le teagmhais foréigin agus ionsaitheachta.

Roinn na Seirbhísí Póirtéireachta

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) don Roinn Póirtéireachta in Ospidéal Beaumont, nó in aon áis chúram sláinte, riachtanach chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil a thomhas. Seo roinnt PTFanna ábhartha a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar an Roinn Póirtéireachta:

- 1. Ala Freagartha:
- 2. Am Críochnaithe an Taisc:
- 3. Líon na nIarratas:
- 4. Sástacht Othar:
- 5. Táirgiúlacht Foirne:
- 6. Bainistíocht Trealaimh
- 7. Sábháilteacht agus Comhlíonadh:
- 8. Éifeachtúlacht Costas
- 9. Oiliúint agus Forbairt:
- 10. Comhoibriú Idir-rialtasach:

Trí mhonatóireacht a dhéanamh ar na PTFanna seo féadfaidh an Roinn Póirtéireachta réimsí a aithint lena bhfeabhsú, seachadadh na seirbhíse a bhreisiú, agus cabhrú le héifeachtúlacht iomlán Ospidéal Beaumont.

An Roinn Lónadóireachta

Príomhtháscairí Feidhmíochta / Gníomhaíocht 2024 / Buaicphointí Feidhmíochta Buaicphointí Oibríochtúla

- Cuireadh sos ar feadh tréimhse ama leis an lá oibre sínte de shealanna 12 uair an chloig do Chúntóirí Lónadóireachta mar gheall ar leibhéal foirne agus tugadh isteach arís é ina dhiaidh sin le haiseolas dearfach ón bhfoireann agus ónár Ranna Altranais agus Diaitéitice.
- Chonaic tairbhí nach beag ar phost Oifigeach Lónadóireachta/Soláthairtí tiomnaithe trialach a thosaigh i mí an Mhárta 2024 as oifigeach tiomnaithe a bheith freagrach as gach ordú bia/dí a shruthlíniú, as a leanann laghdú ar ró-ordú agus róchaiteachas mar aon le feabhas ar rialachas agus ar chuntasacht.
- Leathnaigh na ceannairí foirne a ról i mBealtaine agus tá siad leabaithe anois go hiomlán san fhoireann bainistíochta agus réamhghníomhach anois ó thaobh feabhsúcháin/caighdeáin oibriúcháin a bhaint amach

- D'fhoilsigh an Roinn Lónadóireachta agus Soláthair tairiscint do chonradh nua maidir le Soláthar Bainistithe Bia, Deochanna agus Nithe Intomhalta Lónadóireachta agus rinne na Ranna Lónadóireachta agus Soláthair obair shuntasach ina leith seo

Trealamh a Athsholáthar agus a Bhainistiú agus Oibreacha Athchóirithe

- I Márta 2024, d'infheistiomar in oigheann nua réasúnta agus athsholáthraíodh oigheann eile i nDeireadh Fómhair
- Tugadh Clár Péinteála sa cheaintín foirne chun críche i Márta 2024
- Tugadh athchóiriú ar an bpríomhchistin, áit nithe potaí agus an urlár taosráin chun críche, ag cur le sábháilteacht, sreabhadh na hoibre, agus glaineacht agus ag cinntiú go gcomhlíontar caighdeáin sláinte agus sábháilteachta.
- Ceannaíodh reoite nua siúl isteach agus suiteáladh é i Meitheamh; ar na tairbhí tá cumas acmhainní stórála níos fearr, feabhas ar chaomhnú táirgí.

- Tugadh faoi fhardal nuashonraithe ar an trealamh ar fad
- Breisiú na tástála ráithiúla PAT ar gach trealamh
- Tar éis próiseas tairisceana le haghaidh Clár nua Cothabhála Coiscteach Pleanáilte maidir le trealamh lónadóireachta, ba é Mulcahys a bhuaigh an conradh agus cuireadh tús le conradh nua i Meán Fómhair 2024
- I Nollaig 2024, cheannaíomar ceithre cinn de dhomhainfhriochtóirí, a chuir go mór lenár n-acmhainn agus le caighdeán na mbianna friochta a riartar.

Seirbhísí d'Othair

Thugamar tosaíocht i gcónaí do cháilíocht agus do shláinteachas na seirbhíse bia d'othair agus d'oibríomar go dlúth lenár gcomhghleacaithe i gCothú agus i nDiaitéitic agus i dTeiripe Urlabhra agus Teanga agus Sláinte & Sábháilteacht.

Rinneamar iniúchtaí ar áiteanna taosráin sna bardaí le cinntiú go ndéantar na caighdeáin chuí a chomhlíonadh agus a choinneáil.



AN ROINN SEIRBHÍSHÍ TEICNIÚLA

Réamhrá

Cuireann an Roinn Seirbhísí Teicniúla (RST) seirbhísí tacaíochta teicniúla, innealtóireachta agus tógála ar fáil don Ospidéal.

Tá foireann RTS ag gabháil do thionscadail bheaga a sholáthar agus tionscadail mórchaipitil a bhainistiú ó thús go céim an dearaidh, ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí, ag bualadh le conraitheoirí, go dtí go mbíonn an tionscadal ullamh le tabhairt ar láimh.

